Tuarascáil an Phríomhchigire

2010-2012

FEABHAS NA FOGHLAMA Á CHUR CHUN CINN

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS
AN CHIGIREACHT

CLÁR

BROLLACH 5

RÉAMHRÁ 7

1. AN COMHTHÉACS INA mBÍMID AG OBAIR: CÓRAS SCOLAÍOCHTA NA hÉIREANN 2010-2012 9

1.1 An comhthéacs a thuiscint 10

1.2 Tháinig méadú ar líon na ndaltaí i scoileanna agus i lárionaid oideachais cé gur fhan líon na múinteoirí mórán mar an gcéanna 10

1.3 Mhéadaigh an caiteachas ar oideachas beagán sa tréimhse agus bhí an caiteachas in aghaidh an dalta ar oideachas luath-óige, oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile os cionn meán an ECFE i 2010 11

1.4 In ainneoin na mbrúnna airgeadais, cuireadh bearta i bhfeidhm chun teagasc agus foghlaim i scoileanna a chosaint 12

1.5 Bhí tionchar ag na bearta airgeadais agus foirne ar scoileanna agus ar lárionaid oideachais 13

1.6 Leanadh agus rinneadh meastóireacht ar an maoiniú agus ar na tacaíochtaí do scoileanna DEIS 13

1.7 B'ionann caiteachas ar acmhainní breise chun tacú le daltaí le riachtanais speisialta oideachais agus thart ar 15% d'ollchaiteachas an oideachais 14

1.8 Tharla athruithe suntasacha ar cheannaireacht agus ar sholáthar foirne i scoileanna 14

1.9 Lean an Roinn ar raon seirbhísí tacaíochta do scoileanna a mhaoiniú cé gur cuireadh srian leis an gcaiteachas ar na seirbhísí seo 15

1.10 Rinneadh infheistíocht shuntasach ar infreastruchtúr scoileanna a mhéadú agus a fheabhsú. 15

1.11 Cuireadh tús le clár athchóirithe uaillmhianach san oideachas sa tréimhse 2011-2012 16

2. ATHCHÓIRIÚ AR AN tSLÍ INA mBÍMID AG OBAIR 19

2.1 Ról na Cigireachta 20

2.2 Foirniú agus eagrú na Cigireachta, 2010-2012 20

2.3 Athchóirithe suntasacha ar obair na Cigireachta, 2010-2012 21

2.4 An plean don athchóiriú: *Ár nAidhm, Ár bPlean 2011-2013* 21

2.5 Cad atá bainte amach go dtí seo san athchóiriú ar obair na Cigireachta? 22

3. CAD A INSÍONN AN CHIGIREACHT DÚINN FAOI BHUNSCOILEANNA? 31

3.1 Bonn na dtorthaí 32

3.2 Cáilíocht na bainistíochta i mbunscoileanna 35

3.3 Cáilíocht na pleanála scoile agus na féinmheastóireachta i mbunscoileanna 42

3.4 Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Bhéarla, sa Ghaeilge agus sa Mhatamaitic i mbunscoileanna 44

3.5 Cáilíocht na tacaíochta do dhaltaí i mbunscoileanna 53

SPOTSHOLAS AR NA PRÓISIS PHLEANÁLA I mBUNSCOILEANNA AGUS IN IAR-BHUNSCOILEANNA DEIS 55

SPOTSHOLAS AR BHUNSCOILEANNA AGUS AR IAR-BHUNSCOILEANNNA GAELTACHTA 2010-2012 57

4. CAD A INSÍONN AN CHIGIREACHT DÚINN FAOI IAR-BHUNSCOILEANNA? 61

4.1 Bonn na dtorthaí 62

4.2 Cáilíocht na bainistíochta agus na ceannaireachta in iar-bhunscoileanna 64

4.3 Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama in iar-bhunscoileanna 75

SPOTSHOLAS AR IONAID ÓGTHEAGMHALTA 2011-2012 88

SPOTSHOLAS AR OIDEACHAS SÓISIALTA, PEARSANTA agus SLÁINTE (OSPS) i mBUNSCOILEANNA AGUS IN IAR-BHUNSCOILEANNA 90

SPOTSHOLAS AR SHOLÁTHAR DO RIACHTANAIS SPEISIALTA OIDEACHAIS IN IAR-BHUNSCOILEANNA 92

5. AG DEIMHNIÚ GO dTARLAÍONN FEABHSÚCHÁN 95

5.1 Scoileanna ag brú feabhsúcháin chun cinn 96

5.2 Cigireachtaí ag tacú le feabhsúcháin 96

5.3 Cigireachtaí leantacha 96

5.4 Scoileanna ina mbíonn mórlaigí 98

5.5 Athbhreithnithe ar obair mhúinteoirí faoi Alt 24 den Acht Oideachais 1998 99

6. GO hACHOMAIR 101

6.1 Réamhrá 102

6.2 Comhthéacs 2010-2012 102

6.3 Ag athchóiriú obair na Cigireachta 103

6.4 Cad a insíonn an chigireacht dúinn faoi bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna agus lárionaid oideachais? 105

6.5 Conclúid 108

Aguisíní 111

Aguisín 1: Forbhreathnú ar an gCigireacht 112

Aguisín 2: Monatóireacht ar Chur i bhFeidhm na Nósanna Imeachta do Chosaint Leanaí 116

Aguisín 3: Foilseacháin na Cigireachta 2010-2012 118

Liosta na dTáblaí:

Tábla 1.1: Líon na nDaltaí Cláraithe (Lánaimseartha) i scoileanna a bhfuil maoiniú acu ón Roinn 10

Tábla 1.2: Líon na Múinteoirí (Coibhéisí Lánaimseartha) i scoileanna a bhfuil maoiniú acu ón Roinn 10

Tábla 1.3: Líon na gCúntóirí Riachtanas Speisialta (Coibhéisí Lánaimseartha) i scoileanna a bhfuil maoiniú acu ón Roinn 11

Tábla 1.4: Cóimheas daltaí le múinteoir i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (gan rolluithe Iar-Ardteistiméireachta san áireamh) 11

Tábla 1.5: Ollchaiteachas reatha ar oideachas, 2010-2012 12

Tábla 1.6: Caiteachas poiblí in aghaidh na bliana ar institiúidí oideachasúla poiblí in aghaidh an dalta (2010) 12

Tábla 2.1: Líon na gcigirí agus na foirne rúnaíochta sa tseirbhís, 2007-2012 20

Tábla 2.2: Achoimre ar chigireachtaí agus ar mheastóireachtaí, 2010-2012 23

Tábla 2.3: Cigireachtaí agus meastóireachtaí i mbunscoileanna, 2010-2012 23

Tábla 2.4: Cigireachtaí agus meastóireachtaí in iar-bhunscoileanna agus i lárionaid oideachais, 2010-2012 24

Tábla 2.5: Gníomhaíochtaí cigireachta eile 25

Tábla 2.6: Riarachán ar thrialacha náisiúnta agus idirnáisiúnta 25

Tábla 2.7: Cigireachtaí ar chursaí don fhorbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí 25

Tábla 3.1: Cigireachtaí ar ábhair aonair/achair churaclaim: MSU 32

Tábla 3.2: Cigireachtaí ar achair churaclaim ar leith: Cigireachtaí Teagmhasacha 32

Tábla 3.3: Contanam na cáilíochta 34

Tábla 3.4: Anailísiú agus tuairisciú ar fhreagairtí tuismitheoirí I mbunscoileanna 34

Tábla 3.5: Anailísiú agus tuairisciú ar fhreagairtí daltaí I mbunscoileanna 35

Tábla 4.1: Contanam na cáilíochta 63

Tábla 4.2: Anailísiú agus tuairisciú ar fhreagairtí tuismitheoirí agus daltaí in iar-bhunscoileanna 63

Tábla 5.1: An dul chun cinn déanta ag bunscoileanna maidir le moltaí i dtuairiscí cigireachta a chur i bhfeidhm mar a measadh i gcigireachtaí a lean ina dhiaidh sin 97

Tábla 5.2: An dul chun cinn déanta ag iar-bhunscoileanna maidir le moltaí i dtuairiscí cigireachta a chur i bhfeidhm mar a measadh i gcigireachtaí a lean ina dhiaidh sin 98

Tábla 5.3: Scoileanna tarchurtha chuig Grúpa Feabhsúcháin Scoile na Roinne sa tréimhse Feabhra 2008 go Nollaig 2012 99

BROLLACH

Is cúis áthais dom Tuarascáil an Phríomhchigire ó Chigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna a chlúdaíonn na blianta 2010-2012 a chur i láthair. Ba thréimhse í seo a bhí thar a bheith dúshlánach agus athraitheach don uile dhuine a bhí gafa le soláthar an oideachais in Éirinn agus le soláthar seirbhísí poiblí. Tá muintir na hÉireann go mór san airdeall, níos mó b'fhéidir ná ag aon am cheana, faoin tábhacht a bhaineann le foghlaim éifeachtach ar scoil do dheiseanna, d'fholláine agus do shástacht na ndaoine óga a bheidh mar shaoránaigh fhásta an lae amáraigh. Dá réir sin, díríonn ár gcuid oibre i scoileanna agus i lárionaid oideachais, agus sa tuarascáil seo, ar cháilíocht na foghlama a tharlaíonn i scoileanna agus i lárionaid oideachais. Déantar cur síos ann ar na príomhthorthaí uainn ar cháilíocht an teagaisc, na foghlama, na ceannaireachta agus na bainistíochta i scoileanna agus i lárionaid oideachais sa tréimhse 2010-2012.

Go minic, is cúis áthais dúinn tuairisciú a dhéanamh ar thorthaí an-dearfacha faoina lán gnéithe d'obair na múinteoirí agus na mball foirne eile i scoileanna agus i lárionaid oideachais. In amanna eile, aithníodh ócáidí ina raibh feabhas suntasach de dhíth ar cháilíocht an tsoláthair do pháistí agus do dhaoine óga. Tá áthas orm an deis seo a bheith agam tréaslú leo siúd uile i bpobail scoileanna a raibh teagmháil againn leo sa tréimhse 2010-2012 i ngeall ar an gcomhoibriú agus, níos tábhachtaí ná sin, i ngeall ar an dtiomantas follasach a léiríonn formhór mór acu don oideachas do dhaoine óga.

Ar ndóigh tá ceachtanna ginearálta le foghlaim a bhaineann ní hamháin le scoileanna aonair ach freisin le dearthóirí curaclaim, le hoideachasóirí múinteoirí agus leo siúd a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta don ghairm, leo siúd atá páirteach in eagraíochtaí bainistíochta, le comhairlí tuismitheoirí ag leibhéil áitiúla agus náisiúnta, le riarthóirí agus le lucht déanta beartas. Tá súil agam go mbeidh an anailís achomair atá ar fáil sa tuarascáil náisiúnta seo úsáideach do scoileanna agus do na daoine aonair agus na heagraíochtaí seo nuair a bhíonn siad i mbun oibre chun an fhoghlaim a fheabhsú i scoileanna agus i lárionaid oideachais.

Harold Hislop
Príomhchigire

RÉAMHRÁ

Feidhm na tuarascála seo

Clúdaíonn an tuarascáil seo an obair a rinne Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS) sna blianta 2010, 2011 agus 2012. Tugtar cuntas ar mhórchuid de na phríomhréimsí oibre againn thar thréimhse na trí bliana mar aon le fáil a chur ar roinnt de na príomhthorthaí ar chaighdeáin sna scoileanna ar a bhfreastalaíonn daltaí bunscoile agus iar-bhunscoile. Tá an tuarascáil dírithe ar cháilíocht an tsoláthair i gcodanna éagsúla den chóras oideachais. Ní chlúdaítear go mion gnéithe eile d'obair na Cigireachta ina dtacaítear le hobair na Roinne ar fhorbairt beartais.

Leagan amach na tuarascála

I gCaibidil 1 déantar athbhreithniú ar roinnt de phríomhghnéithe an chomhthéacs oideachasúil a chuaigh i bhfeidhm ar obair mhúinteoirí agus scoileanna agus ar obair chigirí sa tréimhse lena mbaineann an tuarascáil. Ba thréimhse í seo inar tharla athruithe faoi luas agus ba thréimhse thar a bheith dúshlánach í. Tá sé tábhachtach an comhthéacs seo a thuiscint nuair a bhítear ag teacht ar chonclúidí faoi obair na scoileanna agus faoi fheidhmíocht an chórais oideachais.

I gCaibidil 2 cuirtear eolas ar fáil maidir le ról, foirniú, eagar, struchtúr agus bainistíocht na Cigireachta agus tuairiscítear go príomha ar an raon suntasach athchóirithe a rinneadh ar obair na Cigireachta ó 2010 go 2012 chun an dearbhú cáilíochta do scoileanna na hÉireann a fheabhsú. Tugtar sonraí staitisticiúla freisin ar líon na gcigireachtaí agus na ngníomhaíochtaí meastóireachta eile a rinne cigirí sa tréimhse chéanna.

I gCaibidil 3, a dhíríonn ar bhunscoileanna, agus i gCaibidil 4, a dhíríonn ar iar-bhunscoileanna, tugtar anailís ar na príomhthreochtaí a eascraíonn ó na torthaí ar chigireachtaí i scoileanna agus ó obair mheastóireachta eile a rinne an Chigireacht i gcaitheamh na dtrí bliana.

Téama leanúnach in ár gcuid oibre ná a dheimhniú go dtarlaíonn feabhsuithe i scoileanna agus cuirtear eolas ar fáil i gCaibidil 5 faoi na bearta leantacha agus faoi obair ábhartha eile bainteach leis an ngné seo.

Breactha idir na caibidlí seo, tá roinnt "spotshoilse" curtha ar fáil againn. Gearrchuntais iad seo ar shainréimsí den soláthar sa chóras oideachais: scoileanna DEIS, scoileanna Gaeltachta, soláthar OSPS ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal, soláthar do riachtanais speisialta oideachais in iar-bhunscoileanna agus an soláthar i Lárionaid Oideachais (ionaid Ógtheagmhála).

Tá sé i gceist, nuair a chuirtear le chéile na caibidlí agus na spotshoilse sa tuarascáil, go mbeidh fáil ar achoimre meastóireachta ar éifeachtacht roinnt gnéithe tábhachtacha dár gcóras oideachais.

Cigireacht don fheabhsúchán

Ar a lán beart, bíonn soláthar seirbhíse maith nó an-mhaith ar fáil i scoileanna agus i lárionaid oideachais eile na hÉireann d'fhoghlaimeoirí agus dá dtuismitheoirí. Bíonn leibhéal rochtana ar leith ag cigirí chuig scoileanna, múinteoirí agus foghlaimeoirí agus, go hádhúil, bíonn ar a gcumas a lán dea-chleachtas a fheiceáil agus a dhearbhú i scoileanna na hÉireann. Tugann tuairiscí cigireachta ar scoileanna aonair, mar aon leis an tuarascáil náisiúnta seo, le fios gur léir do chigirí dea-chleachtas i dtromlach na scoileanna agus na seomraí ranga tríd an gcóras scolaíochta agus go bhfuil tuismitheoirí, ar an iomlán, ag léiriú ardleibhéil shástachta le foghlaim a bpáistí i scoileanna.

Ar ndóigh, ceann de phríomhchuspóirí na Cigireachta ná feabhsúchán a spreagadh mar, do roinnt foghlaimeoirí, ní chuireann an córas oideachais ar a gcumas an leibhéal eolais agus scileanna a bhaint amach a bhíonn á éileamh againn don uile dhuine óg agus fásta. Mar aon leis sin, bíonn éabhlóidiú gan staonadh ag teacht ar riachtanais fhoghlaimeoirí an lae inniu agus ar riachtanais shaoránaigh an lae amáraigh agus ní mór dúinn sinn féin a dhúshlánú go minic maidir leis na caighdeáin a bhíonn mar ionchais againn do dhaoine óga sa chóras oideachais. Ceistíonn scoileanna maithe agus lárionaid eile don oideachas iad féin go rialta, mar a dhéanann gach eagraíocht éifeachtach, faoi cé chomh maith agus atá ag éirí leo agus conas mar is féidir leo feabhsú. Ó am go ham, bíonn sé tábhachtach freisin dearcadh seachtrach a fháil ar cháilíocht an tsoláthair, agus sin é an ról uathúil a bhíonn á chomhlíonadh ag an gcigireacht. Tagaimid ar roinnt scoileanna nach mbíonn ceannaireacht mhaith ar fáil iontu do phobal na scoile agus roinnt seomraí ranga ina mbíonn gá le feabhsuithe ar chleachtas múinteoirí. Anois is arís, tagaimid ar scoileanna ina mbíonn mór-ábhair imní orainn faoi cháilíocht foghlama na bpáistí.

Dá réir sin, mar aon leis an dea-chleachtas atá go han-fhorleathan i scoileanna agus sa chóras oideachais a dhearbhú, tá fáil sa tuarascáil seo (agus i dtuairiscí aonair ar scoileanna) ar mholtaí don fheabhsúchán. Tá súil againn go gcuirfidh na meastóireachtaí a dhéanaimid i scoileanna aonair, mar aon lenár dtuairisciú ar threochtaí náisiúnta i dtuarascálacha cosúil leis an gceann seo, ar ár gcumas uile sa chóras oideachais tógáil ar a bhfuil go maith inár gcóras agus dul i ngleic leis na laigí sa soláthar oideachais dár ndaoine óga. Ní thuilleann siad aon phioc níos lú ná sin.

Caibidil 1

AN COMHTHÉACS INA mBÍMID AG OBAIR: CÓRAS SCOLAÍOCHTA NA hÉIREANN 2010-2012

1.1 An comhthéacs a thuiscint

Caithfidh cigireacht ar scoileanna nó ar aon seirbhís eile aird a thabhairt ar an gcomhthéacs ina bhfeidhmíonn siad. Go deimhin, tá sé mar phríomhthiomantas ag an gCigirearacht go ndéantar aird a thabhairt ar na réaltachtaí ina bhfeidhmíonn múinteoirí agus scoileanna ach, ag an am céanna, go ndéantar caighdeáin cháilíochta a aithint ar féidir le gach scoil iad a bheith mar thoilmhian acu. Eascraíonn na torthaí atá á gcur i láthair againn sa tuarascáil seo ó obair chigireachta agus mheastóireachta a tharla i gcóras scolaíochta na hÉireann sa tréimhse 2010-2012, agus dá réir déanann an chaibidil thosaigh seo athbhreithniú ar roinnt gnéithe den chomhthéacs oideachasúil sin a chuaigh i bhfeidhm ar obair mhúinteoirí agus scoileanna agus ar obair chigirí.

Tréimhse athraitheach dhúshlánach a bhí sa tréimhse 2010 go 2012 dóibh siúd a raibh baint acu le soláthar, le ceannaireacht agus le dearbhú cáilíochta an oideachais i scoileanna agus i lárionaid oideachais. D'eascair na hathruithe agus na dúshláin seo ón mboilsciú ar líon na ndaltaí, ón ngéarchéim airgeadais ina raibh Éire le linn na tréimhse agus ón ngá a bhí ann dul i ngleic le roinnt ábhar imní faoi cháilíocht an oideachais a bhí á sholáthar i scoileanna na hÉireann. Bhí tionchar ag na tosca seo uile ar an dtimpeallacht ina raibh obair na scoileanna agus na Cigireachta ag tarlú.

1.2 Tháinig méadú ar líon na ndaltaí i scoileanna agus i lárionaid oideachais cé gur fhan líon na múinteoirí mórán mar an gcéanna

Le linn na tréimhse 2010-2012, tháinig méadú níos tapúla ná mar a raibh súil leis ar líon na bhfoghlaimeoirí i scoileanna agus i lárionaid oideachais eile. Léiríonn na staitisticí atá ar fáil gur tháinig méadú os cionn 27,500 (5.5%) ar líon na ndaltaí i mbunscoileanna sna ceithre bliana scoile go 2012/13 chuig 526,000. Cláraíodh díreach os cionn 21,500 dalta breise sna hiar-bhunscoileanna sa tréimhse chéanna rud a chuir móriomlán na bhfigiúirí os cionn 362,000 (féach Tábla 1.1). Is léir, ón eolas daonáirimh atá ar fáil agus ón anailís a rinne Rannán Staitisticí na Roinne le déanaí, go leanfaidh an méadú ar líon na ndaltaí go ceann roinnt mhaith blianta[1].

Tábla 1.1
Líon na nDaltaí Cláraithe (Lánaimseartha) i scoileanna a bhfuil maoiniú acu ón Roinn

Bliain	Bunleibhéal	Iar-Bhunleibhéal
2009/2010	498,914	341,312
2010/2011	509,652	356,107
2011/2012	516,460	359,047
2012/2013	526,422	362,847

Tábla 1.2
Líon na Múinteoirí (Coibhéisí Lán-Aimseartha) I scolieanna a bhfuil maoiniú acu ón Roinn

Bliain	Bunleibhéal	Iar-Bhunleibhéal
2009/2010 (Meitheamh 2010)	31,709	25,801
2010/2011 (Meitheamh 2011)	32,489	26,185
2011/2012 (Meitheamh 2012)	31,928	25,808
2012/2013 (Meitheamh 2013)	32,175	25,374

1 Rannán Staitisticí na Roinne Oideachais agus Scileanna, *Teilgin don Chlárú Lánaimseartha – Bunleibhéal agus Iar-Bhunleibhéal, 2013-2031* (Baile Átha Cliath, ROS, 2013).

Sa tréimhse chéanna, mar a léiríonn Tábla 1.2, mhéadaigh líon coibhéisí lánaimseartha na múinteoirí beagán i mbunscoileanna, i scoileanna speisialta agus in iar-bhunscoileanna ó 57,510 go 57,736. Tharla an méadú beag seo san iomlán i gcomhthéacs inar tharla laghduithe ar líon na múinteoirí a bhí ag freastal ar dhaltaí a bhí ag foghlaim Béarla mar theanga bhreise agus méadú ar an gcóimheas daltaí le múinteoir do cheapachán múinteora. Bhí líon na gcúntóirí riachtanas speisialta (CRS) a bhí fostaithe i scoileanna ardaithe go 10,543 i 2010, laghdaithe go 10,117 i 2011 agus méadaithe beagán i 2012 go 10,390 (féach Tábla 1.3). Cuireadh srian ar cheapacháin CRS i mbuiséad 2012).

Tábla 1.3
Líon na gCúntóirí Riachtanas Speisialta (Coibhéisí Lánaimseartha) i scoileanna a bhfuil maoiniú acu ón Roinn

Bliain	Bunleibhéal	Iar-Bhunleibhéal
2009/2010 (Meitheamh 2010)	8,401	2,142
2010/2011 (Meitheamh 2011)	8,165	1,952
2011/2012 (Meitheamh 2012)	8,361	2,029

Tábla 1.4
Cóimheas daltaí le múinteoir i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (gan rolluithe Iar-Ardteistiméireachta san áireamh)

Bliain	Bunleibhéal	Iar-Bhunleibhéal
2009/2010	16.0	13.6
2010/2011	15.7	13.6
2011/2012	16.2	13.9
2012/2013	16.4	14.3

Chuaigh méadú na rolluithe sna bunscoileanna agus sna hiarbhunscoileanna (Tábla 1.1) mar aon leis na bearta buiséadacha a raibh sé mar thoradh orthu gur tharla méadú beag ar líon na múinteoirí ag an mbunleibhéal agus laghdú beag san iomlán ar líon na múinteoirí ag an iar-bhunleibhéal (Tábla 1.2) i bhfeidhm ar an gcóimheas daltaí le múinteoir ag an dá leibhéal. Mar a léiríonn Tábla 1.4, mhéadaigh an cóimheas daltaí le múinteoir (líon na ndaltaí roinnte ar líon na múinteoirí ranga agus múinteoirí tacaíochta) i mbunscoileanna ó 15.7 i 2010/11 go 16.4 i 2012/13 agus in iar-bhunscoileanna ó 13.6 i 2010/11 go 14.3 i 2012/13[2].

Bhí léiriú le fáil freisin ar an tionchar a bhí ag méadú sna rolluithe le líon na múinteoirí sách seasta ar an meánmhéid ranga i mbunscoileanna a mhéadaigh ó 24.3 i 2010/11 go 24.8 i 2012/13. (Tá sé deacair uimhir don mheánmhéid ranga sna hiar-bhunscoileanna a áireamh toisc go dtagann éagsúlachtaí móra ar líon na ndaltaí ó ábhar go hábhar ag brath ar an líon daltaí a roghnaíonn gach ábhar ar leith agus gach leibhéal siollabais ar leith.)

1.3 Mhéadaigh an caiteachas ar oideachas beagán sa tréimhse agus bhí an caiteachas in aghaidh an dalta ar oideachas luath-óige, oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile os cionn meán an ECFE i 2010

Bhí sé dosheachanta go mbeadh tionchar ag gá an Rialtais srian a chur ar chaiteachas poiblí i ngeall ar ghéarchéim airgeadais na tíre ar obair scoileanna agus lárionaid oideachais agus ar obair na Cigireachta sa tréimhse 2010 go 2012.

2 Déantar an cóimheas daltaí le múinteoir ag an mbunleibhéal a áireamh trí mhóriomlán na rolluithe sna bunscoileanna go léir ar 30 Meán Fómhair in aon bhliain ar leith a roinnt ar líon na bpost teagaisc (múinteoirí ranga agus múinteoirí tacaíochta) i mí an Mheithimh na bliana ina dhiaidh sin. Ag an iar-bhunleibhéal, déantar cóimheas daltaí le múinteoir a áireamh trí líon na rolluithe lánaimseartha sna hiar-bhunscoileanna go léir ar 30 Meán Fómhair in aon bhliain acadúil ar leith a roinnt ar líon na gcóibhéisí lán-aimseartha (múinteoirí lán-aimseartha agus múinteoirí tacaíochta) sa bhliain chéanna.

Mhothaigh scoileanna, agus an córas oideachais trí chéile, mórbhrúnna airgeadais sa tréimhse 2010-2012, ach mar sin féin d'ardaigh an caiteachas reatha ar oideachas ag an mbun agus ag an iar-bhunleibhéal beagán le linn na tréimhse seo mar atá le feiceáil i dTábla 1.5. Tharla an méadú measartha seo i gcomhthéacs inar tharla dianlaghduithe i ngnéithe eile de chaiteachas an Rialtais. Mar sin féin, caithfear breathnú ar an méadú sa chaiteachas oideachais taobh leis an méadú tapaidh ar líon na ndaltaí agus ar na héilimh bhreise ar acmhainní chun freastal ar sholáthar riachtanais speisialta. Go deimhin, baineadh amach mórchoigiltis in earnáil an oideachais mar thoradh ar laghduithe i dtuarastail mhúinteoirí agus oibrithe eile sa chóras oideachais, mar aon leis an neamh-athsholáthar ar liúntais a ceadaíodh cheana do mhúinteoirí le poist lárbhainistíochta i scoileanna.

Tábla 1.5
Ollchaiteas reatha ar oideachas, 2010-2012

Bliain	Bunleibhéal	Iar-Bhunleibhéal
2010	€3.218b	€3.070b
2011	€3.259b	€3.137b
2012	€3.263b	€3.147b

Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin gur tháinig méadú go tapaidh ar chaiteachas oideachais sa tréimhse roimh 2010. Léiríonn figiúirí comparáideacha a d'fhoilsigh an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) gur tháinig méadú 44% ar iomlán caiteachas poiblí agus príobháideach an oideachais in Éirinn idir 2005 agus 2010 do gach leibhéal oideachais faoi bhun Ardoideachas (i gcomparáid le meánmhéadú 13% thar thíortha ECFE).[3] D'fhreagair na méaduithe seo do shuíomh stairiúil ina raibh caiteachas na hÉireann ar oideachas mar chéatadán den Olltáirgeacht Intíre (OTI) faoi bhun an mheáin do thíortha ECFE. Mar shampla, bhí caiteachas na hÉireann ar an oideachas ag 5.6% den OTI i 2008 ach tá méadú air sin go 6.4% den OTI i 2010, i gcomparáid le 6.3% den OTI mar mheán ECFE.

Chiallaigh an fás seo ar chaiteachas go raibh, faoi 2010, an caiteachas poiblí bliantúil ar luath-oideachas, bunoideachas agus iar-bhunoideachas do gach dalta in Éirinn os cionn mheán an ECFE mar atá le feiceáil i dTábla 1.6.

Tábla 1.6
Caiteachas poiblí in aghaidh na bliana ar institiúidí oideachais poiblí de réir gach dalta (2010)
Léirithe mar choibhéis US$ tiontaithe ag baint úsáide as paireacht cumhacht cheannaigh OTI

	Oideachas réamh-bhunscoile	Oideachas bunscoile	Oideachas iar-bhunscoile, neamhthreasach
Éire	6,121	8,384	11,380
Meán ECFE	5,643	7,974	9,014
Rangú san ECFE	10ú as 29	8ú as 33	8ú as 33

Foinse: ECFE, Education at a Glance, 2013

1.4 In ainneoin na mbrúnna airgeadais, cuireadh bearta i bhfeidhm chun teagasc agus foghlaim i scoileanna a chosaint

Cé gur chuir an Rialtas géarchiorrúcháin i bhfeidhm ar chaiteachas poiblí, bhí bearta ann chun soláthar an teagaisc agus na foghlama i scoileanna a chosaint. Fágadh folúntais do mhúinteoirí lasmuigh den

3 Féach: Rannán Statisticí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta *Education at a Glance 2013: ECFE Indicators – A Country Profile for Ireland* (Dublin, DES, 2013).

mhoratóir ar earcú sa tseirbhís phoiblí a thug an Rialtas isteach i Márta 2009. Chiallaigh sé seo gur leanadh le folúntais do mhúinteoirí agus folúntais do phríomhoidí agus do leas-phríomhoidí ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal a líonadh de réir na dtairseach rolluithe (sceidil foirnithe) nuair a tharla siad i scoileanna. Rinneadh an caiteachas ar phlean gníomhaíochta na Roinne don chuimsiú oideachasúil (Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh - DEIS) a chaomhnú.

1.5 Bhí tionchar ag na bearta airgeadais agus foirne ar scoileanna agus ar lárionaid oideachais

Ar ndóigh, ní raibh scoileanna saor ó thionchar an chiorrúcháin ar chaiteachas poiblí. I 2011, tháinig laghdú 5% ar na deontais chaipitíochta a íoctar le scoileanna chun costais reatha scoileanna a mhaoiniú ó lá go lá (teas, solas, cothabháil, árachas, acmhainní teagaisc a cheannach agus a leithéid) i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna agus tháinig laghdú breise 2% i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna i 2012.

Ag an mbunleibhéal, méadaíodh na tairseacha rolluithe do cheapacháin múinteoirí (sceidil foirnithe) aon phointe (dalta) amháin sa scoilbhliain 2009/10 agus cuireadh deireadh leis an sceideal foirnithe buntáisteach a bhain le gaelscoileanna. I ndiaidh an athraithe seo, lean an sceideal foirnithe ginearálta d'fhormhór na mbunscoileanna gan athrú sa tréimhse 2010-12. Mar sin féin, tháinig laghdú áirithe ar na buntáistí a bhí ag scoileanna beaga (ó na huimhreacha daltaí níos ísle a raibh gá leo do cheapachán múinteoirí i scoileanna ceithre oide nó níos lú): ó Mheán Fómhair 2012, tosaíodh ar mhéadú céimnithe trí bliana a thabhairt isteach don líon daltaí is gá do cheapachán múinteora i scoileanna beaga. Ag an iar-bhunleibhéal athraíodh an cóimheas daltaí le múinteoir ó 18:1 go 19:1 sa scéim saoroideachais ó Mheán Fómhair 2009. Ó Mheán Fómhair 2012, áiríodh na treoirchomhairleoirí, a raibh leithdháileadh orthu lasmuigh den chuóta in iar-bhunscoileanna (i.e. mar aon le gnáth-leithdháileadh foirne ar an scoil) laistigh anois de leithdháileadh na múinteoirí ar an scoil. Chiallaigh na hathruithe seo go raibh ar iar-bhunscoileanna feidhmiú laistigh de leithdháileadh foirne níos cúinge agus bhí fianaise dá réir go raibh cúngú ar an raon ábhar a bhí ar chumas scoileanna a ofráil.

Bhí tionchar níos mó fós ag moratóir na seirbhíse poiblí ar phoist le cúraimí breise cosúil le poist phríomhoidí cúnta agus múinteoirí le dualgais speisialta. Nuair a chuaigh múinteoirí le poist dá leithéid ar scor, níor líonadh na folúntais a d'eascair. Bhí an-éagsúlachtaí sa tslí ina ndeachaigh sé seo i bhfeidhm ar scoileanna. I roinnt scoileanna tharla laghdú suntasach ar an bhfoireann lárbhainistíochta; i scoileanna eile, ba bheag folúntas a d'eascair agus ní dheachaigh rudaí i gcion go mór ar an lárbhainistíocht. Toisc gur mó go mór formhór na n-iar-bhunscoileanna ná na bunscoileanna, bhí an tionchar ag cailliúint na bpost lárbhainistíochta níos déine ag an leibhéal seo. I mí na Nollag 2010, thug an Roinn Oideachais agus Scileanna faomhadh do 97 post le cúramaí breise i 76 scoileanna a raibh tionchar díréireach ag imeacht mhúinteoirí lárbhainstíochta orthu. Tugadh faomhadh do 75 post eile i 50 scoil i mí na Nollag 2011.

1.6 Leanadh agus rinneadh athbhreithniú ar an maoiniú agus ar na tacaíochtaí do scoileanna DEIS

Leanadh le plean gníomhaíochta na Roinne don chuimsiú oideachasúil, Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh (DEIS), a chur i bhfeidhm sa tréimhse lena mbaineann an tuarascáil seo. Leanadh le maoiniú breise, acmhainní breise agus rochtain ar roinnt tionscnamh agus straitéisí ar nós Clár Críochnaithe Scoile, Scéim Theagmhála Baile, Scoile agus an Phobail, *Breith ar an Léitheoireacht, Na Chéad Chéimeanna, Breith ar an Matamaitic*, agus *Ready, Set, Go Maths* a sholáthar do scoileanna. Rinneadh measúnú ar thionchar an phlean ghníomhaíochta DEIS in dhá mheastóireacht: ceann amháin a rinne an

Foras Taighde ar Oideachas (FTO) i mbunscoileanna agus ceann eile a rinne an Chigireacht i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon. Foilsíodh torthaí na meastóireachtaí seo idir 2010 agus 2012.

Léiríonn torthaí na Cigireachta agus an FTO mórthionchair dhearfacha bainteach le próiseas pleanála DEIS ag an mbunleibhéal. Ní raibh torthaí na cigireachta ag an dara leibhéal chomh dearfach (féach Spotsholas ar DEIS). Tá fócas athnuaite sa chlár DEIS anois ar nasc a chruthú idir ionchuir agus torthaí agus ar phleanáil scoile feabhsaithe. Foilseofar torthaí meastóireachta eile nuair a bhíonn siad ar fáil.

1.7 B'ionann caiteachas ar acmhainní breise chun tacú le daltaí le riachtanais speisialta oideachais agus thart ar 15% d'ollchaiteachas an oideachais

Tá a lán scoileanna a leanann le riachtanais an phobail a shásamh trí dhaltaí le raon leathan riachtanas speisialta a chuimsiú. Faoi 2012 bhí léiriú air seo ar fáil sa mhéadú suntasach ar éileamh do thacaíochtaí breise. Taispeánann staitistic ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta gur mhéadaigh móriomlán na ndaltaí le riachtanais oideachais íosmhinicíochta i scoileanna príomhshrutha ó timpeall 24,000 i 2010 go timpeall 29,000 i 2012. Sa tréimhse chéanna, mhéadaigh líon na ranganna speisialta ceangailte le scoileanna príomhshrutha ó 516 i 2010 go 628 i 2012. Mhéadaigh soláthar na dtacaíochtaí do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais ó €1.2 billiún i 2010 go €1.3 billiún i 2012, méadú gur ionann é agus méadú ó 14% go 15% de bhuiséad iomlán na Roinne.

I 2012, leasaíodh an tSamhail Leithdháilte Ginearálta (GAM)[4] agus tacaíocht teanga a chur le chéile in aon leithdháileadh simplithe do na bunscoileanna go léir. Tugadh leithdháileadh simplithe isteach sna hiar-bhunscoileanna freisin chun éascú a dhéanamh ar an tacaíocht foghlama agus an tacaíocht teanga a bhí á gcomhtháthú. Chun tacú leis na hathruithe seo, bhí scoileanna a raibh ardtiúis daltaí den lucht taistil nó daltaí a raibh tacaíocht teanga de dhíth orthu ábalta tacaíocht bhreise a éileamh. Tá daltaí an lucht taistil a raibh tacaíocht cheana acu ó phoist na Múinteoirí Acmhainne do Thaistealaithe (MAT/RTT) mar chuid anois den phobal daltaí a bhaineann leis an tSamhail Leithdháilte Ginearálta (SLG/GAM) don dáileadh, agus déantar soláthar orthu faoi SLG. Cuireadh poist mhaolaithe ar fáil freisin do scoileanna a raibh a lán daltaí den lucht taistil acu le tacaíocht cheana ó phoist MAT, agus cuireadh poist mhaolaithe ar fáil chomh maith do scoileanna le líon mór daltaí a raibh tacaíocht cheana acu ó phoist tacaíochta teanga.

I 2012, cláraíodh thart ar 7,094 daltaí ag aois bunscoile nó iar-bhunscoile sna 119 scoileanna speisialta in Éirinn do dhaltaí le riachtanais speisialta míchumas agus fostaíodh 1,177 múinteoirí sna scoileanna sin.

1.8 Tharla athruithe suntasacha ar cheannaireacht agus ar sholáthar foirne i scoileanna

Tharla athrú suntasach ar na foirne a bhí fostaithe i scoileanna sa tréimhse 2010-2012. Chuaigh líon mór múinteoirí le taithí, agus príomhoidí, ar scor ó scoileanna i bhFeabhra 2012 nó i Meitheamh 2012 faoin scéim dhul ar scor a cuireadh i bhfeidhm trasna na seirbhíse poiblí. Chiallaigh an chailliúint, idir Eanáir agus Nollaig 2012, ar chéatadán níos airde ná mar is gnáth de bhaill foirne le taithí, go raibh 6% dóibh siúd uile a d'éirigh as ó mheánscoileanna deonacha agus ó scoileanna pobail is cuimsitheacha ag leibhéal an phríomhoide, agus go raibh 28% dóibh siúd a d'imigh ar scoil ó bhunscoileanna ag leibhéal an phríomhoide. Mhéadaigh an t-athrú seo ar cheannairí scoile gá don fhorbairt ghairmiúil dírithe ar phríomhoidí agus ar leas-phríomhoidí nuacheaptha. Sásaíodh an gá i bpáirt ón obair ag Misneach agus

4 Tugann Samhail an Leithdháileadh Ginearálta (SLG/GAM)tacaíocht do dhaltaí le riachtanais íosmhinicíochta gan gá a bheith ag na scoileanna iarratas a dhéanamh ar thacaíochtaí teagaisc aonair

Tánaiste, a bhíonn á reachtáil ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), agus ó obair na líonraí gairmiúla do cheannairí scoile a mbíonn tacaíocht acu ón Roinn (Líonra Príomhoidí Éireann agus, ag an dara leibhéal, An Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha).

Chruthaigh imeacht na mball foirne le taithí a lán folúntas do mhúinteoirí nuacháilithe. Ba léir é seo, mar shampla, sa líon ard múinteoirí nuacháilithe ag an mbunleibhéal (os cionn 2,200 i ngach ceann de na blianta 2010, 2011 agus 2012) a ndearna an Chigireacht meastóireacht ar a gcuid oibre mar chuid de phróiseas na Comhairle Múinteoireachta ar mhúinteoirí ar promhadh a chlárú. Chun costais tuarastal a laghdú, cuireadh gach múinteoirí a ceapadh don chéad uair ó Eanáir 2011 ar scála tuarastail a bhí 10% níos ísle ná an scála do mhúinteoirí a ceapadh roimh an dáta sin.

1.9 Lean an Roinn ar raon seirbhísí tacaíochta do scoileanna a mhaoiniú cé gur cuireadh srian leis an gcaiteachas ar na seirbhísí seo

Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna maoiniú ar raon seirbhísí tacaíochta a sholáthraigh cúrsaí sa bhforbairt ghairmiúil mar aon le tacaíochtaí gairmiúla eile do cheannairí agus do mhúinteoirí scoile. Tharla, áfach, i ngeall ar an ngá a bhí ag an Roinn srian a chur ar chaiteachas laistigh de na hacmhainní a bhí ar fáil, go raibh an méid tacaíochta a bhí ar fáil níos lú ná mar a bhí ar fáil i mblianta roimhe sin.

Sa tréimhse 2010-2012, chlúdaigh obair na seirbhísí tacaíochta seo tionscnaimh dírithe ar chleachtas agus ar chaighdeáin a fheabhsú sa litearthacht, san uimhearthacht, sa teagasc agus sa bhfoghlaim i scoileanna DEIS, agus sa soláthar don oideachas speisialta ar a n-áirítear tacaíocht speisialithe do mhúinteoirí i roinnt ionad do pháistí le huathachas a raibh próiseas idir lámha acu chun aitheantas a fháil mar bhunscoil. Cuireadh tacaíochtaí ar fáil freisin do mhúinteoirí agus do scoileanna chun siollabais nua ar nós Project Maths agus ábhair theicneolaíochta ag an dara leibhéal a chur i bhfeidhm, mar aon le ceantair thosaíochta ar nós bearta scoileanna do chosaint leanaí, Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus Oideachas Caidreamh agus Gnéasachta (OCG). Cuireadh roinnt oiliúna ar fáil freisin do bhaill boird bhainistíochta agus do phríomhoidí agus leas-phríomhoidí scoileanna. Chuir na seirbhísí tacaíochta sainchomhairle ar fáil freisin do líon beag scoileanna inar aithníodh le linn cigireachtaí go raibh mórlaigí acu sa teagasc, sa bhfoghlaim nó sa bhainistíocht.

1.10 Rinneadh infheistíocht shuntasach ar infreastruchtúr scoileanna a mhéadú agus a fheabhsú.

Leanadh le hinfheistíocht shuntasach a dhéanamh sa tréimhse 2010 go 2012 ar infreastruchtúr scoileanna a mhéadú agus a fheabhsú ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal. Ba é móriomlán na hinfheistíochta caipitiúla ar infreastruchtúr scoile le linn na tréimhse ná €1.327 billiún. Críochnaíodh 133 tionscnamh foirgníochta ar mhórscála sa tréimhse. Mar aon leis sin, críochnaíodh 807 tionscnamh deabhlóidithe do bhuanchóiríocht scoile agus tugadh faoi 3,960 tionscnamh deabhlóidithe do mhionoibreacha, ar a n-áirítear oibreacha éigeandála agus samhraidh. Mar aon le freastal ar an méadú déamagrafach, bíonn clár tógála na Roinne dírithe ar cháilíocht na dtimpeallachtaí foghlama a mhéadú. Bhí béim ar cháilíocht leanúnach na bhfeabhsuithe le caighdeáin deartha, cáipéisí don treoir theicniúil a fhorbairt go leanúnach, taighde ar dhearthaí, meastóireachtaí iar-áitíochta agus nuálaíochtaí sna héifeachtaí d'fhuinnimh foirgneamh.

1.11 Cuireadh tús le clár athchóirithe uaillmhianach san oideachas sa tréimhse 2011-2012

Chuaigh clár athchóirithe forleathan agus uaillmhianach a thosaigh i 2011 agus a raibh tionchar aige ar a lán gnéithe den chóras oideachais i bhfeidhm ar obair scoileanna agus na Cigireachta. Bhí cur síos ar roinnt d'eilimintí suntasacha an chláir athchóirithe sin i *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: an Straitéis Náisiúnta don Litearthacht agus don Uimhearthacht 2011-2020* a sheol an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn in Iúil 2011. Rinneadh an straitéis seo a fhorbairt trí dhianphlé le páirtnéirí an oideachais, réimsí gnó, grúpaí pobail agus eile. Thóg sé san áireamh freisin an fhianaise ó thuarascáil an Chláir Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí 2009 (PISA 2009) mar aon le torthaí ó thuairiscí na Cigireachta agus ó fhoinsí eile a thug le fios go raibh gá teagasc na litearthachta agus na huimhearthachta a láidriú.

I staidéar PISA 2009 ag an ECFE, a foilsíodh i mí na Nollag 2010, cuireadh torthaí tromchúiseacha i láthair ar leibhéil ghnóthachtála sa litearthacht agus san uimhearthacht i measc daltaí 15 bliana d'aois in Éirinn a léirigh go raibh titim shuntasach tarlaithe sa tréimhse 2000-2009. Rinne taighde neamhspleách ar thorthaí PISA, a rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna a choimisiniú ó Statistics Canada agus ón bhForas Taighde Ar Oideachas Droim Conrach, raon tosca a aithint go mb'fhéidir gur iad a ba chúis leis an meath dealramhach i ngnóthachtálacha daltaí. Ina measc seo bhí an pháirtíocht bhreise ag daltaí le riachtanais speisialta agus ag daltaí a bhí ag foghlaim Béarla mar theanga breise i scoileanna agus i ranganna príomhshrutha thar thréimhse 2000-09, mar aon le heaspa rannpháirtíochta na ndaltaí le hábhair na dtrialacha i 2009. Léirigh an taighde neamhspleách seo freisin, cé go mb'fhéidir gur tharla titim i ngnóthachtáil na ndaltaí, gur dócha go raibh méid na titime áibhlithe go mór ag an modheolaíocht a úsáideadh nuair a bhí sonraí treochtaí na léitheoireachta an ECFE á dhearadh.[5]

Níos luaithe i 2010, d'fhoilsigh an Chigireacht *Torthaí na Cigireachta Teagmhasaí 2010: Tuairisc ar Theagasc agus ar Fhoghlaim an Bhéarla agus na Matamaitice i mBunscoileanna*.[6] Léirigh an tuarascáil seo gur léir do chigirí sa tréimhse dhá mhí déag ó Dheireadh Fómhair 2009 go Deireadh Fómhair 2010 dea-chleachtas i dteagasc an Bhéarla agus na matamaitice i nach mór 85% de cheachtanna ach gur léir 14% dá leithéid de cheachtanna a bheith níos lú ná sásúil.

I ngeall ar na hábhair imní faoin litearthacht agus faoin uimhearthacht, chuir an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta a sheol an tAire Oideachais agus Scileanna tús le leasuithe fadréimseacha agus comhtháite in oideachas múinteoirí, ábhar curaclaim, measúnú agus tuairisciú ar dhul chun cinn daltaí, agus polasaithe don mheastóireacht agus don mheasúnú. Cuireadh tús leis na leasuithe seo a chur i bhfeidhm ó shamhradh 2011 ar aghaidh, leathslí tríd an tréimhse dá dtagraíonn Tuarascáil an Phríomhchigire anseo. Cuireadh tús ar an bpointe nach mór leis na hathruithe láithreacha, ar nós méadú ama don litearthacht agus don uimhearthacht, a chur i bhfeidhm agus ba é an scéal céanna é ag feidhmiú céimnithe ar chlár forleathan sa bhforbairt ghairmiúil ar litearthacht agus ar uimhearthacht do cheannairí agus do mhúinteoirí scoile. D'athraigh cleachtais don mheasúnú agus don tuairisciú ag an mbunleibhéal i 2012, nuair a cuireadh tús le héigeantacht úsáide trialacha caighdeánaithe ar litearthacht agus ar uimhearthacht i scoileanna mar aon leis na torthaí a thuairisciú do thuismitheoirí, do bhoird bhainistíochta agus don Roinn.

Thosaigh obair faoin gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ar fhorbairtí eile a bhí luaite sa Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta, ar nós athruithe ar churaclaim an Bhéarla, na Gaeilge agus na matamaitice ag an mbunleibhéal mar aon leis an athchóiriú bunaidh ar an Teastas Sóisearach

5 Féach: Rachel Perkins, Jude Cosgrove, Grainne Moran agus Gerry Shiel, *PISA 2009: Results for Ireland and Changes Since 2000* (Baile Átha Cliath, An Foras Taighde Ar Oideachas, 2012).
6 An Chigireacht, *Torthaí na Cigireachta Teagmhasaí 2010: Tuairisc ar Theagasc agus ar Fhoghlaim an Bhéarla agus na Matamaitice i mBunscoileanna* (Baile Átha Cliath, An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2010).

ach níor tugadh isteach sa chóras scolaíochta i gcoitinne iad sa tréimhse 2010-2012. Eisceacht a bhí i bhfeidhmiú céimnithe *Project Maths* – clár ocht mbliana a thosaigh i 2008 chun teagasc agus foghlaim na matamaitice a athrú ag an iar-bhunléibhéal.

Bhí dáimh ag an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta leis na hathchóirithe a bhí ar bun cheana féin ag an gCigireacht, ar a n-áirítear obair ar shocruithe agus ar athruithe a fhorbairt don fhéinmheastóireacht scoile. Cé go raibh tús curtha le hathchóiriú agus le síneadh a chur leis na cláir oideachais do mhúinteoirí, bhí tionchar na n-athruithe seo fós le feiceáil i scoileanna faoi dheireadh na tréimhse lena mbaineann an tuarascáil seo.

Go hachomair, mar sin, eascraíonn na torthaí ar obair scoileanna mar atá ar fáil i gcaibidlí níos faide ar aghaidh sa tuarascáil seo ó thréimhse ina raibh tús curtha le hathruithe suntasacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i scoileanna. Críochnaíonn an tréimhse lena mbaineann an tuarascáil seo, áfach, sula mbeifí ag tuar go mbeadh na feabhsuithe sonracha a mbeifí ag súil leo le tabhairt faoi deara.

Caibidil 2

ATHCHÓIRIÚ AR AN tSLÍ INA mBÍMID AG OBAIR

2.1 Ról na Cigireachta

Feidhmíonn Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna chun feabhas a chur ar cháilíocht na foghlama do dhaoine óga sna scoileanna agus sna lárionaid oideachais in Éirinn. Tacaímid freisin le forbairt chóras oideachais na hÉireann trí mheastóireacht agus trí chomhairle ar ardchaighdeán a sholáthar.

Tarlaíonn formhór d'obair mheastóireachta na Cigireachta laistigh de bhunscoileanna, d'iar-bhunscoileanna agus de scoileanna speisialta aitheanta a bhíonn ag freastal ar dhaltaí in aoisraon na bunscolaíochta agus na hiar-bhunscolaíochta. Táimid freagrach as cigireacht i mbreis agus 3,100 bunscoil, 723 iar-bhunscoil, 141 scoil speisialta, agus 105 lárionad oideachais. Tugann na cigireachtaí dearcadh seachtrach ar obair scoileanna. Aithnítear agus tugtar aitheantas do dhea-chleachtas oideachasúil agus cuirtear comhairle shoiléir, phraiticiúil ar fáil faoin tslí inar féidir cáilíocht an tsoláthair oideachais a fheabhsú. Bíonn a bhfócas ar eispéiris oideachais agus ar thorthaí oideachais na bhfoghlaimeoirí.

Cuireann na cigirí comhairle ar fáil do cheannairí scoile, do mhúinteoirí, do bhoird bhainistíochta agus do dhaoine eile i bpobail na scoile faoi theagasc agus fhoghlaim éifeachtach, agus faoi dhea-chleachtas bainistíochta agus ceannaireachta i scoileanna. Cuireann an Chigireacht comhairle ar fáil freisin do lucht déanta beartas agus don Aire Oideachais agus Scileanna ar raon saincheisteanna oideachasúla.

2.2 Foirniú agus eagrú na Cigireachta, 2010-2012

Tharla titim shuntasach ar líon na gcigirí a bhí fostaithe sa tréimhse 2010-2012, mar a léiríonn Tábla 2.1. Mar thoradh ar thionchar mhoratóir earcaíochta na seirbhíse poiblí mar aon leis na dreasachtaí a bhí ar fáil d'fhostaithe na seirbhíse poiblí glacadh le luathscor, tháinig laghdú ar fhoirniú na cigireachta ó 154 cigirí ag tús 2009 go 116 cigirí i Meitheamh 2012 – titim 25%.

I ngeall ar thionchar díréireach an mhoratóra ar leibhéil foirne na Cigireachta, cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cigirí nua a earcú mar aon le harduithe céime teoranta laistigh de bhainistíocht na seirbhíse. Rinneadh beirt chigire a earcú i 2011 agus rinneadh deichniúr a earcú i 2012. Faoi dheireadh 2012, bhí líon na gcigirí a bhí ag feidhmiú ag 124.

Bíonn tacaíocht rúnaíochta ar fáil d'obair riaracháin na Cigireachta, tá léiriú ar fhoirniú na rúnaíochta seo i dTábla 2.1.

Tábla 2.1: Líon na gcigirí agus na foirne rúnaíochta sa tseirbhís, 2007-2012

	31/12/07	31/12/08	31/12/09	31/12/10	31/12/2011	31/12/2012
Cigirí	166	154	133	132	127	124
Rúnaíocht	10	12	13	11	10	10

Le linn 2010, rinneadh atheagrú ar fhoireann na Cigireachta chuig ocht n-aonad gnó mar atá léirithe in Aguisín 1. Tá na haonaid eagraithe chun éascú a dhéanamh ar obair mheastóireachta agus chomhairleach na Cigireachta i scoileanna, ar shainchomhairle a sholáthar don Roinn agus ar chuspóirí straitéiseacha a fhorbairt don Chigireacht.

2.3 Athchóirithe suntasacha ar obair na Cigireachta, 2010-2012

Mórthréimhse athchóirithe ar obair na Cigireachta a bhí sa tréimhse 2010-2012. Chuireamar athruithe substaintiúla i bhfeidhm chun a chur ar ár gcumas córas dearbhú cáilíochta níos éifeachtaí a sholáthar do scoileanna na hÉireann, agus úsáid níos éifeachtaí á baint againn ag an am céanna as na hacmhainní a bhí ar fáil. Rinneamar cur síos ar ár gclár athchóirithe i *Ár nAidhm, Ár bPlean 2011-2013*. Rinneadh an clár a chur le chéile tar éis dianathbhreithniú inmheánach ar obair na Cigireachta i 2010 mar aon le dianbhreithniú ar bharrchleachtas idirnáisiúnta. Cuireadh na leasuithe i bhfeidhm i gcomhthéacs ina raibh mórthitim shuntasach agus thapaidh tar éis tarlú ar an bhfoirniú uile i 2009 agus sna blianta a lean, mar atá pléite thuas.

2.4 An plean don athchóiriú: *Ár nAidhm, Ár bPlean 2011-2013*

Tugann **Ár nAidhm, Ár bPlean** faoi obair agus éifeacht na Cigireachta a fheabhsú sa tréimhse 2011-2013 trí chigireachtaí éifeachtacha ar scoileanna a cheangal le deachleachtais fhéinmheastóireachta a bheidh á dtreorú ag príomhoidí agus ag múinteoirí i scoileanna.

Áirítear mar chuid de phríomheilimintí na n-athchóirithe:

- Minicíocht agus éifeachtacht na mbealaí ina ndéantar cigireachtaí seachtracha ar scoileanna agus ar lárionaid oideachais a fheabhsú. Baineann raon ceangaltas leis seo:
    - minicíocht chuairteanna agus mheastóireachtaí na gcigirí ar theagasc agus ar fhoghlaim i scoileanna agus i lárionaid oideachais a fheabhsú
    - a dheimhniú go mbíonn ár gcigireachtaí dírithe go príomha ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama i seomraí ranga agus i suíomhanna oideachasúla agus, freisin, ar an tslí inar féidir an taithí foghlama a fheabhsú do dhaltaí
    - a aithint gur chóir go mbeadh an obair chigireachta againne oiriúnaithe do chúinsí agus do riachtanais na scoile agus a foghlaimeoirí. Ciallaíonn sé seo go bhféadfadh roinnt cigireachtaí a bheith sách gairid agus dírithe go hiomlán ar chleachtas ranga, agus ag amanna eile, go bhféadfadh gur chóir tréimhse níos faide a chaitheamh sa scoil chun iniúchadh a dhéanamh ar ghnéithe breise d'obair na scoile, ar a n-áirítear a ceannaireacht, a bainistíocht agus teagmhálacha na scoile leis an bpobal
    - éisteacht le tuairimí ó mhórshampla daltaí agus tuismitheoirí nuair a bhíonn cigireachtaí níos iomláine á ndéanamh againn ar scoileanna
    - ár ngníomhaíochtaí leantacha a fheabhsú go mór lena dheimhniú go bhfeidhmíonn scoileanna ar na moltaí a bhíonn déanta sna cigireachtaí a tharla cheana
- Na bealaí ina ndéanaimid barrchleachtas agus feabhsúcháin a chothú i scoileanna a fheabhsú, go háirithe le:
    - féinmheastóireacht éifeacht scoile a spreagadh

- comhairle faoi bharrchleachtas a chur ar fáil do mhúinteoirí, do cheannairí scoile agus dóibh siúd atá bainteach le bainistíocht scoileanna

- úsáid níos fearr a bhaint i scoileanna as cineálacha éagsúla measúnachtaí mar aon le hanailís agus úsáid níos éifeachtaí a bhaint as eolas ó mheasúnachtaí ag leibhéal na scoile agus ag an leibhéal náisiúnta.

- Dlús a chur leis an obair atá ar bun againn chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa Chigireacht agus sa chóras oideachais chun soláthar ar sheirbhís mheastóireachta agus chomhairleach éifeachtach a dheimhniú do scoileanna a bhíonn ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge

- Deimhniú go gcuirimid comhairle ábhartha, fianaise-bhunaithe ar fáil do pholasaithe ar phríomhcheisteanna straitéiseacha d'oifigigh na Roinne Oideachais agus Scileanna agus don chóras oideachais trí chéile

- Bainistíocht agus forbairt ár bhfoirne agus ár n-acmhainní féin a fheabhsú ionas gur féidir linn ár bhfeidhm agus ár gcuspóirí a bhaint amach.

2.5 Cad atá bainte amach go dtí seo san athchóiriú ar obair na Cigireachta?

Le linn na tréimhse 2010-2012, bhí béim na Cigireachta dírithe den chuid is mó ar athchóiriú a dhéanamh ar an tslí ina raibh cigireacht agus tuairisciú á dhéanamh againn ar obair scoileanna agus múinteoirí. Bhí an léiriú ba mhó air seo le fáil sna hathruithe fadréimseacha a rinneadh ar na samhlacha cigireachta a bhíonn in úsáid againn i scoileanna agus sa tslí inar méadaíodh minicíocht na gcigireachtaí sna scoileanna. Ag an am céanna, thugamar faoi obair fhorbartha a dhéanamh ar an tslí is fearr le tacú le féinmheastóireacht scoile agus tugadh é seo isteach sa chóras scolaíochta sa dara leath de 2012.

Tá minicíocht na gcigireachtaí i scoileanna méadaithe againn

Bhí mórchuid d'fhuinneamh na Cigireachta sa tréimhse 2010-2012 dírithe ar mhinicíocht cuairteanna na gcigirí ar scoileanna a fheabhsú. Rinneamar raon modhanna cigireachta nua, nó athchóirithe, a fhorbairt agus a thabhairt isteach i mbunscoileanna, in iar-bhunscoileanna agus i lárionaid oideachais. Chlúdaigh na samhlacha seo:

- tús curtha go forleathan le cigireachtaí gan réamhfhógra (teagmhasacha) san uile chineál scoile agus lárionad oideachais

- úsáid á baint as leagan nua d'fhoirm na Meastóireachta Scoile Uile (dar teideal Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim nó MSU-BCF) ag an iar-bhunleibhéal

- forbairt agus úsáid thrialach ar shamhail athchóirithe den Mheastóireacht Scoile Uile ag an mbunleibhéal

- meastóireachtaí fócasaithe ar scoileanna DEIS *(Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh)*

- giorrú ar thréimhsí an fhógartha do chigireachtaí le réamhfhógra ag an mbunleibhéal.

- forbairt agus úsáid thrialach ar mheastóireachtaí ar an soláthar oideachais i scoileanna ceangailte le haonaid ardchúram, le haonaid sainchúram agus le hionaid coinneála do leanaí.

Cuireadh tús leis na hathruithe seo go léir tar éis dul i gcomhairle le páirtnéirí an oideachais, mar a éilíonn an tAcht Oideachais 1998.

Taobh le taobh leis na hathruithe seo, chuir an Chigireacht feabhas ar na bealaí ina ndéantar cigireachtaí a phleanáil agus a rianú ionas gur féidir sonraí níos fearr a chur ar fáil do chigirí agus cigirí a dháileadh ar an mbealach is éifeachtaí. Mar thoradh air sin, mhéadaigh líon na gcigireachtaí i scoileanna thar tréimhse trí bliana mar atá léirithe i dTábla 2.2 thíos.

Tábla 2.2: Achoimre ar chigireachtaí agus ar mheastóireachtaí, 2010-2012

Achoimre ar chigireachtaí			
	2010	**2011**	**2012**
Cigireachtaí i mbunscoileanna	2,470	2,972	3,115
Cigireachtaí in iar-bhunscoileanna agus i lárionaid oideachais	706	769	903
Cigireachtaí ar an soláthar do dhaltaí agus do dhaoine óga	46	73	96
Iomlán na gcigireachtaí i scoileanna agus i lárionaid oideachas	**3,222**	**3,814**	**4,114**
Iomlán na gcuairteanna comhairleacha faoin bhféinmheastóireacht scoile	**-**	**-**	**514**
Iomlán na scoileanna ina ndearna an Chigireacht trialacha gnóthachtálacha náisiúnta nó idirnáisiúnta a riar nó a gcáilíocht a dhearbhú	**120**	**118**	**181**

Bunscoileanna

- Sa tréimhse 2010-12, rinne cigirí 2,133 cigireachtaí i mbunscoileanna, lasmuigh de na cigireachtaí ar mhúinteoirí aonair ar promhadh. B'ionann é seo agus cuairteanna cigireachta de chineál éigin chuig breis agus leath de na bunscoileanna go léir sa tír
- I 2012, rinneamar cinneadh d'aon ghnó líon na meastóireachtaí scoile uile a laghdú chun freastal ar an tús a bhí á chur le cuairteanna comhairleacha chuig foirne scoile mar thaca leis an bhfeidhmiú céimnithe ar an bhféinmheastóireacht scoile agus chun deis a thabhairt dúinn roinnt cigireachtaí leantacha foirmeálta a dhéanamh i scoileanna
- Rinneadh 354 cuairteanna i mbunscoileanna i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2012 chun tacú leis an bhféinmheastóireacht scoile
- Rinne cigirí líon méadaithe cigireachtaí thar ceann na Comhairle Múinteoireachta ar obair mhúinteoirí ar promhadh i mbunscoileanna. Rinneadh cigireacht ar obair 6,424 múinteoirí nuacháilithe sna scoilbhlianta 2009/10, 2010/11, agus 2011/12.

Tábla 2.3: Cigireachtaí agus meastóireachtaí i mbunscoileanna, 2010-2012

Bunleibhéal			
Gníomhaíocht chigireachta/mheastóireachta	**2010**	**2011**	**2012**
MSU: Bunleibhéal	259	291	262
Cigireachtaí teagmhasacha	459	404	326
Meastóireachtaí DEIS	18	16	
Cigireachtaí leantacha			98
Iomlán na gcuairteanna cigireachta	**736**	**711**	**686**
Cigireachtaí ar bhunmhúinteoirí nuacháilithe: promhadh múinteoirí (bunleibhéal) do na scoilbhlianta 2009/10, 2010/11 & 2011/12	**1,734**	**2,261**	**2,429**
Cuairteanna comhairleacha ar scoileanna maidir leis an bhféinmheastóireacht scoile			**354**

Iar-bhunscoileanna agus lárionaid oideachais

- Mhéadaigh líon iomlán na gcigireachtaí in iar-bhunscoileanna agus i lárionaid oideachais ó 706 i 2010 go 903 i 2012
- Chuir an tús a cuireadh le cigireachtaí aon-lae gan réamhfhógra (cigireachtaí teagmhasacha) i 2011 agus an méadú a tháinig orthu i 2012 ar ár gcumas cigireachtaí a dhéanamh i líon méadaithe scoileanna
- Idir 2011 agus 2012 tharla cigireachtaí de chineál éigin i 93% de scoileanna iar-bhunleibhéil
- Thug an tús a cuireadh le Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (MSU-BCF) deis dúinn laghdú a dhéanamh ar an méid ama a bhí á chaitheamh ar cháipéisí scoile agus an t-am don bhreathnóireacht ar theagasc agus ar fhoghlaim a mhéadú. Toisc go bhfuil an ghníomhaíocht MSU-BCF níos fócasaithe, tugann sé deis dúinn níos mó de na cigireachtaí seo a dhéanamh ná mar a bheadh ar ár gcumas a dhéanamh le samhail bhunaidh an MSU
- Ar aon dul leis an mbunleibhéal, rinneamar cinneadh líon na meastóireachtaí scoile uile a laghdú i 2012 chun freastal ar chuairteanna comhairleacha go hiar-bhunscoileanna chun tacú le teacht isteach na féinmheastóireachta scoile agus chun deis a thabhairt dúinn roinnt cigireachtaí leantacha foirmeálta a dhéanamh
- Tugadh 160 cuairt ar iar-bhunscoileanna i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2012 chun tacú leis an bhféinmheastóireacht scoile agus tharla cigireachtaí leantacha i 79 iar-bhunscoil le linn 2012.

Tábla 2.4: Cigireachtaí agus meastóireachtaí in iar-bhunscoileanna agus i lárionaid oideachais, 2010-2012

Iar-bhunleibhéal			
Gníomhaíocht chigireachta/mheastóireachta	**2010**	**2011**	**2012**
MSU: Iar-bhunleibhéal	35	8	4
MSU-BCF: Iar-bhunleibhéal	24	92	80
Cigireachtaí ábhair	583	528	389
Cigireachtaí cláir	39	23	0
Cigireachtaí teagmhasacha in iar-bhunscoileanna	N/A	92	342
Meastóireacht ar Lárionaid Oideachais (Ógtheagmháil, Ionaid Oiliúna do Thaistealaithe Fásta)	7	10	9
Meastóireachtaí DEIS	18	16	-
Cigireachtaí Leantacha			79
Iomlán na gcuairteanna cigireachta	**706**	**769**	**903**
Cuairteanna comhairleacha ar iar-bhunscoileanna faoin bhféinmheastóireacht scoile			**160**

Gníomhaíochtaí cigireachta agus meastóireachta eile

Rinne cigirí raon leathan gníomhaíochtaí cigireachta agus meastóireachta eile sa tréimhse 2010-2012 mar atá léirithe i dTáblaí 2.5, 2.6 agus 2.7.

Tábla 2.5: Gníomhaíochtaí cigireachta eile

Gníomhaíochtaí/meastóireachtaí eile ar an soláthar do dhaltái agus do dhaoine óga			
Gníomhaíocht chigireachta/mheastóireachta	**2010**	**2011**	**2012**
Tuairiscí meastóireachta ar Choláistí Gaeilge sa Ghaeltacht (Samhradh/Cáisc)	40	36	38
Meastóireachtaí ar Dhíscaoileadh Teorainneacha (meastóireacht i gcomhpháirt le Cigireacht ETI [Cigireacht Oideachais agus Oiliúna], Tuaisceart na hÉireann)		16	
Meastóireacht ar scoileanna don aitheantas / measúnú ar an oideachas in áiteanna seachas scoileanna aitheanta	6		1
Meastóireachtaí ar shuíomhanna do Chúram agus Oideachas na Luath-Óige			15
Meastóireachtaí ar scoileanna don Neamhord de chuid Speictream an Uathachais			13
Meastóireachtaí ar scoileanna speisialta ceangailte le hAonaid Ardtacaíochta, le hAonaid Sainchúram, agus le hloniad Choinneála do Leanaí		8	10
Cigireachtaí ar champaí litearthachta samhraidh do pháistí		8	10
Cigireachtaí ar champaí samhraidh do pháistí		5	9
Iomlán na ngníomhaíochtaí meastóireachta eile[7]	**46**	**73**	**96**

Tábla 2.6 Riarachán ar thrialacha náisiúnta agus idirnáisiúnta

Trialacha náisiúnta agus idirnáisiúnta			
Gníomhaíocht mheastóireachta	**2010**	**2011**	**2012**
Riarachán agus dearbhú cáilíochta ar Mheasúnaithe Náisiúnta ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic i mbunscoileanna Gaeltachta	120		
Riarachán agus dearbhú cáilíochta ar TIMSS agus PIRLS i mbunscoileanna		118	
Riarachán agus dearbhú cáilíochta ar thrialacha ECFE PISA in iar-bhunscoileanna			181
Iomlán	**120**	**118**	**181**

Tábla 2.7 Cigireachtaí ar chúrsaí don fhorbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí

Cigireachtaí ar chúrsaí don fhorbairt ghairmiúil leanúnach do bhunmhúinteoirí			
Gníomhaíocht mheastóireachta	**2010**	**2011**	**2012**
Cigireacht ar chúrsaí don fhorbairt ghairmiúil leanúnach (cúrsaí inseirbhíse samhraidh) do bhunmhúinteoirí	46	69	71

Thugamar faoin gcigireacht a chur in oiriúint do riachtanais agus do chúinsí scoileanna agus an chórais scolaíochta

Táimid tar éis raon *samhlacha cigireachta* a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun solúbthacht bhreise a sholáthar don obair mheastóireachta a bhíonn ar bun againn. Is féidir linn úsáid a bhaint anois as cineálacha éagsúla cigireachta ag brath ar chúinsí na scoile agus ar thosca eile. Mar shampla:

- Tugann cigireachtaí gairide gan réamhfhógra (teagmhasacha) deis dúinn i bhfad níos mó den chóras scolaíochta a chlúdach agus cuireann siad ar ár gcumas fíor-eispéaras foghlama na ndaltaí a fheiceáil. Ciallaíonn a leithéid de chigireacht gur féidir linn scanadh a dhéanamh ar an gcóras scolaíochta agus áiteanna a aithint ina bhféadfadh foghlaim na ndaltaí a bheith i mbaol.

- Sna cigireachtaí iar-bhunscoile déantar iniúchadh ar an teagasc ar ábhair aonair agus ar fheidhmiú na roinne lena mbaineann an t-ábhar sa scoil. Bíonn dlús breise ag baint leo seo thar mar a

7 Gan cigireachtaí déanta ag an gCigireacht faoi Alt 24 den Acht Oideachais 1998 san áireamh

bhaineann le cigireachtaí teagmhasacha agus bíonn siad níos giorra ná na meastóireachtaí scoile uile. Cuireann siad eolas luachmhar ar fáil ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama in ábhair ar leith, agus breathnaíonn siad freisin ar éifeachtacht cheannaireacht na scoile maidir le tacú le teagasc an ábhair. Cruthaíonn siad deis do speisialtóirí treoir agus comhairle a fháil ó chigirí le speisialtóireacht ábhar.

- I 2010 agus 2011, rinneamar samhlacha sainchigireachta a fhorbairt chun meastóireacht a dhéanamh ar aithint spriocanna agus ar phleanáil don fheabhsúchán a mbíonn gá ag scoileanna DEIS a bhfuil tacaíocht Roinne acu leo[8]. Tá sé i gceist againn an tsamhail seo a úsáid sna blianta atá le teacht.

- Déanann meastóireachtaí scoile uile iniúchadh ar an teagasc agus ar an bhfoglaim sa scoil mar aon le hiniúchadh a dhéanamh ar cháilíocht na ceannaireachta agus na bainsitíochta. Clúdaíonn na cigireachtaí seo an chumarsáid le boird bhainistíochta na scoile agus le comhlachais thuismitheoirí agus baintear úsáid as ceistneoirí chun suirbhé a dhéanamh ar thuismitheoirí agus ar dhaltaí.

- I rith 2012, d'fhoilsíomar moltaí do shamhail speisialta cigireachta chun meastóireacht a dhéanamh ar an obair i scoileanna speisialta ceangailte le hAonaid Ardchúram, le hAonaid Sainchúram agus le hIonaid Coinneála do Leanaí (mar a mbíonn oideachas á chur ar roinnt daltaí faoi chúram cónaithe an Stáit). Tá sé i gceist go gclúdódh an tsamhail sainchúinsí scoileanna a bhíonn ag freastal ar ghrúpa na bhfoghlaimeoirí leochaileacha seo.

Toisc go bhfuil raon samhlacha cigireachta ar fáil, bíonn deis againn roinnt dár ngníomhaíochtaí cigireachta a dhíriú ar an áit ina mbíonn an baol is mó d'fhoghlaim daltaí. Mar shampla, is féidir eolas a fhaightear le linn cigireachtaí gairide, gan réamhfhógra, a úsáid anois chun aird a dhíriú ar áiteanna ina mbíonn gá le dianchigireachtaí breise. Cuireann sé seo ar ár gcumas méid áirithe dár n-acmhainní a dhíriú ar chigireacht i scoileanna agus i lárionaid oideachais ina mbíonn fianaise gur gá an teagasc, an fhoghlaim nó an cheannaireacht a fheabhsú.

Dhíríomar ár gcigireachtaí ar phríomhthosca a mbíonn tionchar acu ar cháilíocht an eispéiris fhoghlama

Cé gur féidir iniúchadh a dhéanamh ar fhormhór d'obair na scoile le linn cigireachta, roghnaíomar fócas ár gcigireachtaí a dhíriú ar líon sách beag de phríomhthréithe na scoileanna a mbíonn an tionchar is mó acu ar cháilíocht an eispéiris fhoghlama.

- Bíonn ár gcigireachtaí uile, nach mór, dírithe go príomha ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim. Ciallaíonn sé seo gur roghnaíomar formhór dár gcuid ama a chaitheamh ag breathnóireacht ar mhúinteoirí agus ar dhaltaí i seomraí ranga agus i suíomhanna foghlama eile. Tréith thábhachtach dár gcigireachtaí, na meastóireachtaí scoile san áireamh, ná go mbíonn aischothú le fáil go pras ag múinteoirí ar cháilíocht na hoibre sa seomra ranga.

- Tosca criticiúla eile ar rath scoileanna ná cáilíocht na ceannaireachta sa scoil – ceannaireacht an phríomhoide agus an leas-phríomhoide ach go háirithe, mar aon le cáilíocht oibre an bhoird bhainistíochta. Díríonn meastóireachtaí scoile ar dhian-iniúchadh a dhéanamh ar na tosca seo.

- Déantar roinnt taifead tábhachtach scoile a iniúchadh le linn cigireachtaí ach anois tugaimid faoi mhórchuid de na sonraí ar ghnéithe den scoil (eolas tinrimh agus rollaithe, caiteachas caipitiúil agus torthaí scrúduithe Stáit) a bhailiú roimh ré ó fhoinsí laistigh den Roinn Oideachais agus Scileanna

8 Féach Spotsholas DEIS

agus dá gníomhaireachtaí. Ciallaíonn sé seo go bhfuil an t-ualach oibre ar scoileanna maidir le cáipéisí a sholáthar laghdaithe agus tugann sé deis d'fhoireann na cigireachta díriú ar an teagasc, ar an bhfoghlaim agus ar an gcaidreamh gníomhach leis an bhfoireann, le daltaí agus le daoine eile le linn cigireachtaí.

- Ó rinneadh *Tús Áite do Leanaí – Treoirlínte Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2011* a leasú, tá ár monatóireacht ar na nósanna imeachta um chosaint leanaí i scoileanna feabhsaithe againn. Áirítear mar chuid de gach meastóireacht scoile uile measúnú ón gCigireacht ar ghnéithe de chomhlíonadh na scoile le *Nósanna Imeachta do Chosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna na Roinne.* (Féach Aguisín 2).

Éistímid le guthanna daltaí agus tuismitheoirí le linn cigireachtaí

Creidimid gur príomhpháirtithe leasmhara i bpobal na scoile iad na foghlaimeoirí agus a dtuismitheoirí. Céim thábhachtach chun teacht ar bhreithmheasanna meastóireachta iontaofa ar cháilíocht sholáthar an oideachais ná a dtuairimí a fháil ar obair na scoile, agus tá iarrachtaí déanta againn guth níos mó a thabhairt do thuismitheoirí agus do dhaltaí i bpróiseas na meastóireachta.

Ina lán cásanna, freisin, beidh tábhacht ag baint le tacaíocht na dtuismitheoirí agus na ndaltaí nuair a thugann an scoil faoi na moltaí a eascraíonn uainn le linn cigireachtaí a chur i bhfeidhm.

- Bíonn cigirí i dteagmháil le daltaí le linn cigireachtaí, agus buaileann siad le hoifigigh chomhlachas na dtuismitheoirí má bhíonn sé cleamhnaithe le Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí mar chuid de mheastóireachtaí scoile uile nó, leis na tuismitheoirí tofa ar bhord bainistíochta na scoile muna mbíonn an comhlachas cleamhnaithe.

- Chun guth daltaí agus tuismitheoirí sna meastóireachtaí a láidriú, chuireamar tús i 2010 le ceistneoirí faoi rún do dhaltaí agus do thuismitheoirí mar chuid de mheastóireachtaí scoile uile ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal. Bailíonn na ceistneoirí seo eolas faoi dhearcthaí tuismitheoirí agus daltaí ar obair na scoile agus ar a n-eispéaras sa scoil.

- Ó Mheán Fómhair 2010, rinne an Chigireacht os cionn 47,600 ceistneoir tuismitheora agus beagnach 36,000 ceistneoir dalta a riar i mbunscoileanna agus os cionn 20,000 ceistneoir tuismitheora agus 29,000 ceistneoir dalta a riar in iar-bhunscoileanna.

- Bíonn ceistneoirí na ndaltaí agus na dtuismitheoirí faoi rún. Déantar iad a phróiseáil in Aonad Tacaíochta um Mheastóireacht agus Taighde na Cigireachta (ESRU) agus cuirtear cóip de na sonraí staitistiúla a mbíonn anailís déanta orthu ó na ceistneoirí ar fáil do na cigirí a bhíonn i mbun na meastóireachta agus don scoil. Baineann foireann na cigireachta úsáid as na sonraí mar fhoinse tábhachtach.

- Déantar cóip den anailísiú staitistiúil a roinnt leis an scoil agus spreagtar an scoil chun úsáid a bhaint as dá hathmhachnamh ar a dul chun cinn agus chun spriocanna scoile a leagan amach mar chuid den fhéinmheastóireacht scoile.

- Is féidir le tacaíocht na dtuismitheoirí a bheith tábhachtach don scoil nuair a bhítear ag iarraidh na moltaí a dhéanaimid le linn na gcigireachtaí a chur i bhfeidhm. Déantar deimhin de anois go dtugtar cuireadh do chathaoirligh na gcomhlachas tuismitheoirí chuig na cruinnithe don aischothú iar-chigireachta le linn cigireachtaí MSU ag an mbunleibhéal mar aon le cigireachtaí MSU-BCF ag an iar-bhunleibhéal.

Thugamar isteach nósanna imeachta leantacha córasacha

Baineann an phríomhfhreagracht don fheabhsú ar obair aon scoile agus do chur i bhfeidhm na moltaí ó thuairiscí cigireachta leis an mbord bainistíochta, leis an bhfoireann agus le pátrún na scoile. Tuigimid, áfach, gur féidir le cigireacht agus le próisis leantacha eile cuidiú chun a dheimhniú go mbíonn ceannairí, múinteoirí, baill na mbord agus na pátrúin gníomhach maidir le dul i ngleic leis na laigí in obair na scoileanna.

- Tá tús áite tugtha againn do ghníomhaíochtaí leantacha sna scoileanna ina bhfuil na laigí is mó. Ó 2008, d'oibrigh cigirí i gcomhpháirt le hoifigigh ó rannán Rialtas Scoile na Roinne Oideachais agus Scileanna ar Ghrúpa Feabhsúcháin Scoile na Roinne. Tugann an grúpa seo faoi chomhordú a dhéanamh ar pháirtíocht na Roinne le scoileanna nuair a bhíonn mórlaigí tagtha chun solais. Bíonn éagsúlachtaí sna cur chuigí a mbaintear feidhm astu ag brath ar a mbíonn i gceist sa scoil, ach go minic bíonn oifigigh agus cigirí i gcumarsáid le bord na scoile nó le heagraíocht an phátrúin, le soláthar na dtacaíochtaí ó na seirbhísí tacaíochtaí scoile nó ó phátrún na scoile. Tarlaíonn cuairteanna leantacha go dtí a leithéid de scoileanna go minic.

- I 2012, thosaíomar ag cur leis na cuairteanna a tharla ina dhiaidh sin (dar teideal Cigireachtaí Leantacha) i sampla de na scoileanna go léir inar tharla cigireachtaí. Bíonn sé mar chuspóir ag na cuairteanna cigireachta a fháil amach conas mar a bhíonn pobal na scoile ag freagairt do na moltaí a rinneadh sa chigireacht roimhe sin. Rinneamar 98 cigireachtaí leantacha i mbunscoileanna agus 79 acu seo in iar-bhunscoileanna i 2012.

- Is ar bhonn píolótach a tharla na cigireachtaí leantacha a tharla i 2012. Leanfar leis na cigireachtaí seo i 2013 agus, tar éis dul i gcomhairle le páirtnéirí an oideachais, déanfar treoir do na cigireachtaí seo a fhoilsiú. Déanfar freisin na tuairiscí ó na cigireachtaí leantacha a bhíonn déanta againn a fhoilsiú amach anseo.

- Áirítear mar chuid de leagan nua na Meastóireachta Scoile Uile ag an iar-bhunleibhéal (MSU-BCF) plé ar aon chigireachtaí a tharla go gairid roimhe sin sa scoil (cigireachtaí ábhair a tharla le déanaí ach go háirithe) mar aon le meastóireacht ar a mhéid agus a cuireadh i bhfeidhm na moltaí.

Thacaíomar leis an bhféinmheastóireacht scoile a thabhairt isteach go foirmiúil

Ní mór don chigireacht sheachtrach a bheith comhlánaithe ag tiomantas i measc múinteoirí agus bainisteoirí scoileanna don athbhreithniú leanúnach ar chaighdeáin agus ar obair na scoile. Nuair a dhéanann múinteoirí agus ceannairí scoile a gcleachtas féin a athbhreithniú ar bhealach criticiúil, ach cuiditheach, beidh ar a gcumas na bealaí inar féidir leo teagasc agus foghlaim a fheabhsú do dhaltaí a aithint.

Tá, cheana féin, roinnt mhaith scoileanna a dhéanann athbhreithniú rialta ar a gcuid oibre agus a chuireann athruithe i bhfeidhm chun an teagasc agus an fhoghlaim a fheabhsú. Sa tréimhse 2010-2012, tá obair déanta againn chun tús a chur le féinmheastóireacht fhoirmiúil scoile sa chóras scolaíochta. Tá sé i gceist go ndéanfaidh an fhéinmheastóireacht scoile comhlánú ar chigireachtaí seachtracha.

- Chuireamar tús le dian-obair fhorbartha ar threoirlínte agus ar ábhair eile chun tacú le scoileanna agus iad i mbun na féinmheastóireachta scoile.

- Le linn na scoilbhliana 2011/12, rinneamar obair i gcomhpháirt le dhá scoil déag píolótach chun na hábhair a thástáil agus chun foghlaim faoin tslí is fearr le tacú le scoileanna agus iad ag cur tús leis an gcineál seo oibre.

- D'fhoilsíomar *Treoirlínte don Fhéinmheastóireacht Scoile do Bhunscoileanna* agus *Treoirlínte don Fhéinmheastóireacht Scoile d'Iar-Bhunscoileanna* i Samhain 2012 tar éis mórphlé le páirtnéirí an oideachais. Tá soiléiriú le fáil sna treoirlínte seo gur é príomhchuspóir na féinmheastóireachta ná a chur ar chumas phobal na scoile feabhsúchán a bhrú chun cinn sa scoil, seachas próiseas maorlathach don fhreagracht a chruthú.

- D'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna go mbeidh an fhéinmheastóireacht scoile éigeantach ón scoilbhliain 2012/13. Chun deis a thabhairt do scoileanna teacht isteach ar an bpróiseas, d'fhógair an tAire nach mbeidh ar scoileanna díriú ar ghníomhaíochtaí féinmheastóireachta ach i dtrí ghné den teagasc agus den fhoghlaim: litearthacht, uimhearthacht agus réimse amháin eile a roghnaíonn an scoil féin sa tréimhse 2012/13 go 2015/16.

- Le linn mhí na Samhna agus mhí na Nollag 2012, chuir an Chigireacht tús le clár cuairteanna comhairleacha chun tacú le tús na féinmheastóireachta scoile. Clúdaíonn na cuairteanna cur i láthair/ceardlann leis na múinteoirí go léir. Ag deireadh 2012, bhí a leithéid de chuairteanna tarlaithe i 354 bunscoil agus i 160 iar-bhunscoil.

Táimid tar éis dlúth-chomhoibriú a bheith againn leis na páirtithe leasmhara

Bhí dlúthcheangal againn leis na páirtithe leasmhara sa chóras oideachais agus lasmuigh nuair a bhí ár bpróisis chigireachta á bhforbairt againn. Chuidigh sé sin linn samhlacha meastóireachta láidre a raibh glacadh maith leo a fhorbairt agus a thabhairt le fios gur ar fheabhsú na foghlama agus an teagaisc a bhíonn príomhfhócas na cigireachta.

- Bhí gach ceann de na hathruithe suntasacha sa chigireacht mar aon le tús na féinmheastóireachta scoile faoi réir ag sainphlé scríofa le grúpaí náisiúnta daltaí, eagraíochtaí múinteoirí, ceannairí scoile, eagraíochtaí bainistíochta scoile agus eagrais phátrúnachta. Bhuaileamar go minic le hionaduithe ó na grúpaí seo i gcomhairliúcháin aghaidh ar aghaidh agus i ngrúpaí oibre.

- Tá leathnú déanta againn freisin ar an bplé faoi fhorbairt na cigireachta agus na féinmheastóireachta go grúpaí lasmuigh d'earnáil an oideachais. Ina measc bhí Oifigh an Ombudsman do Leanaí, Gréasán Comhionannais na nAerach agus na Leispiach (GLEN) agus an tÚdarás Comhionannais.

- Tá ceardlanna curtha i láthair againn agus ghlacamar páirt i bplé agus i séisiúin ceisteanna agus freagraí faoin gcigireacht agus faoi dhearbhú cáilíochta ag cruinnithe náisiúnta agus réigiúnacha d'eagraíochtaí ar nós comhdhálacha náisiúnta comhairlí tuismitheoirí (Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí-Bunleibhéal [NPC-P], Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí-Iar-Bhunleibhéal [NPC-PP]), comhlachais náisiúnta phríomhoidí scoile (Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann [IPPN], Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha [NAPD]) agus eagraíochtaí bainistíochta scoile (cosúil le hEagraíocht Bhainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha [CPSMA], Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha [ACCS], Comhchoiste na mBainisteoirí [JMB], an Cumann Gairmoideachais in Éirinn [IVEA], Oideachas le Chéile, Bord Oideachais Eaglais na hÉireann, An Foras Pátrúnachta agus Comhlachas Náisiúnta Boird Bhainistíochta an Oideachais Speisialta).

- D'oibríomar i gcomhpháirt le heagraíochtaí cigireachta ábhartha eile. D'oibríomar le Seirbhís Cigireachta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte don Oideachas Luath-Óige Réamhscoile chun creat cigireachta agus meastóireachtaí píolotacha ar chigireachtaí san oideachas luath-óige a fhorbairt agus tá meabhrán tuisceana i bhfeidhm againn faoi chomhoibriú agus faoi mhalartú eolais leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA). D'oibríomar le chéile freisin ar obair chomhchigireachta le Cigireacht Oideachais agus Oiliúna (ETI) na Roinne Oideachais i dTuaisceart na hÉireann. Chuidigh an comhoibriú agus an obair i gcomhpháirt seo linn eolas a sholáthar dár gcleachtas cigireachta.

- D'oibríomar go dlúth le hoifigigh ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit i bhforbairt beartas agus nósanna imeachta curaclaim agus measúnachta. Tá dlúthpháirtíocht oibre againn leis an bhForas Taighde Ar Oideachas, Droim Conrach, a dhéanann, thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna, roinnt mhaith staidéar taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta ar chaighdeáin i scoileanna.

Tá obair déanta againn chun cáilíocht ár gcuid oibre féin a chothabháil agus a fheabhsú

Tá an Chigireacht go mór san airdeall faoin ngá atá ann ár cuid oibre féin a chothabháil agus a fheabhsú. Sa tréimhse 2010-2012, bhí ár ndiongbháilteacht maidir leis an tseirbhís chigireachta a bhíonn á chur ar fáil againn ríshoiléir sa mheastóireacht fhairsing inmheánach a rinneamar ar an gcigireacht, sna hathruithe a rinneamar ar shamhlacha cigireachta, sna feabhsuithe ar ár dtuairisciú ar chigireachtaí, agus in ár dtiomantas go leanúnach d'fhorbairt ghairmiúil agus d'oiliúint na gcigirí. Rinneadh meastóireacht ar ár gcuid oibre mar chuid den mheastóireacht sheachtrach ar an Roinn Oideachais agus Scileanna a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa *Tríú Tuarascáil ar an gClár Athbhreithnithe Eagraíochtúil* i mí Eanáir 2012.

Bíonn sé mar cheart ag gach múinteoir agus bord bainistíochta a mbíonn tionchar ag cigireacht orthu athbhreithniú a éileamh ar an gcigireacht. Cuireann na *Nósanna Imeachta Athbhreithnithe do Chigireachtaí ar Scoileanna agus ar Mhúinteoirí faoi Alt 13(9) den Acht Oideachais 1998* próisis athbhreithnithe neamhfhoirmeálta agus foirmeálta ar fáil. Bíonn athbhreithneoirí neamhspleácha inmheánacha agus seachtracha i gceist leis an bpróiseas athbhreithnithe foirmeálta mar a ndéantar an gearán ón múinteoir nó ón mbord a fhiosrú. Sa tréimhse 2010-2012 nuair a tharla os cionn 11,000 cigireachtaí, rinneadh ceithre iarratas ar athbhreithniú foirmeálta a phróiseáil. I gcás dhá cheann de na ceithre hiarratas, sheas na hathbhreithneoirí i bpáirt nó go hiomlán leis an ngearán ón múinteoir nó ón mbord bainistíochta ar leith, i gcás amháin, níor seasadh leis an ngearán agus sa chás eile, tarraingíodh siar an gearán.

Caibidil 3

CAD A INSÍONN AN CHIGIREACHT DÚINN FAOI BHUNSCOILEANNA?

3.1 Bonn na dtorthaí

Tá achoimre na dtorthaí ó chigireachtaí i mbunscoileanna sa tréimhse 2010-2012 bunaithe ar anailís eolais ó:

- Nach mór 800 meastóireacht scoile uile
- Os cionn 1,100 cigireacht theagmhasach
- Cigireachtaí téamúla ar phleanáil agus ar bheartú spriocanna i 34 scoil DEIS
- Nach mór 36,000 ceistneoir faoi rún a tugadh do dhaltaí i ranganna a ceathair agus a sé i scoileanna níos mó agus do dhaltaí i ranganna a trí, a ceathair, a cúig agus a sé i scoileanna níos lú le linn meastóireachtaí scoile uile
- Os cionn 47,600 ceistneoir faoi rún do thuismitheoirí a tugadh do raon samplach tuismitheoirí i scoileanna níos mó agus do na tuismitheoirí go léir i scoileanna beaga le linn meastóireachtaí scoile.

Meastóireacht Scoile Uile (MSU) an cineál cigireachta scoile is cuimsithí ag an mbunleibhéal. Le linn MSU, déanann cigirí iniúchadh agus tuairisciú ar cheithre phríomhréimse:

- Cáilíocht na bainistíochta sa scoil
- Cáilíocht na pleanála agus na féinmheastóireachta sa scoil
- Cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus na gnóthachtála ag daltaí
- Cáilíocht na tacaíochta do dhaltaí.

Cigireachtaí le réamhfhógra a bhíonn sna meastóireachtaí scoile uile (MSUanna) toisc gur gá fógra a thabhairt ionas gur féidir cruinnithe a eagrú le baill den bhord bainistíochta, le baill de chumann na dtuismitheoirí, leis an bpríomhoide, agus le grúpaí múinteoirí ar nós múinteoirí a bhfuil dualgais ar leith acu do riachtanais speisialta oideachais, agus, in amanna, le fócasghrúpaí daltaí.

Déantar measúnú thar réimse leathan d'ábhair le linn mheastóireacht scoile uile. Ar an íosmhéid, scrúdaíonn cigirí teagasc agus foghlaim sa Bhéarla, sa Mhatamaitic, sa Ghaeilge agus in ábhar amháin eile atá roghnaithe ag an gCigireacht. Cinntíonn pleanáil chigireachta go ndéantar measúnú ar gach ábhar ar an gcuraclam ar bhonn rialta trasna na tíre. Ar mhaithe le bheith cuimsitheach, tugtar mioneolas sa tuairisc seo ar Ghaeilge,ar Bhéarla agus ar Mhatamaitic. Foilseoidh an Chigireacht eolas faoi na hábhair / achair curaclaim eile ó am go chéile.

Léiríonn anailís ar na sonraí atá ag an gCigireacht líon na Meastóireachtaí Scoile Uile ina ndearnadh cigireacht ar ábhair aonair/achair curaclaim sa tréimhse 2010-2012 (Tábla 3.1).

Tábla 3.1 Cigireacht ar ábhair aonair/achair churaclaim: MSU

Ábhar/achar curaclaim	Líon na MSUanna
Gaeilge	753
Béarla	778
Matamaitic	778
Stair	142
Tír Eolaíocht	98
Eolaíocht	139
Na hAmharcealaíona	107
Ceol	116
Drámaíocht	143
Corpoideachas.	103
OSPS	128

Cigireacht Theagmhasach a bhíonn i gceist le cigireachtaí gan réamhfhógra i mbunscoileanna nuair a dhírítear ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim a bhíonn ag tarlú ag am na cigireachta. De ghnáth breathnaítear ar cheachtanna in uashampla trí rang thar thréimhse lae scoile. Cuireann na cigireachtaí seo eolas ar fáil faoi na hábhair nó faoi na hachair churaclaim a bhíonn á múineadh ag am na gcuairteanna ach ní dhéanann siad iniúchadh, ó thaobh scoile-uile de, ar ghnéithe cosúil le bainistíocht nó ceannaireacht scoile. Cuireann cigireachtaí teagmhasacha eolas ar fáil maidir le:

- Cáilíocht an phleanála ag múinteoirí
- Cáilíocht an mheasúnaithe
- Cáilíocht an teagaisc
- Cáilíocht na foghlama ag daltaí.

I gcigireachtaí teagmhasacha breathnaítear ar cheachtanna sna hachair churaclaim go léir. Toisc go mbíonn sé dosheachanta go dtógann Béarla, Gaeilge agus Matamaitic an chuid is mó den am ar chlártráthanna an ranga, breathnaítear níos minicí ar na ceachtanna seo, mar a léiríonn Tábla 3.2. Don tuarascáil seo, leagtar béim ar an tuairisciú ar threochtaí ó na ceachtanna Béarla, Gaeilge agus Matamaitice. Déanfaidh an Chigireacht eolas a bhaineann le hábhair/hachair churaclaim eile a fhoilsiú ó am go ham.

Léiríonn Tábla 3.2 líon na n-ábhar a ndearnadh cigireacht orthu i ngach achar curaclaim le linn próiseas na gcigireachtaí teagmhasacha.

Tábla 3.2 Cigireacht ar achair churaclaim ar leith: Cigireacht Theagmhasach[9]

Ábhar/achar curaclaim	Líon na gceachtanna a ndearnadh cigireacht orthu	Céatadán na gceachtanna uile a ndearnadh cigireacht orthu
Gaeilge	984	16.3%
Béarla	2,077	34.5%
Matamaitic	1,303	21.6%
Stair	247	4.1%
Tír Eolaíocht	272	4.5%
Eolaíocht	234	3.9%
Na hAmharcealaíona	149	2.5%
Ceol	297	4.9%
Drámaíocht	94	1.6%
Corpoideachas.	127	2.1%
OSPS	163	2.7%
Eile	80	1.3%
Iomlán	6027	100%

Cigireacht théamúil a bhíonn i gceist le cigireachtaí ar ghnéithe roghnaithe d'obair na scoile a bhaineann le cláir nó le tionscnaimh ar leith ar nós DEIS (*Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh*).

Rinneadh anailís ar bhreithmheasanna na gcigirí ar cháilíocht fhoghlama na ndaltaí agus ar cháilíocht chleachtas na múinteoirí ag baint úsáide as an gcontanam cáilíochta atá léirithe i dTábla 3.3.

9 Tá na huimhreacha seo bunaithe ar shonraí atá ar fáil

Tábla 3.3: Contanam na cáilíochta

Na catagóirí atá in úsáid sa tuarascáil seo	Léibhéil feidhmiúcháin	Samplaí de raon na dtuairiscíní
Sásúil / Cuí	Mórláidreachtaí	Sármhaith; ar ardchaighdeán; an-éifeachtach; ardmholadh tuillte; an-mhaith; an-rath ar an obair; is beag atá le feabhsú
	Láidreachtaí a sháraíonn laigí/Níos mó láidreachtaí ná laigí	Go maith; cáilíocht mhaith; luachmhar; cleachtadh éifeachtach; cumasach; úsáideach; le moladh; soláthar iomlán cuí cé go bhfuil réimsí áirithe a fhéadfaí a fheabhsú
Níos lú ná sásúil/ Neamhchuí	Laigí a sháraíonn láidreachtaí/Níos mó laigí ná láidreachtaí	Cuíosach i réimsí áirithe cé gur léir laigí atá ag cur isteach go mór ar fhoghlaim na ndaltaí; scóp don fhorbairt; deacrachtaí le sonrú
	Mórlaigí	Lag; mí-shásúil; neamhleor; mí-éifeachtach; easnamhach; gá le hathrú, le forbairt nó le mórfheabhsú; mórdheacrachtaí le sonrú

I gceistneoirí na dtuismitheoirí a úsáidtear le linn meastóireachtaí scoile uile tá fáil ar raon ráiteas dearfach faoi ghnéithe éagsúla d'fhoghlaim na bpáistí, faoi obair na scoile agus faoi na naisc idir an scoil agus na tuismitheoirí. Iarrtar ar thuismitheoirí "Aontú go láidir", "Aontú", "Easaontú" nó "Easaontú go láidir" leis na ráitis nó "Ní Fios" a chur in iúl. Úsáidtear na sonraí sa tuarascáil seo mar a léirítear i dTábla 3.4.

Tábla 3.4: Anailísiú agus tuairisciú ar fhreagairtí tuismitheoirí i mbunscoileanna

Na catagóirí atá in úsáid sa tuarascáil seo	Raon na bhfreagairtí do thuismitheoirí
Aontú	Aontaím go láidir
	Aontaím
Easaontú	Easaontaím
	Easaontaím go láidir
Ní fios	Níl a fhios agam

I gceistneoirí na ndaltaí tá fáil freisin ar raon ráiteas dearfacha faoi ghnéithe éagsúla d'obair na scoile agus d'fhoghlaim an pháiste. Iarrtar ar dhaltaí bunscoile úsáid a bhaint as "Tá/Sea", "Níl/Ní hea" nó "Níl a fhios agam" mar fhreagairtí. Léiríonn Tábla 3.5 an tslí ina mbaintear úsáid as na sonraí sa tuarascáil seo.

Tábla 3.5: Anailísiú agus tuairisciú ar fhreagairtí daltaí I mbunscoileanna

Na catagóirí atá in úsáid sa tuarascáil seo	Raon na bhfreagairtí do dhaltaí
Aontú	Tá / Sea
Easaontú	Níl / Ní hea
Ní fios	Níl a fhios agam

3.2 Cáilíocht na bainistíochta i mbunscoileanna

Boird bhainistíochta

Boird bhainistíochta, ar a mbíonn ionadaithe ó phátrún na scoile, dhá thuismitheoir tofa, an príomhoide, múinteoir tofa amháin agus beirt ón bpobal áitiúil mar chomhdhéanamh, a bhainistíonn na bunscoileanna in Éirinn. Ceapann an pátrún an bord chun feidhmiú do thréimhse seasta agus feidhmíonn gach ball den bhord ar bhonn deonach (eisceacht is ea cás an phríomhoide, le linn na tréimhse lena mbaineann an tuarascáil seo, nuair a fhéadfaí liúntas a íoc leis/léi chun feidhmiú mar rúnaí an bhoird).

Thuairiscigh na cigirí ar obair na mbord bainistíochta i scoileanna ina ndearnadh meastóireachtaí scoile uile. Thar thréimhse 2010-2012 mheas siad, i gcás 88% de scoileanna, go raibh obair an bhoird i gcoitinne sásúil nó níos fearr ná sin. I 12% de scoileanna, measadh go raibh obair an bhoird níos lú ná sásúil.

An bord bainistíochta: meastóireachtaí na gcigirí (MSU)[10]



Sna scoileanna a bhí níos éifeachtaí, bhí na boird tiomanta d'fhorbairt agus d'fheabhsúchán scoile agus do leas oideachasúil na ndaltaí. Chuaigh siad i gcomhairle le tuismitheoirí faoin gcinnteoireacht, dheimhnigh siad go raibh fáil ar acmhainní chun tacú le hobair na scoile, agus d'oibrigh siad go héifeachtach leis an bpríomhoide agus leis an bhfoireann.

Nuair a thug cigirí faoi deara le linn MSUanna go raibh scóp chun gnéithe d'obair eagrúcháin nó riaracháin na mbord a fhorbairt, chuir na cigirí comhairle ar fáil agus rinne siad moltaí ar raon gnóthaí ar a n-áirítear rialacháin na Roinne a rialaíonn coinneáil daltaí sa ghrád céanna (Ciorclán 32/03), fad agus struchtúr an lae scoile (Ciorclán 11/95), cothabháil na rollaí agus na gclárleabhar, agus riachtanais reachtúla maidir le hiniúchóireacht nó deimhniúchán na gcuntas airgeadais.

Bainistíocht inscoile

Baineann an bhainistíocht inscoile le cáilíocht cheannaireacht ghairmiúil inmheánach na scoile, a bhíonn á soláthar de ghnáth ag an bpríomhoide agus ag an leas-phríomhoide. Clúdaíonn sé freisin obair na múinteoirí eile a mbíonn poist le cúramaí breise acu agus a mbíonn freagrachtaí á gcomhlíonadh acu do cheannaireacht curaclaim nó do ghnéithe eile d'obair na scoile.

Cé go leantar le poist na bpríomhoidí agus na leas-phríomhoidí a líonadh, níor líonadh go ginearálta poist eile le cúraimí breise ar nós príomhoide cúnta nó múinteoir le dualgas speisialta ó cuireadh tús le moratóir na seirbhíse poiblí i mí Márta 2009. Tá sé seo tar éis líon na ndaoine lena leithéid de phoist le cúramaí breise a laghdú i scoileanna.

10 Mar gheall ar shlánú uaire de líon iomlán, tá na céatadáin de na cionúireachtaí i roinnt cairteacha 99% nó 101%

Tuairiscíodh i dtromlach na meastóireachtaí scoile uile (82%) go raibh ceannaireacht shásúil nó níos mó ná sin á soláthar ag príomhoidí, ag leas-phríomhoidí agus ag baill eile den fhoireann bhainistíochta inscoile. Thagair tuairiscí go minic don timpeallacht dhlúthpháirteach oibre a bhí á cothú ag an bpríomhoide, don chinnteoireacht chomhairleach agus/nó don cheannaireacht láidir curaclaim agus teagaisc. Sna foirne bainistíochta scoile ba éifeachtaí (ar a n-áirítear príomhoidí cúnta agus múinteoirí le dualgais speisialta) bhí na dualgais rianta go soiléir agus bhí ceannaireacht churaclaim mar aon le cúram do chur i bhfeidhm na straitéisí teagaisc scoile uile agus na dtionscnamh chun foghlaim a fheabhsú mar chuid acu seo.

Léiríodh do na cigirí go raibh scóp chun an obair bhainistíochta inscoile a fheabhsú i mionlach suntasach (18%) scoileanna. Is é an príomhdhúshlán a aithníodh ina leithéid de scoileanna ná gur gá a dheimhniú go mbíonn na dualgais a bhíonn tugtha agus á gcomhlíonadh ag na baill bhainistíochta inscoile ag freagairt níos fearr do, agus ag freastal go díreach ar, na riachtanais agus na tosaíochtaí a bhíonn ag eascairt don scoil.

Bainistíocht inscoile: meastóireachtaí na gcigirí (MSU)



Bainistíocht daltaí

Tuairiscíodh roinnt torthaí faoi bhainistíocht na ndaltaí i scoileanna sa tréimhse 2010-2012 a bhí an-dearfach. Le linn MSUanna ina raibh fógra tugtha, ba léir go raibh daltaí á mbainistiú go héifeachtach ag 96% de scoileanna, mar shampla, caidrimh le meas á chothú idir daltaí agus múinteoirí trí éiteas uileghabhálach, páiste-lárnach a chothú agus trí straitéisí a úsáid a chothaíonn dea-iompar. Ba léir freisin ó chigireachtaí teagmhasacha go raibh bainistíocht na ndaltaí éifeachtach sna ranganna uile nach mór (96%) ar tugadh cuairt orthu.

Bainistíocht daltaí: meastóireachtaí na gcigirí (MSU)



Bainistíocht daltaí: meastóireachtaí na gcigirí (cigireachtaí teagmhasacha)



Ar an mbonn céanna léirigh tuismitheoirí tuairimí an-dearfach faoi bhainistíocht na ndaltaí i scoileanna. Léirigh céatadáin an-ard tuismitheoirí a ndearnadh suirbhé orthu le linn phróiseas MSU sa tréimhse 2010-2012 sástacht le nithe ar nós smacht scoile agus a sábháilteacht i dtimpeallacht na scoile. Mar sin féin, ní raibh an leibhéal sástachta chomh hard maidir leis an tslí ina raibh bulaíocht á láimhseáil agus bhí líon mór tuismitheoirí (24%) a thug le fios nach raibh a fhios acu an raibh scoil a bpáiste ag plé go maith leis an mbulaíocht. Seans gur amhlaidh, i bpáirt ar a laghad, mar nach raibh an bhulaíocht ag cur as do na tuismitheoirí a bhí ag freagairt ná dá bpáistí agus seans nár shíl siad go raibh ar a gcumas breithmheas a thabhairt ar éifeachtacht na scoile sa réimse seo. Mar sin féin, os rud é go mbíonn an fheasacht ar bhearta frithbhulaíochta na scoile mar phríomh uirlis chun cur i gcoinne na bulaíochta, ba chóir don staitistic seo a chur i gcuimhne do scoileanna a n-iarrachtaí a athmhéadú lena dheimhniú go mbíonn pobal uile na scoile san airdeall faoi pholasaithe agus faoi chleachtais scoileanna sa réimse seo.

Tá an smacht go maith sa scoil: freagairtí na dtuismitheoirí



Táim sásta le conas mar a phléitear le bulaíocht sa scoil: freagairtí na dtuismitheoirí



Léirigh daltaí, freisin, tuairimí an-dearfacha maidir leis an tslí ina ndearnadh iad a bhainistiú i scoileanna. Thar thréimhse na trí bliana 2010-2012, thug nach mór gach dalta a ndearnadh suirbhé orthu le fios gur mhothaigh siad sábháilte sa scoil agus sa seomra ranga agus go bhféadfaidís labhairt leis an múinteoir má bhí rud éigin ag cur as dóibh ar scoil. Ina theannta sin, thug 89% de na daltaí le fios go raibh ceist na bulaíochta pléite ag an múinteoir leis an rang.

Is féidir liom caint le múinteoir má bhím buartha maidir le rud éigin ar scoil: freagairtí na ndaltaí



Mothaím sábháilte ar scoil agus sa seomra ranga: freagairtí na ndaltaí



Labhraíonn na múinteoirí linn maidir lena bhfuil le déanamh má dhéantar bulaíocht ar éinne: freagairtí na ndaltaí



Mar sin féin, i méid suntasach de na meastóireachtaí scoile uile, léirigh ceistneoirí na ndaltaí go bhfuil scóp ann chun aird bhreise a thabhairt ar thuairimí daltaí i saol na scoile trí méadú breise i rannpháirtíocht foghlaimeoirí sa chinnteoireacht. Níor aontaigh 22% de dhaltaí a ndearnadh suirbhé orthu i 2010 agus 2011 leis an ráiteas, "*Bíonn ionchur ag páistí sa tslí ina ndéantar rudaí sa scoil*".

Bíonn ionchur ag páistí sa tslí ina ndéantar rudaí sa scoil: freagairtí na ndaltaí[11]



Cumarsáid le tuismitheoirí

Le linn meastóireachtaí scoile uile, fiosraíonn cigirí maidir le cáilíocht chumarsáide na scoile le tuismitheoirí, ar a n-áirítear an tslí ina gcoimeádtar tuismitheoirí ar an eolas faoi obair na scoile, faoi pholasaithe scoile, agus faoi dhul chun cinn a bpáistí. Bíonn cruinnithe ag na cigirí le hionadaithe ó chomhlachas na dtuismitheoirí[12], le bord bainistíochta na scoile agus leis an bpríomhoide mar a ndéantar a leithéid de nithe a iniúchadh. Chomh maith leis sin, cuireann na ceistneoirí a bhíonn tugtha do thuismitheoirí le linn meastóireachtaí scoile uile eolas rí-shaibhir ar fáil faoin dearcadh a bhíonn ag tuismitheoirí faoina dteagmháil féin leis an scoil.

Léiríonn meastóireachtaí scoile uile go bhfuil cáilíocht na gcumarsáidí le tuismitheoirí go maith i bhformhór na scoileanna. D'aontaigh roinnt mhór (95%) de na tuismitheoirí a ndearnadh suirbhé orthu mar chuid de phróiseas MSU le linn 2010-2012 go bhfáiltíonn scoileanna rompu. Luann tuairiscí cigireachta go minic raon láidreachtaí eile i gcumarsáidí tuismitheora scoile cosúil le teagmháil rialta idir tuismitheoirí agus an scoil, nuachtlitreacha scoile do thuismitheoirí agus gréasáin fhaisnéiseacha scoile a bhíonn go dáta. Léirigh formhór mór na dtuismitheoirí (94%) dearcadh dearfach faoi shocruithe na scoile do chruinnithe tuismitheoirí is múinteoirí cé nach dtarlaíonn, mar a léiríonn staidéir idirnáisiúnta TIMMS (Trends in International Maths and Science Study, 2011) agus PIRLS (Progress in International Reading Literacy Study, 2011), cruinnithe tuismitheoirí is múinteoirí chomh minic céanna in Éirinn le tíortha eile. D'aontaigh formhór (92%) na dtuismitheoirí a ndearnadh suirbhé orthu le linn MSUanna 2010-2012 gur thug tuairiscí scoile léargas maith dóibh ar an tslí ina raibh ag éirí lena bpáiste ar scoil.

Fáiltíonn an scoil/cuireann an scoil fáilte roimh thuismitheoirí: freagairtí na dtuismitheoirí



11 Níor cuireadh an cheist seo ach i 2010 agus 2011
12 Nuair a bhíonn comhlachas na dtuismitheoirí cleamhnaithe le Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí- Bunleibhéal

Tugann na tuairiscí scoile léargas maith dom ar dhul chun cinn mo pháiste: freagairtí na dtuismitheoirí



Ní raibh cumarsáidí na scoile le tuismitheoirí maidir le gnóthaí scoile eile, ar a n-áirítear polasaithe scoile, chomh dearfach céanna le gnéithe eile den chumarsáid. Mar shampla, mar atá luaite thuas, is cosúil nach raibh líon suntasach (24%) tuismitheoirí a ndearnadh suirbhé orthu le linn MSUanna ar an eolas faoi pholasaithe agus faoi chleachtais scoile maidir le gné na bulaíochta. Chomh maith leis sin bhí díreach os cionn dhá thrian (67%) a léirigh go dtugtar cuireadh do thuismitheoirí a dtuairimí a chur in iúl faoi pholasaithe scoile agus ní raibh ach 70% a d'aontaigh go n-éilíonn an scoil tuairimí na dtuismitheoirí go rialta faoi ghnóthaí scoile. Bhí díreach faoi bhun dhá thrian (65%) de thuismitheoirí a d'aontaigh go raibh siad ar an eolas faoin obair a bhíonn á dhéanamh ag an mbord do scoil a bpáiste. Léiríonn a leithéid de thorthaí gur gá do gach bord féin-iniúchadh a dhéanamh faoina bhfuil an trédhearcacht agus an chumarsáid le tuismitheoirí chomh láidir agus a ba chóir do a bheith. Ceisteanna iad seo a gcaithfidh comhlachais na dtuismitheoirí aghaidh a thabhairt orthu. Ní raibh ach 77% de thuismitheoirí a ndearnadh suirbhé orthu le linn MSUanna a d'aontaigh go gcoimeádann comhlachas na dtuismitheoirí i scoil a bpáiste iad ar an eolas faoin obair a bhíonn ar bun acu.

Tugtar cuireadh do thuismitheoirí a dtuairimí a léiriú ar pholasaithe scoile: freagairtí na dtuismitheoirí



Iarrann an scoil tuairimí na dtuismitheoirí go rialta ar nithe a bhaineann leis an scoil: freagairtí na dtuismitheoirí



Táim ar an eolas faoin obair atá á dhéanamh ag an mbord bainistíochta don scoil: freagairtí na dtuismitheoirí



Coimeádann coiste na dtuismitheoirí mé ar an eolas faoina chuid oibre: freagairtí na dtuismitheoirí



Bainistíocht: Ag foghlaim ó chigireachtaí

Cé go bhfuil torthaí na cigireachta faoi bhainistíocht bunscoileanna sa tréimhse 2010-2012 dearfach ar a lán bealaí, léiríonn siad freisin roinnt gnéithe tábhachtacha ar féidir agus ar cóir iad a fheabhsú:

- **Bainistíocht agus ceannaireacht éifeachtach sa scoil:** Is ábhar misnigh go bhfuil ceannaireacht straitéiseach á sholáthar ag formhór na mbord bainistíochta, a bhfuil baill dheonacha mar chomhdhéanamh orthu, dá scoileanna. Mar aon leis sin, is léir ról criticiúil na gceannairí éifeachtacha scoile – príomhoidí agus leasphríomhoidí ach go háirithe – i dtuairiscí cigireachta. Cuireann an timpeallacht chomhghuaillíochta oibre a chothaíonn siad, an chinnteoireacht chomhairleach agus an chinnireacht láidir don churaclam agus don teagasc taca faoi éifeachtacht na scoile. Mar sin féin is gá, i mionlach scoileanna, an cheannaireacht straitéiseach ó bhoird bhainistíochta agus an cheannaireacht éifeachtach ó phríomhoidí agus ó leasphríomhoidí a fheabhsú.

- **Fíor róil don bhainistíocht inscoile:** Ceann de na tréithe is coitianta a bhain le foirne bainistíochta rathúla inscoile a breathnaíodh le linn cigireachtaí ná go raibh sainfhreagrachtaí rí-shoiléir i gceannaireacht churaclaim á gcomhlíonadh acu agus go raibh siad ag glacadh cúram ar straitéisí agus ar thosaíochtaí teagaisc scoile uile a chur i bhfeidhm chun an fhoghlaim a fheabhsú. Braitheann a leithéid de thréithe, ár ndóigh, ar thoilteanas na foirne glacadh le róil chinnireachta, laistigh de struchtúr na bpost le cúraimí breise agus lasmuigh de struchtúr na bpost. Ba bhuntáiste é dá ndéanfaí na poist le cúraimí breise a thabhairt ar ais ar bhealach a thabharfadh deis freastal ar riachtanais aitheanta níos cinnte agus ag an am céanna deiseanna don cheannaireacht dháilte agus don fhíorbhainistíocht a dheimhniú.

- **An chumarsáid a fheabhsú:** Is léir go bhfuil scóp ann chun chun cur leis an gcumarsáid agus leis an bplé idir scoileanna agus tuismitheoirí go háirithe maidir le príomhpholasaithe agus príomhchleachtais scoile. Is gá eolas agus fíorghuth a thabhairt do thuismitheoirí maidir leis an tslí ina socraítear ar pholasaithe agus ar chleachtais na scoile. Tá ról fíorthábhachtach ag an mbord sa ghnó seo. Mar aon leis sin, ní mór do cheannairí agus d'fhoirne scoile an tslí ina dtagann siad ar léargais agus ar thuairimí na bhfoghlaimeoirí ina gcuid scoileanna a athbhreithniú go rialta. Maidir leis seo, is é an príomhdhúshlán ná a dheimhniú go gcuirtear fíordheiseanna ar fáil do na foghlaimeoirí chun a dtuairimí a léiriú maidir leis na cinntí a mbíonn tionchar acu orthu agus go gcuirtear san áireamh na tuairimí sin i bpróisis chinnteoireachta na scoile. Mar fhocal scoir, leagann na treoirlínte don fhéinmheastóireacht scoile a foilsíodh i mí na Samhna 2012 béim ar an tábhacht a bhaineann le dearcthaí tuismitheoirí agus daltaí araon a fháil ar obair na scoile i gcomhthéacs na meastóireachta a déantar ar éifeachtacht na hoibre sin agus ar an bpleanáil don fheabhsúchán.

- **Bulaíocht:** Léiríonn cigireachtaí go gcreideann líon mór tuismitheoirí go gcuireann an scoil timpeallacht shábháilte ar fáil dá bpáistí. Mar sin féin, tá céatadáin níos ísle ná sin muiníneach go n-éiríonn lena scoil bulaíocht a láimhseáil go maith agus thug nach mór an ceathrú cuid de thuismitheoirí le fios nach raibh a fhios acu an raibh a scoil éifeachtach ag plé leis an mbulaíocht. Tugann sé seo le fios gur gá do scoileanna, ar an gcuid is lú, feasacht a ardú go rialta faoi na bearta frithbhulaíochta atá i bhfeidhm acu. I gcásanna áirithe, ba chóir do scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar na cóid iompair agus ar na polasaithe frithbhulaíochta atá acu agus a dheimhniú go mbíonn siad seo ar eolas go maith agus á gcur i bhfeidhm ag an bhfoireann uile

3.3 Cáilíocht na pleanála scoile agus na féinmheastóireachta scoile i mbunscoileanna

Le linn meastóireachtaí scoile uile agus na meastóireachtaí téamúla ar phleanáil agus ar spriocanna a aithint a rinneadh i 2010-2012, rinne cigirí inniúchadh ar cé chomh maith agus a rinne scoileanna pleanáil chun a dheimhniú go raibh eispéaras oideachais ar ardchaighdeán agus le bonn cothromúil á fháil ag daltaí. Rinne siad a gcuid meastóireachtaí a cheangal den chuid is mó leis an gcreat pleanála le haghaidh forbairt scoile a bhfuil taithí ag scoileanna air agus óna mbíonn formhór na scoileanna ag feidhmiú. Cé gur tuigeadh nach raibh taithí fós ag a lán scoileanna ar an gcur chuige breise tionchar-dírithe agus feabhsú-dírithe a bhaineann le féinmheastóireacht scoile, ar an iomlán níor cheangal cigirí ionchais na féinmheastóireachta scoile le próisis phleanála na scoile le linn na MSUanna a bhí ar bun acu. Chuir siad san áireamh, cé go raibh an phleanáil don fhorbairt scoile mar shaintréith ag scoileanna le tamall anuas, nach raibh ach tús á chur leis na cleachtais níos beaichte don fhéinmheastóireacht.

Bhreathnaigh na cigirí ar an gceangal a bhí ag pleanáil scoile le cáilíocht fhoghlama na ndaltaí agus le hobair na scoile trí chéile. Chuir siad san áireamh róil agus freagrachtaí na mball foirne sa phróiseas pleanála, leibhéal na pleanála do theagasc achair agus ábhair churaclaim ar leith agus an tslí inar cuireadh na pleananna i bhfeidhm. Léiríodh dóibh, laistigh den chreat pleanála le haghaidh forbairt scoile, gur léir próisis phleanála scoile a bhí sásúil i 74% de na scoileanna. Sna scoileanna ina raibh féinmheastóireacht neamhfhoirmiúil nó gníomhaíochtaí níos foirmeálta sna próisis phleanála ar bun, luadh iad seo agus rinneadh meastóireacht agus tuairisciú orthu (mar a tharla maidir leis na meastóireachtaí a rinneadh i scoileanna DEIS)[13].

I scoileanna ina raibh an phleanáil scoile níos éifeachtaí, bhí ceannaireacht láidir á sholáthar ag príomhoidí don phróiseas pleanála agus dheimhnigh siad gur próiseas comhoibríoch a bhí ann go fíor ina raibh an fhoireann, an bord agus comhlachas na dtuismitheoirí páirteach. Bhí spriocanna a bhí

13 Féach *Spotsholas ar DEIS*

leagtha amach go soiléir, dírithe ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim agus ar eagrú agus acmhainní scoile, mar shaintréith ag an dea-chleachtas freisin. Rinne scoileanna éifeachtacha mion-anailís freisin ar shonraí ó mheasúnuithe caighdeánacha agus breathnóireachta chun spriocanna don fheabhsú a aithint agus chun straitéisí don chur i bhfeidhm a threorú. Chuir sé seo ar a gcumas spriocanna scoile a leagan síos a bhíonn an-úsáideach chun pleanáil ranga, modhanna múinte agus cur chuigí don difreálú a threorú.

Ní éilíonn pleanáil scoile uile agus féinmheastóireacht scoile carnáin mhóra páipéarachais ach bíonn tionchar inaitheanta acu ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim agus ar thimpeallacht na scoile. I scoileanna ina raibh an phleanáil agus na cleachtais athbhreithnithe ab fhearr, bhí soiléire ag baint le pleananna na múinteoirí, iad cuspóir-bhunaithe, le pleananna fadtréimhseacha agus gearrthréimhseacha a bhí ceangailte leis an bplean scoile. I bpleananna na múinteoirí seo freisin bhí cur chuigí ábhartha agus réalaíocha don difreálú ar an gcuraclam do dhaltaí i ranganna le leibhéil chumais éagsúla.

Pleanáil scoile agus féinmheastóireacht scoile: Ag foghlaim ó chigireachtaí

Léiríonn torthaí cigireachtaí sa tréimhse 2010-2012 roinnt nithe ar gá díriú orthu chun na próisis don phleanáil scoile mar atá faoi láthair a fhorbairt agus a fheabhsú ionas gur féidir an fhéinmheastóireacht scoile a bhunú go daingean i scoileanna.

- **Úsáid na pleanála scoile uile agus na féinmheastóireachta chun feabhsú a chur chun cinn:** Is léir ó thorthaí cigireachtaí nuair a bhíonn ceannaireacht éifeachtach á soláthar ag príomhoidí scoile, nuair a bhíonn foirne tiomanta don mhachnamh ar bhonn criticiúil ach cuiditheach ar a gcuid oibre, agus nuair a bhaintear leas éifeachtach as measúnú agus as sonraí eile, gur féidir le scoileanna na hathruithe is gá a aithint chun feabhsuithe a chur i gcrích i bhfoghlaim daltaí. Tugann na torthaí le fios go láidir gur gá do scoileanna i gcoitinne forbairt bhreise a dhéanamh ar an acmhainn atá acu spriocanna a aithint agus, nuair a bhíonn a leithéid ar bun acu, úsáid níos éifeachtaí a bhaint as eolas ó mheasúnuithe.

- **Ba chóir fianaise ó mheasúnuithe daltaí agus fianaise ó thuismitheoirí agus ó dhaltaí a úsáid mar bhonn eolais don fhéinmheastóireacht agus don phleanáil:** Tá sé léirithe ó thaithí scoileanna a bhí páirteach sa phíolótú ar treoirlínte don fhéinmheastóireacht scoile go bhfuil luach ag baint leis an leas is féidir a bhaint as fianaise ó raon leathan foinsí, ina measc dearcthaí daltaí agus tuismitheoirí faoina dtuairimí ar obair na scoile. Léirigh sé freisin go bhfuil sé ríthábhachtach athbhreithniú agus anailísiú cúramach a dhéanamh ar eolas ó mheasúnuithe agus ar shonraí eile chun cuidiú le teacht ar chonclúidí faoin gcleachtas. Dhírigh an tréimhse píolótach aird ar an tábhacht a bhaineann le sainspriocanna intomhaiste a rianadh bunaithe ar anailís ar an bhfianaise uile a bhíonn bailithe, agus dírithe ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim a fheabhsú.

- **Ní mór don phleanáil scoile uile laistigh de chreat féinmheastóireachta scoile a bheith leabaithe i mbunscoileanna:** Is gá próisis láidre a fhorbairt don fhéinmheastóireacht scoile a bheidh de réir na dTreoirlínte don Fhéinmheastóireacht Scoile. Beidh sé ríthábhachtach sna blianta atá le teacht na sé chéimeanna den phróiseas féinmheastóireachta a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh orthu mar aon le leanúint leis an mbéim a choimeád ar fheabhsú an teagaisc agus na foghlama.

- **Caithfear ullmhúchán aonair an mhúinteora don teagasc a fheabhsú:** Is léir ó chigireachtaí teagmhasacha don tréimhse 2010-2012 nach mbíonn múinteoirí sách ullmhaithe chun 18% de cheachtanna a theagasc. Tá an toradh seo i bhfad níos fearr ná torthaí na gcigireachtaí teagmhasacha ar cheachtanna Béarla agus matamaitice sa tréimhse Deireadh Fómhair 2009 go Deireadh Fómhair 2010, nuair a léiríodh ullmhúchán múinteoirí a bheith míshásúil sa tríú cuid de cheachtanna. Ní thagraíonn an t-ullmhúchán seo do phleananna scríofa amháin, ach don obair go léir a dhéantar chun ceachtanna a eagrú go héifeachtach. Tá ról tábhachtach ag ceannairí scoile ullmhúchán sasúil do cheachtanna a spreagadh agus, ar bhealach níos ginearálta, athmhachnamh comhoibríoch rialta a chothú ar cháilíocht an teagaisc i rangsheomraí aonair.

3.4 Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Bhéarla, sa Mhatamaitic agus sa Ghaeilge i mbunscoileanna

Tá formhór na mbunscoileanna ag feidhmiú, ar an iomlán, go sásúil maidir le cáilíocht an teagaisc atá á sholáthar acu agus maidir le dul chun cinn a bhfoghlaimeoirí. Léirigh cigireachtaí gan réamhfhógra (teagmhasacha) le linn na tréimhse 2010-2012 go raibh caighdeán an teagaisc i gcoitinne sásúil nó níos fearr i 86% de scoileanna agus go raibh caighdeán na foghlama i gcoitinne sásúil nó níos fearr i 87% de scoileanna. I measc na dtuismitheoirí ar tugadh suirbhé dóibh mar chuid de phróiseas MSU, d'aontaigh céatadáin an-ard go raibh an teagasc go maith i scoil a bpáiste agus go raibh ag éirí go maith lena bpáiste ar scoil. Tá na torthaí seo an-dearfach.

Teagasc i gcoitinne: meastóireachtaí na gcigirí (cigireachtaí theagmhasacha)



Foghlaim i gcoitinne: meastóireachtaí na gcigirí (cigireachtaí teagmhasacha)



Tá an teagasc go maith sa scoil: freagairtí na dtuismitheoirí



Tá ag éirí go maith le mo pháiste sa scoil: freagairtí na dtuismitheoirí



Mar sin féin, nuair a rinneadh iniúchadh níos géire, thuairiscigh cigirí an-éagsúlachtaí in éifeachtacht an teagaisc agus i gcáilíocht fhoghlama na ndaltaí mar atá pléite sna codanna a leanann.

Cé chomh maith agus atá múineadh agus foghlaim an Bhéarla i mbunscoileanna?

Ar an iomlán bhí torthaí na gcigirí ar mhúineadh agus ar fhoghlaim an Bhéarla i mbunscoileanna dearfach sa tréimhse 2010-2012 agus rinneadh fianaise chomhthacaíoch a sholáthar ó dhearcthaí na dtuismitheoirí agus ó staidéir idirnáisiúnta.

Léirigh cigireachtaí teagmhasacha go raibh na torthaí foghlama do dhaltaí sásúil i 87% de na ceachtanna Béarla a ndearnadh cigireacht orthu agus go raibh na modhanna múinte a bhí in úsáid sna ceachtanna oiriúnach i 86% de na cásanna. Ba mhinic a luaigh cigirí, agus a mhol siad, an ceartúchán a rinneadh ar obair na ndaltaí, an bhainistíocht éifeachtach ar dhaltaí, an cháilíocht a bhain le rannpháirtíocht na ndaltaí i gceachtanna Béarla, mar aon leis an aird a thug an múinteoir ar dhaingniú na foghlama trí athdhéanamh, ceistiúchán éifeachtach ar dhaltaí agus seiceáil leanúnach ar thuiscint na ndaltaí. Bhí na torthaí a d'eascair ó mheastóireachtaí scoile le réamhfhógra chomh dearfach céanna faoi fhoghlaim na ndaltaí: measadh go raibh an cháilíocht a bhain le torthaí foghlama na ndaltaí don Bhéarla trí chéile sásúil nó níos fearr ná sin i líon mór (89%) de na scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu.

Torthaí foghlama an Bhéarla: meastóireachtaí na gcigirí (cigireachtaí teagmhasacha)



Torthaí foghlama an Bhéarla: meastóireachtaí na gcigirí (MSU)



Cur chuigí i dteagasc an Bhéarla: meastóireachtaí na gcigirí (cigireachtaí teagmhasacha)



Bhí tuismitheoirí sásta le heispéaras a bpáistí ar fhoghlaim na léitheoireachta. D'aontaigh na tuismitheoirí go léir nach mór (96%) a ndearnadh suirbhé orthu le linn phróiseas an MSU leis an ráiteas, *Cabhraíonn an scoil le mo pháiste dul chun cinn a dhéanamh sa léitheoireacht*. Ní raibh dearcthaí na ndaltaí ar an dul chun cinn sa léitheoireacht chomh dearfach céanna le 83% de na daltaí a ndearnadh suirbhé orthu ag tabhairt le fios gur shíl siad go raibh ag éirí go maith leo sa léitheoireacht.

Cabhraíonn an scoil le mo pháiste dul chun cinn a dhéanamh sa léitheoireacht: freagairtí na dtuismitheoirí



Tá ag éirí go maith liom sa léitheoireacht: freagairtí na ndaltaí



Tá na tuairimí seo ó chigirí agus ó thuismitheoirí, a bhfuil a bhformhór dearfach, ag teacht leis na torthaí maithe a fuair daltaí na hÉireann sa triail idirnáisiúnta i léitheoireacht na litearthachta, PIRLS. Rinne an staidéar seo comparáid idir scileanna léitheoireachta ag daltaí i ranganna a ceathair coibhéiseacha thar 45 tír i 2011 agus léiríodh go bhfuair daltaí na hÉireann scóir a bhí i bhfad níos airde agus go raibh Éire i measc na dtíortha barrfheidhmíochta.

Cé go bhfuil torthaí an Bhéarla dearfach ar an iomlán, tugann sonraí na MSUanna agus na gcigireachtaí teagmhasacha le fios freisin go bhfuil méideanna suntasacha daltaí go bhféadfaí fós a n-eispéaras

foghlama agus a ngnóthachtálacha sa Bhéarla a bheith níos fearr. Mar shampla, léiríonn torthaí na gcigireachtaí teagmhasacha 2010-2012 nach raibh cáilíocht fhoghlama na ndaltaí sásúil i 13% de na ceachtanna Béarla a ndearnadh cigireacht orthu. Ar aon dul leis seo, ba é breithmheas na gcigirí nach raibh teagasc an Bhéarla tríd is tríd ná foghlaim na ndaltaí sa Bhéarla tríd is tríd sásúil i 11% de na scoileanna inar tharla meastóireachtaí scoile le fógra tugtha.

Béarla: Ag foghlaim ó chigireachtaí

Tá léiriú follasach le fáil ó shonraí cigireachta 2010-2012 don Bhéarla ar roinnt dúshlán gur gá aird a dhíriú orthu i mionlach suntasach bunscoileanna:

- **Ullmhúchán:** Léiríodh nach raibh múinteoirí sách ullmhaithe don teagasc i 18% de na ceachtanna Béarla a ndearnadh cigireacht theagmhasach orthu sa tréimhse 2010-2012 agus, i gcás thart ar an cúigiú cuid (22%) de na ceachtanna, ní raibh aon phleananna scríofa fadtréimhseacha ná gearrthréimhseacha ann don ábhar.

- **Measúnú:** Ba léir do chigirí, agus iad ag plé le cigireachtaí teagmhasacha thar thréimhse 2010-2012, feabhas suntasach san úsáid a bhí á baint as cleachtais mheasúnaithe i gceachtanna Béarla. Níor tuairiscíodh cleachtais shásúla don mheasúnú ach i gcás 67% de cheachtanna i 2010 ach 77% a bhí ann i 2012. Seans gur léiriú é an feabhsúchán ar an mbéim ar mheasúnú sa *Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta*. Bhí, áfach, mór-easnaimh i gcleachtais an mheasúnaithe sa cheathrú cuid nach mór (23%) de na ceachtanna Béarla a breathnaíodh le linn cigireachtaí teagmhasacha 2012. Tá sé an-tábhachtach go mbeadh múinteoirí ábalta measúnú a dhéanamh ar cé chomh maith agus atá daltaí ag foghlaim agus a aithint conas agus cén fáth nach bhfuil daltaí ag dul chun cinn. Cuireann an úsáid fhoirmitheach seo ar chumas an mhúinteora na chéad chéimeanna eile is éifeachtaí a ghlacadh leis an dalta. Cé go bhfuil sé go maith taifead a dhéanamh ar an bhfeabhsúchán sa ghné seo d'obair na scoile, is léir freisin gur gá cur le scileanna múinteoirí sa réimse seo.

- **Cur Chuigí:** Le linn na MSUanna i scoileanna inar léir tearcfheidhmíocht sa Bhéarla, chuir cigirí comhairle ar fáil faoina leithéid seo:
  - *Teanga labhartha:* An gá clár struchtúrtha sa teanga labhartha a theagasc go follasach
  - *Scríbhneoireacht:* An tábhacht cur chuige scoile uile, forbartha agus córasach, a fhorbairt do theagasc na scríbhneoireachta ag cinntiú go mbíonn deiseanna scríbhneoireachta agus taithí scríbhneoireachta i séanraí éagsúla ag daltaí go minic
  - *Tuiscint:* An gá cur chuige scoile uile a chur i bhfeidhm don fhorbairt ar scileanna tuisceana
  - *Léitheoireacht:* An gá teagasc comhtháiteach agus follasach ar scileanna léitheoireachta a dheimhniú de réir mar a ghluaiseann daltaí tríd an scoil mar aon le hábhair léitheoireachta difreáilte a bheith ar fáil gan dua chun spéis a chothú agus dul chun cinn a chinntiú sa léitheoireacht.

Cé chomh maith agus atá múineadh agus foghlaim na Matamaitice i mbunscoileanna?

Eascraíonn a lán torthaí dearfacha ó thuairiscí na gcigirí ar theagasc na matamaitice sa tréimhse 2010-2012 agus tá tuairimí na dtuismitheoirí dearfach i gcoitinne. Tá fianaise dhearfach le fáil freisin ó thaighde idirnáisiúnta faoi ghnóthachtáil dhaltaí sa mhatamaitic ag an mbunscoil. Mar sin féin, léiríonn cigireachtaí agus fianaise idirnáisiúnta araon roinnt réimsí ar gá iad a fheabhsú.

Le linn 2010-2012, thuairiscigh cigirí go raibh cur chuigí i gceachtanna matamaitice sásúil nó níos fearr i 83% de na ceachtanna a ndearnadh meastóireacht orthu i gcigireachtaí gan réamhfhógra (teagmhasacha). Ba é a mbreithmheas go raibh foghlaim na ndaltaí comhdhlúite go cuí i bhformhór (86%) na gceachtanna. Bhí na láidreachtaí sa chleachtas a d'aithin na cigirí ar aon dul leo siúd a aithníodh ina lán de na ceachtanna Béarla: ceartúchán ar obair na bpáistí, bainistíocht na ndaltaí le linn ceachtanna matamaitice agus cáilíocht a rannpháirtíochta i bhfoghlaim na matamaitice.

Cur chuigí do theagasc na matamaitice: meastóireachtaí na gcigirí (cigireachtaí teagmhasacha)



Comhdhlúthú ar fhoghlaim na matamaitice: meastóireachtaí na gcigirí (cigireachtaí teagmhasacha)



Torthaí foghlama sa mhatamaitice: meastóireachtaí na gcigirí (cigireachtaí teagmhasacha)



Thuairiscigh cigirí freisin go raibh foghlaim na ndaltaí le linn ceachtanna matamaitice sásúil nó níos fearr i 85% de na ceachtanna a ndearna siad cigireacht orthu le linn cigireachtaí teagmhasacha. Léirigh MSUanna go raibh cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa mhatamaitic i gcoitinne sásúil nó níos fearr i 92% de na scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu.

Teagasc agus foghlaim na matamaitice san iomlán: meastóireacht na gcigirí (MSU)



D'aontaigh nach mór gach tuismitheoir (94%) a ndearnadh suirbhé orthu le linn phróiseas MSU thar thréimhse trí bliana go raibh scoil a bpáiste ag cuidiú lena bpáiste dul chun cinn a dhéanamh sa mhatamaitic. Ní raibh, áfach, daltaí chomh dearfach céanna maidir lena dtuairim faoin dul chun cinn a bhí á dhéanamh acu sa mhatamaitic le céatadáin níos ísle (78%) ag aontú go raibh ag éirí go maith leo sa mhatamaitic.

Tá an scoil ag cabhrú le mo pháiste dul chun cinn a dhéanamh sa mhatamaitic: freagairtí na dtuismitheoirí



Léiríonn obair ón triail idirnáisiúnta, TIMSS 2011, freisin, go bhfuil ag éirí sách maith le daltaí bunscoile na hÉireann sa mhatamaitic. D'éirigh go mór os cionn an mheáin le daltaí rang a ceathair na hÉireann as an 50 tír a ghlac páirt sa staidéar, cé nach rabhadar i measc na dtíortha ab airde gnóthachtála sa mhatamaitic.

Luaigh na cigirí ábhair imní faoi fhoghlaim agus faoi dhul chun cinn daltaí sa mhatamaitic i 15% de na ceachtanna a chonaic siad i gcigireachtaí teagmhasacha sa tréimhse 2010-2012.

Matamaitic: Ag foghlaim ó chigireachtaí

Léiríonn scrúdú níos géire ar an eolas ó chigireachtaí teagmhasacha sa tréimhse 2010-2012 roinnt príomhdhúshlán do sholáthar churaclam na matamaitice i líon suntasach ranganna agus scoileanna.

- **Ullmhúchán:** Mar ábhar imní, ar an gcéad dul síos, bhí an líon ceachtanna matamaitice ina raibh ullmhúchán na múinteoirí neamhleorach. Ar an iomlán, ba léir do chigirí nach raibh ullmhúchán na múinteoirí sásúil i 19% de na ceachtanna matamaitice ar thug siad cuairt orthu le linn cigireachtaí teagmhasacha. Is féidir é seo a chur i gcomparáid le 25% de na ceachtanna matamaitice sa tréimhse 2009-2010[14]. Cé gur ábhar misnigh é an feabhas seo, leanann fós an t-ábhar imní go bhfuil nach mór ceann as gach cúig cinn de na ceachtanna matamaitice nach bhfuil an t-ullmhúchán sách sasúil dóibh. Is mó fós mar scéal é seo nuair a chuirtear san áireamh go raibh an

14 Cigireachtaí Teagmhasacha 2010: Tuairisc ar Theagasc agus ar Fhoghlaim an Bhéarla agus na Matamaitice i mBunscoileanna

cúigiú cuid (20%) de na ceachtanna matamaitice a ndearnadh cigireacht orthu le linn 2010-2012, a raibh sé le rá ag cigirí fúthu nach raibh pleananna scríofa ag an múinteoir.

- **Measúnú:** Tugtar le fios go láidir ó fhianaise cigireachtaí go bhfuil feabhsuithe leanúnacha sa cháilíocht agus san éifeachtacht lena ndéanann scoileanna agus múinteoirí measúnú agus eolas ó mheasúnuithe a úsáid sa teagasc. Tuairiscíonn cigirí, áfach, nach bhfuil úsáid an mheasúnaithe sásúil i 28% de na ceachtanna matamaitice.

  Tugann tuairiscí MSUanna le fios, nuair a bhíonn easnaimh ag scoileanna ó thaobh an mheasúnaithe sa Mhatamaitic, go mbaineann siad seo de ghnáth le réimse an mheasúnaithe *mhúnlaithigh* (a ndéantar tagairt do go minic mar an *measúnú don fhoghlaim*). Sna cásanna seo, cuireann na cigirí comhairle ar fáil maidir leis an ngá a dheimhniú go mbaintear úsáid éifeachtach as torthaí an mheasúnaithe don mhatamaitic chun eolas a sholáthar do chláir fhoghlama agus a dheimhniú, go sonrach, go mbíonn na cláir sin idirdhealaithe go cuí maidir lena n-ábhar agus lena soláthar de réir riachtanas agus chumas matamaiticiúil na bhfoghlaimeoirí éagsúla.

- **Acmhainní:** Léirigh cigireachtaí teagmhasacha sna blianta 2010-2012 go bhfuil mórscóp maidir leis an tslí ina n-úsáidtear ábhair agus acmhainní foghlama sna ceachtanna matamaitice. Tugadh faoi deara easnaimh thromchúiseacha ina leith seo i 20% de na ceachtanna a ndearnadh cigireacht orthu.

  Ábhar imní eile bainteach leis seo, a luadh go rialta i dtuairiscí MSU sna scoileanna inar measadh teagasc na matamaitice a bheith níos lú ná sásúil, ná go rabhthas ag brath an iomad ar théacsleabhair agus/nó ar leabhair saothair nó ar bhileoga oibre. Luaigh cigirí nach raibh dóthain deiseanna ag daltaí sna scoileanna seo úsáid a bhaint as acmhainní agus as láimhseoga matamaitice agus a bheith páirteach i dtascanna don fhoghlaim ghníomhach le linn ceachtanna matamaitice.

  Cé gur léir easnaimh sa tslí ina raibh úsáid á baint ag roinnt scoileanna as acmhainní chun tacú le foghlaim agus le teagasc na matamaitice, ba chóir a thabhairt faoi deara gur léir, nuair a chuirtear torthaí na gcigireachtaí teagmhasacha do 2010-2012 i gcomparáid leo siúd do 2009-2010, go bhfuil méadú ag teacht ar úsáid theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) sna ceachtanna matamaitice. Baineadh úsáid as TFC i 30% de na ceachtanna matamaitice a ndearnadh meastóireacht orthu i 2009-2010 i gcomparáid le 46% de na ceachtanna matamaitice a ndearnadh meastóireacht orthu i 2010-2012.

- **Comhoibriú, plé agus díospóireacht:** Ábhar díomá é a mhéid agus a bhíonn deiseanna ag daltaí oibriú i gcomhpháirt le chéile i gceachtanna matamaiticie. Léiríodh do na cigirí nár tugadh deis do dhaltaí obair i gcomhpháirt le chéile i dtascanna matamaitice ach i mbeagán os cionn leath (53%) de na ceachtanna matamaitice a ndearnadh meastóireacht orthu le linn cigireachtaí. Mar aon leis sin, níor thuairiscigh cigirí go raibh úsáid shásúil á baint as caint agus plé ach i 81% de na ceachtanna. Ábhar imní na torthaí seo i ngeall ar na deacrachtaí ar leith a bhaineann le snáithe réiteach fadhbanna na matamaitice mar chomhchuid de chumas matamaiticiúil na ndaltaí go hiomlán, mar atá léirithe ag triail idirnáisiúnta TIMSS.

Cé chomh maith agus atá múineadh agus foghlaim na Gaeilge i mbunscoileanna?

Níl torthaí na cigireachta i leith na Gaeilge chomh dearfach céanna in aon chor leis na torthaí don Bhéarla nó don mhatamaitic. I gcaitheamh na mblianta 2010-2012, thuairiscigh na cigirí go raibh deacrachtaí ag baint le cáilíocht an teagaisc don Ghaeilge sa chúigiú cuid de na ceachtanna a ndearnadh iniúchadh orthu le linn cigireachtaí teagmhasacha agus go raibh deacrachtaí ag baint le cáilíocht fhoghlama na teanga ag daltaí i thart ar an ceathrú cuid (24%) de na ceachtanna sin.

Cé gur moladh tiomantas agus iarrachtaí na múinteoirí ar Ghaeilge a mhúineadh ina lán meastóireachtaí scoile, ba léir i gcigireachtaí freisin go raibh díomá ag baint le torthaí foghlama. Ba é breithmheas na gcigirí go raibh an Ghaeilge sásúil nó níos fearr i 80% de na ceachtanna a breathnaíodh le linn cigireachtaí teagmhasacha. Thuairiscigh siad freisin go raibh cáilíocht na foghlama ag daltaí sásúil i 76% de na ceachtanna a ndearnadh meastóireacht orthu.

Cur chuigí i dteagasc na Gaeilge: meastóireacht na gcigirí (cigireachtaí teagmhasacha)



Torthaí foghlama na Gaeilge: meastóireacht na gcigirí (cigireachtaí teagmhasacha)



I scoileanna inar léir do na cigirí teagasc agus foghlaim na Gaeilge a bheith éifeachtach, bhí cur chuige dea-phleanáilte, scoile uile, ag na múinteoirí chun foghlaim na Gaeilge a chothú. Chruthaigh siad freisin timpeallacht a spreag úsáid rialta neamhfhoirmiúil na Gaeilge tríd an scoil.

Bhí an saibhreas teanga a bhí á sholáthar do dhaltaí mar thoisc thábhachtach, ní nach ionadh, do rath na foghlama. Ba thosca criticiúla iad cruinneas agus líofacht Ghaeilge na múinteoirí féin agus, dá réir sin, na heiseamláirí teanga a bhí ar fáil do dhaltaí mar thaca don fhoghlaim éifeachtach.

Bhí an rath ar chur i bhfeidhm an chur chuige chumarsáidigh do theagasc na teanga sa scoil mar thoisc bhreise a luadh nuair a bhí sár-rath ar theagasc na Gaeilge. Chiallaigh sé seo go raibh struchtúr maith ar cheachtanna, inar clúdaíodh deiseanna éisteachta dea-phleanáilte, agus straitéisí cosúil le drámaíocht, obair bheirte agus cluichí a chuidigh le cumas cumarsáide na ndaltaí a fhorbairt. Bhí

teagasc na léitheoireachta comhtháite go héifeachtach le hobair ar an scríbhneoireacht, agus ar scileanna labhartha agus éisteachta, agus baineadh úsáid as raon leathan ábhar léitheoireachta i nGaeilge. Bhí neart deiseanna ullmhaithe ag múinteoirí freisin chun a chur ar chumas daltaí foghlaim na teanga a dhaingniú. Mar aon leis sin, bhain múinteoirí úsáid as raon modhanna measúnaithe cosúil le breathnóireacht an mhúinteora, tascanna múinteoir-dheartha agus bailiúcháin d'obair na múinteoirí chun na príomhscileanna teanga a mheas.

Gaeilge: Ag foghlaim ó chigireachtaí

Tá léiriú follasach le fáil ó shonraí cigireachta 2010-2012 ar na dúshláin atá ann do mhórchuid scoileanna agus múinteoirí maidir leis an nGaeilge.

- **Cur chuigí:** Is léir ó thorthaí cigireachtaí teagmhasacha agus ó thuairiscí MSU gur gá do mhórchion mór de scoileanna a gcur chuige i leith teagasc na Gaeilge a athrú. I 22% de na ceachtanna Gaeilge a ndearnadh meastóireacht orthu le linn meastóireachtaí teagmhasacha ó 2010-2012, níor tugadh deis do dhaltaí foghlaim ó chaint agus ó phlé, ceann de na bunriachtanais a bhaineann le teanga a fhoghlaim. Ceann de na téamaí a thagann chun cinn arís agus arís i dtuairiscí MSU ar scoileanna ina raibh mórlaigí i dteagasc agus i bhfoghlaim na Gaeilge ná gur gá do scoileanna cur chuige cumarsáideach a úsáid do mhúineadh na Gaeilge. Mar aon leis seo, léiríonn tuairiscí MSU agus cigireachtaí teagmhasacha thar thréimhse trí bliana an gá go gcuirfí deiseanna breise ar fáil do dhaltaí oibriú i gcomhpháirt le chéile le linn na gceachtanna Gaeilge, agus go ngcuirfí dlús le foghlaim na teanga.

- **Ullmhúchán:** Éilítear ullmhúchán cúramach nuair a bhíonn an cur chuige cumarsáideach in úsáid sna ceachtanna Gaeilge. Ní mór do mhúinteoirí a bheith cinnte faoin sprioc foghlama a bhíonn i gceist don teanga, caithfear ábhar an cheachta agus na gníomhaíochtaí foghlama ábhartha don teanga a phleanáil go cúramach, agus caithfear teacht ar ábhair agus ar acmhainní foghlama cuí. Léiríonn na torthaí ó chigireachtaí teagmhasacha go bhfuil mionlach suntasach múinteoirí (22%) nach bhfuil go leor ullmhúcháin á dhéanamh acu do theagasc na Gaeilge. Ciallaíonn sé seo go bhfuil líon mór foghlaimeoirí i mbunscoileanna nach mbíonn fáil acu ar eispéiris Ghaeilge a bhíonn ullmhaithe mar is cuí, ná ar chlár foghlama céimnithe don Ghaeilge a bhíonn ullmhaithe mar is cóir.

- **Acmhainní teagaisc:** Léiríodh do chigirí, i mórchion de na ceachtanna Gaeilge (20%) a ndearnadh meastóireacht orthu le linn cigireachtaí teagmhasacha, go raibh easnaimh ar úsáid acmhainní chun tacú le teagasc agus le foghlaim na Gaeilge i seomraí ranga. Mhol an Chigireacht, i dtuarascáil 2007, *An Ghaeilge sa Bhunscoil*, go n-ullmhófaí clár céimnithe teagaisc ar aon dul le *Séideán Sí* (in úsáid faoi láthair i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge) do gach rang sa bhunscoil chun cuidiú le cur i bhfeidhm córasach an chur chuige chumarsáidigh. Níl a leithéid de chlár ar fáil fós ag leibhéal náisiúnta. Leagann torthaí na gcigireachtaí teagmhasacha 2010-2012 béim ar an bhfíorghá atá lena leithéid de chlár a fhorbairt agus a úsáid do theagasc na Gaeilge i scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán an Bhéarla. Táthar ag súil go gcuideoidh an obair atá ar bun faoi láthair ag an CNCM chun curaclam comhtháite don Ghaeilge a fhorbairt ina mbeidh saintorthaí soiléire foghlama agus acmhainní tacaíochta do mhúinteoirí, mar aon le hobair thacaíochta leanúnach COGG (An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta) don Ghaeilge i scoileanna Gaeltachta and lán-Ghaeilge, le feabhas mór a chur ar cháilíocht theagaisc agus fhoghlama na Gaeilge inár mbunscoileanna.

- **Measúnú:** Is cosúil gur dúshlán ar leith gné mheasúnaithe na Gaeilge do mhórchuid scoileanna agus múinteoirí. Thug cigirí le fios nach raibh cleachtais an mheasúnaithe sásúil i níos mó ná an

tríú cuid (35%) de na ceachtanna Gaeilge a ndearnadh meastóireacht orthu sna blianta 2010-2012. Léiríonn an toradh seo an gá go ndéanfadh líon criticiúil bunscoileanna soláthar pleanáilte, córasach ar fhoghlaim daltaí i bpríomhscileanna na Gaeilge a mheas. Is gá do scoileanna an t-eolas ón measúnú seo a úsáid ansin chun stiúir a chur ar phleanáil scoile uile agus ar mhúinteoirí aonair maidir le cuspóirí foghlama teanga, ábhar, gníomhaíochtaí do na ceachtanna Gaeilge agus na hacmhainní is gá a phleanáil. Tá fianaise ann a léiríonn go bhfuil gá ag múinteoirí le tacaíocht shuntasach sa bhforbairt ghairmiúil chun a chur ar a gcumas tabhairt faoina leithéid seo de theagasc. Is tacaíocht bhreise chun cleachtais an mheasúnaithe a fheabhsú na trialacha caighdeánaithe don Ghaeilge i mbunscoileanna, atá a fáil ón bhForas Taighde Ar Oideachas. Tá sé riachtanach, ó 2012, go mbainfeadh scoileanna a bhíonn ag teagasc trí Ghaeilge úsáid as na trialacha seo.

3.5 Cáilíocht an tsoláthair do dhaltaí i mbunscoileanna

Soláthar do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais

Nuair a bhí meastóireacht ar bun ag cigirí ar cháilíocht na tacaíochta a bhí á soláthar do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais (RSO) thug siad aird ar rudaí cosúil le polasaí rollaithe na scoile do dhaltaí le RSO, a gcuimsiú agus a rannpháirtíocht i saol na scoile, and agus cáilíocht na dtacaíochtaí teagaisc a bhí ar fáil dóibh sna seomraí ranga agus i sainchomhthéacsanna tacaíochta.

Bhí éagsúlachtaí i dtorthaí na gcigirí i gcoitinne sa tréimhse 2010-2012 maidir leis an soláthar a bhí á dhéanamh ag scoileanna do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais. Áiríodh maidir leis an ngnó seo go raibh an soláthar go maith nó níos fearr i 81% de na MSUanna le réamhfhógra. I measc na láidreachtaí sa chleachtas a chláraigh na cigirí ina leithéid de scoileanna, bhí an cur i bhfeidhm éifeachtach ar chur chuige céimnithe don fhreastal ar riachtanais dhaltaí, úsáid mhaith as an eolas ó mheasúnuithe ar a n-áirítear eolas ó thrialacha diagnóiseacha chun pleananna oideachais do dhaltaí aonair agus cláir oibre do dhaltaí a dhearadh, soiléire agus comhtháthú idir róil agus freagrachtaí na múinteoirí ranga agus tacaíochta araon chun tacaíochtaí a chur ar fáil do dhaltaí aonair, mar aon le soláthar dea-struchtúrtha, dea-acmhainnithe na dtacaíochtaí.

An soláthar do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais: meastóireachtaí na gcigirí (MSU)



Cúram do dhaltaí a mbíonn gá acu le tacaíochtaí breise

Tugann próiseas an MSU deis do chigirí breathnú ar fheidhmiú agus ar éifeachtacht na scoile maidir leis an tslí ina gcuirtear ar chumas daltaí a bhfuil cúinsí faoi mhíbhuntáiste acu a lánacmhainn oideachasúil a bhaint amach. Éascaíonn próiseas na meastóireachta fiosrúchán maidir le conas is féidir leis an scoil, go praiticiúl, freastal ar na riachtanais ag a leithéid de dhaltaí trína polasaí iontrála agus rollaithe, dáileadh acmhainní chun tacú le foghlaim daltaí agus a bpáirteachas i saol na scoile, agus comhoibriú na scoile le gníomhaireachtaí pobail chun freastal ar riachtanais daltaí. Sa phróiseas MSU breathnaíonn

cigirí freisin ar na tacaíochta a bhíonn ar fáil do dhaltaí ó ghrúpaí mionlaigh sa scoil, mar shampla, tacaíochtaí breise don Bhéarla agus polasaithe a chuireann a gcuimsiú chun cinn i ngach gné d'obair na scoile. Mar chuid den mheastóireacht ar an gcúram a sholáthraíonn an scoil do dhaltaí a bhfuil tacaíochtaí breise de dhíth orthu dá bhfoghlaim agus da bpáirteachas sa scoil, déantar iniúchadh freisin ar cháilíocht na páirtnéireachta idir an baile agus an scoil.

Léiríodh do na cigirí go raibh formhór (89%) de na scoileanna a ndearnadh cigireacht MSU orthu ag feidhmiú go héifeachtach sa tslí ina raibh siad ag tacú le daltaí i gcúinsí faoi mhíbhuntáiste agus le daltaí ó ghrúpaí mionlaigh. Ba léir freisin torthaí dearfacha i gcoitinne faoin tslí ina raibh scoileanna i gcumarsáid agus ag comhoibriú le tuismitheoirí agus le gníomhaireachtaí eile. Thug cigirí suntas go minic do thiomantas scoileanna a dheimhniú gur sásaíodh na sainriachtanais fhoghlama ag daltaí nach raibh Béarla mar mháthairtheanga acu. Thagair siad freisin do na gníomhaíochtaí dearfacha ag scoileanna agus ag seirbhísí baile, scoile agus an phobail agus iad ag tacú le freastal na ndaltaí ar scoil (gníomhaíochtaí réamhscoile agus iarscoile san áireamh) mar aon le héascú a dhéanamh ar a dtrasnú ó bhunscoil go meánscoil.

Tacaíocht do dhaltaí: Ag foghlaim ó chigireachtaí

Díríonn meastóireachtaí scoile uile aird ar roinnt gnéithe ar gá dul i ngleic leo i mionlach suntasach scoileanna ionas gur féidir an tacaíocht is gá a chur ar fáil do dhaltaí chun a lánacmhainn oideachasúil a bhaint amach:

- **Comhordú agus pleanáil:** Sa chúigiú cuid nach mór de na MSUanna a rinneadh i 2010-2012, ba léir do chigirí cleachtas a bhí faoi bhun a bheith sásúil sa tslí ina raibh tacaíochtaí do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais á bpleanáil nó á gcur ar fáil ag scoileanna. Ina dtuairiscí ar a leithéid de scoileanna, chuir cigirí comhairle ar fáil faoi raon nithe ar a n-áirítear an tábhacht a bhaineann le húsáid chuí a bhaint as uirlisí diagnóiseacha agus as tuairiscí gairmiúla chun spriocanna i bpleananna oideachais a aithint, eolas a sholáthar dóibh agus iad a athbhreithniú, agus a dheimhniú go mbíonn acmhainní oiriúnacha ar fáil agus in úsáid mar thaca don teagasc agus don fhoghlaim.

- **Cuimsiú, comhtháthú agus cumarsáid:** I roinnt cásanna, chomhairligh cigirí do scoileanna samhlacha tacaíochta inscoile a fhiosrú seachas brath go hiomlán ar shamhail tacaíochta ina raibh daltaí á dtógaint amach as an rang príomhshrutha. Leag cigirí béim freisin ar an tábhacht a bhain lena dheimhniú go raibh teagmháil éifeachtach, rialta le tuismitheoirí faoi spriocanna foghlama dá bpáiste agus faoi chláir oibre aonair.

SPOTSHOLAS AR NA PRÓISIS PHLEANÁLA I MBUNSCOILEANNA AGUS IN IAR-BHUNSCOILEANNA DEIS

Cad atá i gceist leis an Spotsholas seo?

Achoimre atá sa Spotsholas seo ar na príomhthorthaí ó chigireachtaí ar éifeachtacht phlean gníomhaíochta na Roinne chun tacú le riachtanais na bhfoghlaimeoirí ó phobail faoi mhíbhuntáiste.

Cad é DEIS?

- Plean gníomhaíochta don chuimsiú oideachasúil é DEIS *(Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh)*. Tá sé mar aidhm aige a dheimhniú go bhfreagraítear do na riachtanais oideachasúla ag páistí agus ag daoine óga ó phobail faoi mhíbhuntáiste. Tá Clár Tacaíochta Scoile comhtháite mar chuid lárnach den phlean chun idirbheartaíochtaí do scoileanna a thabhairt le chéile agus chun tógáil orthu, ar nós:
  - Scéim Theagmhála Baile, Scoile agus an Phobail (HSCL)
  - Clár Críochnaithe Scoile (SCP)
  - Clár na Múinteoirí Tacaíochta
  - Cothrom na Féinne do Pháistí faoi Mhíbhuntáiste
  - Briseadh an Timthrialla
  - Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste
  - Scéimeanna litearthachta agus uimhearthachta

Scoileanna DEIS

- Faigheann scoileanna DEIS soláthar foirne agus acmhainní breise. I ngeall air seo, tugann na scoileanna faoi phleananna gníomhaíochta timthriallacha trí bliana a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun feabhsuithe a chur chun cinn ina scoileanna faoi na téamaí DEIS seo a leanas:
  - Freastal
  - Coinneáil
  - Gluaiseacht chun cinn[15]
  - Gnóthachtáil i scrúduithe (iar-bhunleibhéal amháin)
  - Litearthacht
  - Uimhearthacht
  - Páirtnéireacht le tuismitheoirí agus le daoine eile

An mheastóireacht

- Rinne an Chigireacht an mheastóireacht ar iarratas ón Aonad um Chuimsiú Sóisialta sa Roinn Oideachais agus Scileanna. Rinneadh an chigireacht i 2010 i 18 bunscoil agus 18 iar-bhunscoil. Bhí sé mar chuspóir meastóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn a bhí a dhéanamh ag scoileanna DEIS le plean gníomhaíochta DEIS don chuimsiú oideachasúil. Dhírigh an mheastóireacht ar na próisis phleanála a bhí in úsáid ag scoileanna chun cuspóirí DEIS a bhaint amach. D'fhiosraigh cigirí, ach go háirithe, faoi nádúr agus éifeachtacht phróisis phleanála na scoileanna maidir le gach ceann de théamaí DEIS.

- Tá tuairisc iomlán ar thorthaí na meastóireachta ar fáil sna foilseacháin seo a leanas:

o Meastóireacht ar Phróisis Phleanála i mBunscoileanna DEIS, Staidéir Mheastóireachta na Cigireachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011

o Meastóireacht ar Phróisis Phleanála in Iar-bhunscoileanna DEIS, Staidéir Mheastóireachta na Cigireachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011, 2011

15 Baineann gluaiseacht chun cinn ag an mbunleibhéal le daltaí a bheith ag dul chun cinn go dtí an iar-bhunscoil. Baineann gluaiseacht chun cinn ag an iar-bhunleibhéal le gluaiseacht daltaí ón tsraith shóisearach go dtí an tsraith shinsearach agus ón tsraith shinsearach go dtí an tríú leibhéal nó go dtí breisoideachas.

Téama DEIS	Próisis Phleanála DEIS	
	Torthaí ag an mBunleibhéal	Torthaí ag an Iar-Bhunleibhéal
Iomlán	Bhí éagsúlachtaí idir bhunscoileanna, de réir na dtéamaí DEIS, ó thaobh cháilíocht phróiseas pleanála DEIS. Ar an iomlán, bhí a lán láidreachtaí sa phleanáil don fhreastal agus don choinneáil. Ní raibh na torthaí maidir leis na próisis phleanála don litearthacht, don uimhearthacht agus don pháirtnéireacht chomh dearfach céanna.	Bhí iar-bhunscoileanna ar an iomlán ag tréimhse an-luath i bpróiseas pleanála DEIS, cé go raibh mórthacaíocht agus acmhainní suntasacha faighte acu chun pleananna gníomhaíochta DEIS a chur i bhfeidhm.
Freastal	Bhí téama an fhreastail ar cheann de na téamaí ba mhó éifeacht i bpróisis phleanála na mbunscoileanna do DEIS. D'éirigh leis na scoileanna go léir nach mór feabhsuithe suntasacha, intomhaiste a bhaint amach sa bhfreastal.	Bhí níos lú ná leath a raibh cleachtais éifeachtacha acu do bheartú spriocanna i réimse an fhreastail Thuairiscigh 7 as an 18 scoil feabhsuithe sa bhfreastal Ar an iomlán, ba ghá do scoileanna díriú níos mó ar phleanáil d'fheabhsuithe sa bhfreastal .
Coinneáil	Ní raibh an téama seo le feiceáil go sonrach i bpróisis phleanála na mbunscoileanna.	D'fhreastail formhór na scoileanna go héifeachtach ar choinneáil na ndaltaí ar scoil ina bpróisis phleanála DEIS.
Gluaiseacht chun cinn	Bhí na torthaí i gcoitinne i leith na pleanála don ghluaiseacht chun cinn dearfach. Thuairiscigh tromlach na scoileanna 100% gluaiseachta chun cinn dá ndaltaí chuig iar-bhunscoileanna.	Bhí éagsúlachtaí sna torthaí i gcoitinne i leith na pleanála don ghluaiseacht go dtí an chéad leibhéal eile. *Bhí straitéisí éifeachtacha ag tromlach na scoileanna chun tacú leis an ngluaiseacht chun cinn* *Thuairiscigh leath acu feabhsuithe sa ghluaiseacht chun cinn*
Gnóthachtáil i scrúduithe (iar-bhunleibhéal amháin)	Níor bhain an téama le próisis phleanála na mbunscoileanna.	Ar an iomlán bhí na torthaí maidir le pleanáil chun feabhas a chur ar thorthaí díomách. Ní dhearna scoileanna i gcoitinne anailís ar, ná úsáid a bhaint as, na sonraí ábhartha a bhí ar fáil sa phróiseas pleanála. *Ní raibh ach 4 cinn de na 18 scoil a raibh spriocanna oiriúnacha leagtha síos acu* *Bhí leath acu a raibh straitéisí éifeachtacha acu chun tacú le torthaí scrúduithe a fheabhsú* *Bhí dul chun cinn déanta sa réimse seo ag 5 as na 18 scoileanna*
Litearthacht	Bhí éagsúlachtaí i gcoitinne sna torthaí ar phleanáil scoileanna don litearthacht. *Bhí leibhéil litearthachta feabhasaithe nó feabhasaithe go mór i 11 as an 18 scoil* *Bhí idirbheartaíochtaí éifeachtacha curtha i bhfeidhm ag beagnach gach scoil chun leibhéil litearthachta a fheabhsú* *Bhí scóp chun sprioc-aithint don litearthacht a fheabhsú i bhformhór na scoileanna*	Ar an iomlán, is beag fianaise a bhí ann go raibh cur chuigí scoile uile in úsáid don litearthacht. *Ní raibh ach 7 scoil a raibh an sprioc-aithint go maith nó go han-mhaith acu agus straitéisí acu chun na leibhéil litearthachta a fheabhsú* *Ní raibh ach 6 scoil a rinne an dul chun cinn sa liteartacht a thomhais*
Uimhearthacht	Bhí éagsúlachtaí i gcoitinne sna torthaí ar phleanáil scoileanna don uimhearthacht. *D'éirigh le 8 as an 18 scoil leibhéil uimhearthachta na ndaltaí a fheabhsú go mór* *Bhí straitéisí éifeachtacha don fheabhsú acu go léir* *Bhí laigí ag breis agus leath acu maidir leis an tslí ina raibh spriocanna á aithint acu don uimhearthacht*	Ar an iomlán, bhí leibhéal íseal rannpháirtíochta sna próisis phleanála chun gnóthachtáil sa litearthacht a fheabhsú. *Ní raibh ach 4 cinn as an 18 scoil a raibh láidreachtaí ag baint lena sprioc-aithint don uimhearthacht* *Ní raibh ach 3 scoil a raibh straitéisí éifeachtacha acu agus a raibh an dul chun cinn á thomhais acu*
Páirtnéireacht le tuismitheoirí agus le daoine eile	Bhí sé mar nós na cuspóirí a bhain le cothú na páirtnéireachta le tuismitheoirí agus le daoine eile a bheith leathan agus tearc ar shainiúlacht agus, mar thoradh, bhí sé deacair ar scoileanna an dul chun cinn a bhí déanta a aithint.	Ar an iomlán, bhí scoileanna gafa go dearfach le haithint spriocanna agus le hidirghabhála a chur i bhfeidhm chun páirtnéireachtaí le tuismitheoirí agus leis an bpobal a fheabhsú.

SPOTSHOLAS AR BHUNSCOILEANNA AGUS AR IAR-BHUNSCOILEANNNA GAELTACHTA 2010-2012

Cad atá i gceist leis an Spotsholas seo?

Achoimre atá sa Spotsholas seo ar na príomhthorthaí ó chigireachtaí ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna Gaeltachta.

Scoileanna Gaeltachta

- Tá 132 bunscoil agus 20 iar-bhunscoil sna ceantair Ghaeltachta in Éirinn. Is scoileanna beaga iad a lán de na scoileanna seo le 71 dalta mar mheánrollú sna bunscoileanna agus 144 dalta mar mheánrollú sna hiar-bhunscoileanna.

- Tá an-éagsúlachtaí, ar a lán cúiseanna, in úsáid na Gaeilge mar ghnáththeanga chumarsáide idir agus laistigh de phobail Ghaeltachta agus i bpróifíl theanga na ndaltaí sna scoileanna Gaeltachta. Ina theannta sin, tá titim shuntasach tarlaithe sna rolluithe i scoileanna Gaeltachta mar thoradh ar thosca fostaíochta agus eacnamaíochta. Bíonn scaiptheacht fhorleathan go minic ar chainteoirí Gaeilge i bpobail Ghaeltachta agus taobh le taobh leis seo inimirceacht neamh-Ghaeilgeoirí go ceantair Ghaeltachta. Tá titim shuntasach tarlaithe freisin sna rolluithe i scoileanna Gaeltachta mar thoradh ar thosca fostaíochta agus eacnamaíochta.

Meastóireachtaí Cigireachta

Le linn na tréimhse 2010-2012, rinne an Chigireacht 68 meastóireacht ar scoileanna Gaeltachta. Chlúdaigh siad seo 41 cigireacht ag an mbunleibhéal agus 27 cigireacht ag an iar-bhunleibhéal. Baineadh úsáid as raon modheolaíochtaí idir MSUanna agus cigireachtaí teagmhasacha ag an mbunleibhéal go MSU-BCFanna, cigireachtaí teagmhasacha agus cigireachtaí ábhair ag an iar-bhunleibhéal

Scoileanna Bunoideachais agus Iar-Bhunoideachais Gaeltachta: Torthaí Achomair		
Iomlán	Léiríonn torthaí cigireachta ó scoileanna Gaeltachta a lán tréithe den chleachtas éifeachtach. Léirítear réimsí freisin ina raibh gá le feabhsúchán leanúnach agus forbairt bhreise chun acmhainneacht ar sholáthar oideachais a mhéadú sna scoileanna seo. Baineann sé seo, méid áirithe, le tosca déimeagrafacha, dúshláin shuntasacha sna rolluithe, soláthar curaclaim, comhthéacsanna casta sochtheangeolaíocha, agus próifílí teanga éagsúla na ndaltaí.	
	Láidreachtaí	**Réimsí don fhorbairt**
Bainistíocht agus Ceannaireacht	Ar an iomlán, bhí cáilíocht na bainistíochta agus na ceannaireachta i gcoitinne go maith i scoileanna Gaeltachta. Tuairiscíodh go raibh scoileanna Gaeltachta dea-fheistithe le raon an-mhaith acmhainní teagaisc agus foghlama, go háirithe ag an mbunleibhéal, cé go raibh raon agus éagsúlacht an ábhair léitheoireachta i nGaeilge teoranta i gcásanna áirithe.	Caithfidh boird bhainistíochta formhór na scoileanna Gaeltachta pleananna straitéiseacha a fhorbairt don Ghaeilge ina leagtar síos spriocanna maidir le cur chun cinn na Gaeilge agus tacaíocht don Ghaeilge ag leibhéil na scoile agus an bhoird. Caithfidh roinnt iar-bhunscoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar phoist fhreagrachta agus miontuairiscí a choimeád ar chruinnithe roinne chun díriú ar na riachtanais a bhíonn ag teacht chun cinn do scoileanna. I gcodarsnacht leis an sainspiorad is gá i scoil Ghaeltachta, tuairiscíodh go ndearna boird bhainistíochta i líon beag bunscoileanna Gaeltachta cruinnithe a eagrú trí mheán an Bhéarla.
Pleanáil agus forbairt scoile	Ba léir cáilíocht na gcáipéisí pleanála scoile i gcoitinne i scoileanna Gaeltachta a bheith go maith. Baineadh úsáid le rath as TFC agus Moodle i líon beag iar-bhunscoileanna Gaeltachta chun a chur ar chumas múinteoirí leas a bhaint as an timpeallacht fhíorúil foghlama chun pleananna scoile uile, acmhainní agus ábhair teagaisc a roinnt.	I bhformhór na scoileanna Gaeltachta, bhí gá le ciall agus minicíocht bhreise ar úsáid TFC mar idirghabháil ar fhoghlaim daltaí agus chun naisc a láidriú idir an phleanáil scoile uile agus pleanáil aonair an mhúinteora. Ar an iomlán, léiríodh go raibh gá ag múinteoirí a bpleanáil a fheabhsú agus a gcleachtas don idirdhealú a neartú lena dheimhniú go mbíonn dóthain dúshlán ar fáil do dhaltaí.
Teagasc, Foghlaim, agus Gnóthachtáil na nDaltaí	Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa raon idir go maith agus go han-mhaith sna scoileanna Gaeltachta ina ndearnadh meastóireachtaí. Sa líon beag scoileanna Gaeltachta ina raibh gnóthachtáil mhaith ag daltaí i gcumas teanga na Gaeilge bhí na tréithe seo a leanas: *ceannaireacht láidir ón bpríomhoide agus ón mbord bainistíochta* *comhthiomantas foirne agus ardleibhéil chumais sa Ghaeilge i measc na múinteoirí* *comhlachais ghníomhacha tuismitheoirí, bealaí cumarsáide maithe, agus naisc láidre leis on bpobal* *cúram tréadach láidir agus córais mheantóireachta* *úsáid fheidhmiúil ar ghrúpaí beaga sna seomraí ranga* *úsáid éifeachtach ar theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC)* *rannpháirtíocht i raon gníomhaíochtaí seach-churaclam agus comhchuraclaim.*	Bhain príomhdhúshlán a aithníodh i bhformhór na mbunscoileanna Gaeltachta le formhór na ndaltaí a bheith ag úsáid Béarla mar theanga chumarsáide lasmuigh de na ceachtanna Gaeilge. Dhírigh cigirí aird go minic ar an ngá foclóir Gaeilge thar an raon achar curaclam a theagasc go córasach i scoileanna Gaeltachta. Bhain níos lú ná leath de na scoileanna Gaeltachta úsáid as modhanna difreálaithe don fhoghlaim ghníomhach agus as cur chuigí múnlaitheacha agus forbartha. I líon beag bunscoileanna Gaeltachta, d'ardaigh cigirí ceisteanna maidir le caighdeáin sa líofacht teanga agus sa ghnóthachtáil ag daltaí. Sna cásanna seo, tuairiscíodh go raibh gá cur le teagmháil chumarsáideach na ndaltaí leis an nGaeilge i gclós na scoile agus in achair churaclaim eile trí Ghaeilge. Mhol cigirí go mbainfí úsáid bhreise i roinnt mhaith bunscoileanna Gaeltachta as an gcláir comhtháite teanga Séideán Sí chun tacú le scileanna teangeolaíochta Gaeilge daltaí a fhorbairt.

Litearthacht (Gaeilge/Béarla)	Sna scoileanna Gaeltachta go léir, bhí caighdeáin na litearthachta sa Ghaeilge agus sa Bhéarla idir go maith agus go han-mhaith. Tuairiscíodh gnóthachtáil na ndaltaí a bheith go han-mhaith i líon suntasach bunscoileanna Gaeltachta nuair a bhí cur chuige comhtháite teanga-uile i bhfeidhm le béim láidir ar scileanna réamhléitheoireachta, ar fhónaic agus bhí fáil acu go minic ar eispéiris léitheoireachta agus scríbhneoireachta. Tuairiscíodh foghlaim an-mhaith i mbeagnach gach ceacht praiticiúil in iar-bhunscoileanna ina raibh daltaí ag obair i bhfoirne tionscnamh bhunaithe.	I líon mór scoileanna Gaeltachta, tuairiscíodh gur minic ceachtanna Gaeilge á múineadh go dátheangach le Béarla in uachtar sa chumarsáid i measc na ndaltaí. Chuir sé seo bac ar chumas daltaí dúshlán a chur rompu féin smaoineamh go cognaíoch sa spriocthéanga. Tuairiscíodh go raibh cáilíocht na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta lag i líon beag bunscoileanna Gaeltachta. Sna cásanna seo, bhí deiseanna páirtíochta na ndaltaí sa teanga labhartha agus i ngníomhaíochtaí saorscríbhneoireachta teoranta. Bhí gá forbairt bhreise ar staidéar na filíochta agus ar chláir scoile uile do labhairt agus do scríobh an Bhéarla a chur i bhfeidhm i mbunscoileanna. Luadh go minic an scríbhneoireacht mar réimse a raibh gá forbairt a dhéanamh uirthi agus síneadh a chur léi i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna araon.
Uimhearthacht	Léiríonn torthaí cigireachta go raibh cáilíocht an teagaisc don mhatamaitic i mbunscoileanna Gaeltachta go maith i gcoitinne agus go han-mhaith i roinnt scoileanna.	I bhformhór na scoileanna Gaeltachta bhí gá máistreacht na ndaltaí ar scileanna meastóireachta agus réiteach fadhbanna ag baint úsáide as comhthéacsanna ón bhfíorshaol a fheabhsú. Aithníodh teanga na Matamaitice agus teanga na nábhar eile a múintear eile trí Ghaeilge mar dúshlán rí-mhór do thromlach na scoileanna Gaeltachta. Ar an iomlán, tuairiscíodh go raibh gá le ceangal agus le comhtháthú breise idir scileanna litearthachta agus uimhearthachta i nGaeilge laistigh d'ábhair agus idir ábhair.
Dul Chun Cinn Oideachasúil	I bhformhór na scoileanna Gaeltachta bhí dul chun cinn áirithe á léiriú maidir le hanailís a dhéanamh ar thorthaí trialacha chun eolas a sholáthar don teagasc agus don fhoghlaim.	Ar an iomlán, léiríodh go raibh gá raon na modheolaíochtaí a bhí in úsáid don mheasúnú a mhéadú ar a n-áirítear na daltaí féin a bheith páirteach san athbhreithniú ar a bhfoghlaim féin. I bhformhór na scoileanna Gaeltachta, bhí gá athbhreithniú, monatóireacht agus anailís níos córasaí a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar chaighdeáin ghnóthachtála na ndaltaí.
Páirtnéireacht le Tuismitheoirí agus le Daoine Eile	Ar an iomlán, léirigh tuismitheoirí na ndaltaí a bhí ag freastal ar scoileanna Gaeltachta dearcthaí dearfacha faoi cháilíocht an teagaisc agus na foghlama a bhí á chur ar fáil. Ba léir naisc láidre agus bealaí cumarsáide maithe leis an bpobal, agus le coistí tuismitheoirí, i bhformhór na scoileanna. Tharla cruinnithe tuismitheora/múinteora go rialta sna scoileanna Gaeltachta a ndearnadh meastóireacht orthu.	I líon beag bunscoileanna Gaeltachta, bhí gá le ról níos gníomhaí ó bhoird bainistíochta chun tacú le comhlachais thuismitheoirí a bhunú. Tá gá ag a lán scoileanna Gaeltachta rannpháirtíocht na dtuismitheoirí i bpróisis fhéinmheastóireachta na scoile a mhéadú. I líon beag bunscoileanna Gaeltachta moladh gur gá tuarascálacha bliantúla (eolas ábhartha ar chumas teanga san áireamh) a chur ar fáil do thuismitheoirí.

Tacaíocht do Dhaltaí	Bhí na torthaí i gcoitinne maidir le tacaíocht do dhaltaí dearfach. *Bhí cáilíocht an chúraim do dhaltaí i mbeagnach gach scoil Ghaeltachta go han-mhaith.* *Bhí torthaí dearfacha maidir le hiompar daltaí* *Ba léir ardleibhéil inspreagthachta i measc na ndaltaí, go háirithe nuair a tugadh deis do dhaltaí páirt a ghlacadh i dtionscnaimh, ar nós, 'Scríobh Leabhar', imeachtaí drámaíochta, an Brat Glas, bia shláintiúil, agus cláir idirscoile bunleibhéal/iar-bhunleibhéal.*	Ar an iomlán, bhí gá cothromaíocht bhreise idir an tacaíocht sa rang agus lasmuigh den rang a dheimhniú. Luadh go raibh gá le comhordú breise agus le naisc bhreise idir obair na gCuntóirí Teanga atá maoinithe ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus obair na múinteorí ranga.
Féinmheastóireacht Scoile agus Acmhainn don Fheabhsúchán	Ar an iomlán, tuairiscíodh go raibh boird bhainistíochta agus foirne tiomanta d'fhorbairt leanúnach na scoile.	Bhí féinmheastóireacht scoile ag tréimhse forbartha an-luath i bhformhór na scoileanna Gaeltachta. Bhí fianaise theoranta ar athbhreithniú rialta a bheith ag tarlú ar pholasaithe curaclaim scoile uile agus ar pholasaithe riarachán, agus fianaise theoranta freisin ar spriocanna don fheabhsúchán a bheith á leagan amach.

Caibidil 4

CAD A INSÍONN AN CHIGIREACHT DÚINN FAOI IAR-BHUNSCOILEANNA?

4.1 Bonn na dtorthaí

Tá achoimre na dtorthaí ó chigireachtaí in iar-bhunscoileanna sa tréimhse 2010-2012 bunaithe ar anailís eolais ó:

- Nach mór 190 meastóireacht scoile uile – bainistíocht, ceannaireacht agus foghlaim (MSU-BCFanna)
- Os cionn 1,400 cigireacht ábhair
- Os cionn 430 cigireacht theagmhasach
- 62 meastóireachtaí ar chláir
- Cigireachtaí téamúla ar phleanáil agus ar spriocanna a aithint i 34 scoil DEIS
- Os cionn 29,000 ceistneoir faoi rún do dhaltaí a dáileadh ar dhaltaí sa dara bliain agus sa chúigiú bliain le linn MSU-BCFanna
- Os cionn 20,000 ceistneoir faoi rún do thuismitheoirí a dáileadh ar raon samplach tuismitheoirí daltaí sa dara bliain agus sa chúigiú bliain le linn MSU-BCFanna.

Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (MSU-MLL) an cineál cigireachta scoile is mó a úsáidtear do chigeachtaí scoile uile ag an iar-bhunleibhéal. Cuireadh tús leo i 2010. Cigireachtaí le réamhfhógra a bhíonn sna MSU-BCFanna toisc gur gá fógra a thabhairt ionas gur féidir cruinnithe a eagrú le baill den bhord bainistíochta, le baill de chumann na dtuismitheoirí, le fócasghrúpaí daltaí, leis an bpríomhoide agus leis an bpríomhoide tánaisteach, agus le grúpaí múinteoirí ar nós múinteoirí a bhfuil dualgais ar leith orm do riachtanais speisialta oideachais. Le linn MSU-BCF, déanann cigirí iniúchadh agus tuairisciú ar cheithre phríomhréimse:

- Cáilíocht na bainistíochta agus na ceannaireachta sa scoil
- Cáilíocht na foghlama agus an teagaisc
- Cur i bhfeidhm na moltaí ó mheastóireachtaí a tharla cheana
- Próiseas féinmheastóireachta na scoile agus an scóp don fheabhsú

Cigireachtaí Ábhair a bhíonn i gceist le cigireachtaí a dhéanann meastóireacht in iar-bhunscoileanna ar theagasc agus ar fhoghlaim mar aon le soláthar na scoile uile d'ábhar ar leith. Leagann an tuairisc seo béim ar leith ar thorthaí cigireachtaí ar Bhéarla, ar Ghaeilge agus ar Mhatamaitic. Tuairiscíonn cigireachtaí ábhar ar:

- Cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe
- Pleanáil agus ullmhúchán don ábhar
- Cáilíocht an tsoláthair agus na tacaíochta scoile uile i gcoitinne don ábhar.

Cigireachtaí Teagmhasacha ag an iar-bhunleibhéal a bhíonn i gceist le cigireachtaí a dhíríonn ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama i suas le cúig suíomhanna foghlama i scoil. Ní hionann iad agus cigireachtaí ábhair sa mhéid is nach dtugtar aon réamhfhógra agus nach mbaineann siad le sainábhair ar leith ach go ndíríonn siad ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama sna ceachtanna a ndéantar meastóireacht orthu. D'fhéadfadh raon ábhar a bheith i gceist leis na ceachtanna. Cuireann cigireachtaí teagmhasacha eolas ar fáil faoi:

- Cáilíocht na pleanála ag múinteoirí
- Cáilíocht an teagaisc
- Cáilíocht an mheasúnaithe
- Cáilíocht na foghlama ag daltaí.

Meastóireachtaí Cláir a dhéanann meastóireacht ar shainchláir curaclaim ag an iar-bhunleibhéal, ar nós Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh (CSTS), an Clár Idirbhliana (CI), an clár don Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF) agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT). Tuairiscíonn na cigireachtaí ar:

- Cáilíocht eagrúcháin an chláir
- Cáilíocht phleanála agus chomhordaithe an chláir
- Cáilíocht na foghlama agus an teagaisc

Conas mar atá na torthaí léirithe sa tuarascáil seo?

Rinneadh anailís ar bhreithmheasanna na gcigirí ar cháilíocht fhoghlama na ndaltaí agus ar cháilíocht chleachtas na múinteoirí ag baint úsáide as an gcontanam cáilíochta atá léirithe i dTábla 4.1.

Tábla 4.1: Contanam na cáilíochta

Na catagóirí atá in úsáid sa tuarascáil seo	Léibhéil feidhmiúcháin	Samplaí de raon na dtuairiscíní
Sásúil / Cuí	Mórláidreachtaí	Sármhaith; ar ardchaighdeán; an-éifeachtach; ardmholadh tuillte; an-mhaith; an-rath ar an obair; is beag atá le feabhsú
	Láidreachtaí a sháraíonn laigí/Níos mó láidreachtaí ná laigí	Go maith; cáilíocht mhaith; luachmhar; cleachtadh éifeachtach; cumasach; úsáideach; le moladh; soláthar iomlán cuí cé go bhfuil réimsí áirithe a fhéadfaí a fheabhsú
Níos lú ná sásúil/ Neamhchuí	Laigí a sháraíonn láidreachtaí/Níos mó laigí ná láidreachtaí	Cuíosach i réimsí áirithe cé gur léir laigí atá ag cur isteach go mór ar fhoghlaim na ndaltaí; scóp don fhorbairt; deacrachtaí le sonrú
	Mórlaigí	Lag; mí-shásúil; neamhleor; mí-éifeachtach; easnamhach; gá le hathrú, le forbairt nó le mórfheabhsú; mórdheacrachtaí le sonrú

I gceistneoirí na dtuismitheoirí a úsáidtear le linn MSU-BCF tá fáil ar raon ráitis dhearfacha faoi ghnéithe éagsúla d'fhoghlaim na ndaltaí, faoi obair na scoile agus faoi na naisc idir an scoil agus na tuismitheoirí. I gceistneoirí na ndaltaí tá fáil freisin ar raon ráitis dhearfacha faoi ghnéithe éagsúla d'obair na scoile agus d'fhoghlaim an dalta. Iarrtar ar thuismitheoirí agus ar dhaltaí araon "Aontú go láidir", "Aontú", "Easaontú" nó "Easaontú go láidir" leis an ráitis nó "Ní Fios" a chur in iúl. Úsáidtear na sonraí sa tuarascáil seo mar a léirítear i dTábla 4.2.

Tábla 4.2: Anailísiú agus tuairisciú ar fhreagairtí tuismitheoirí agus daltaí in iar-bhunscoileanna

Na catagóirí atá in úsáid sa tuarascáil seo	Raon na bhfreagairtí do thuismitheoirí/dhaltaí
Aontú	Aontú go láidir
	Aontú
Easaontú	Easaontú
	Easaontú go láidir
Ní fios	Ní fios

4.2 Cáilíocht na bainistíochta agus na ceannaireachta in iar-bhunscoileanna

Cáilíocht na bainistíochta i gcoitinne

Le linn a meastóireachtaí ar cháilíocht na bainistíochta agus na ceannaireachta sna hiar-bhunscoileanna déanann cigirí iniúchadh ar obair an bhoird bhainistíochta, ar obair na foirne sinsearaí bainistíochta (an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach) ar threoir a thabhairt don fhoireann agus do na daltaí mar aon le gnéithe cosúil leis an bhainistíocht go ginearálta ar acmhainní na scoile agus próiseas féinmheastóireachta na scoile agus an acmhainn don fheabhsú scoile. Le linn cigireachtaí MSU-BCF ar iar-bhunscoileanna i 2010-2012, ba é breithmheas na gcigirí go raibh cáilíocht cheannaireachta agus bhainistíochta na scoile i gcoitinne sásúil nó níos fearr i 89% de scoileanna.

Cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta: meastóireachtaí na gcigirí (MSU-BCF)



Bainistítear an scoil go maith: freagairtí na dtuismitheoirí



Bhí tuismitheoirí sásta go maith freisin le bainistíocht na n-iarbhunscoileanna. Bhí 91% de na tuismitheoirí a bhí páirteach sa suirbhé mar chuid den MSU-BCF a d'aontaigh nó a d'aontaigh go láidir go raibh scoil a bpáiste á reachtáil go maith. Bhí dearcthaí dearfacha ag tuismitheoirí faoi nithe cosúil le smacht agus díograis na scoile chun timpeallacht shábháilte agus aireach a chur ar fáil do dhaltaí, ach ní raibh a ndearcthaí chomh dearfach céanna faoin tslí ina ndearna scoileanna bulaíocht a láimhseáil.

Dhá réimse de bhainistíocht na scoile a tháinig chun solais agus ar léir laigí a bheith ag baint leo ná an chumarsáid idir tuismitheoirí agus scoileanna agus na deiseanna a tugadh do dhaltaí a nguth a bheith le cloisteáil faoin tslí ina raibh an scoil á rith.

Boird bhainistíochta

Sna scoileanna a bhí níos éifeachtaí, luaigh cigirí go raibh na boird bhainistíochta gníomhach go comhoibríoch agus go cumarsáideach le príomhpháirtithe leasmhara na scoile ar a n-áirítear an fhoireann, comhlachas na dtuismitheoirí agus comhairle na ndaltaí. Dúradh freisin go raibh formhór na mbord seo dírithe go láidir ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim a fhorbairt sa scoil ar a n-áirítear, i gcásanna áirithe, ceadú agus tacú láidir a thabhairt do dheiseanna d'fhorbairt ghairmiúil na foirne. Bhí fís shoiléir ag na boird bhainistíochta seo don scoil agus tosaíochta leagtha amach acu d'fhorbairt na scoile.

Nuair a thuairiscigh cigirí gur gá obair na mbord a fheabhsú, ba mhinic a ba léir dóibh nach raibh fís straitéiseach ag na boird don scoil. Ina leithéid de chásanna rinneadh tagairt i bhformhór na dtuairiscí cigireachta d'fhorbairt polasaí neamhchórasach, ar a n-áirítear easpa athbhreithnithe ar pholasaithe, easpa in uasdhátú na bpolasaithe agus, i líon beag scoileanna, go raibh príomhpholasaithe a raibh ceanglas dlíthiúil ag baint leo in easnamh nó as dáta. Tuairiscíodh i roinnt mhaith tuairiscí cigireachta, ina raibh tagairtí déanta de laigí sna boird bhainistíochta, gur beag fianaise ar cheannaireacht oideachasúil a bhí le feiceáil ón mbord agus, dá réir sin, gur beag aird a díríodh ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim i mionthuairiscí an bhoird. Sna boird nach raibh chomh héifeachtach sin ba mhinic lagchumarsáid eatarthu sin agus páirtithe leasmhara eile sa scoil cosúil leis an bhfoireann, comhlachas na dtuismitheoirí nó bord na n-iontaobhaithe.

Bainistíocht inscoile agus ceannaireacht foirne

Baineann bainistíocht inscoile le cáilíocht na ceannaireachta gairmiúla inmheánaigh sa scoil, a bhíonn á soláthar de ghnáth ag an bpríomhoide agus ag an leas-phríomhoide. Clúdaíonn sé freisin obair na múinteoirí eile a bhfuil poist le dualgais speisialta do ghnéithe eile d'obair na scoile acu.

Cé go leantar ar phoist na bpríomhoidí agus na leas-phríomhoidí a líonadh, níor líonadh go ginearálta, na poist le dualgais speisialta ó cuireadh tús le moratóir na seirbhíse poiblí i mí Márta 2009 eile cosúil le post an phríomhoide cúnta nó post an mhúinteora le dualgais speisialta. Rinne sé seo ídiú ar phoist dá leithéid i scoileanna.

Thuairiscigh cigirí go raibh, ina lán scoileanna, an cheannaireacht a bhí á soláthar ag an bpríomhoide agus ag an bpríomhoide tánaisteach don fhoireann sásúil nó níos fearr ná sin. Sna scoileanna seo bhí fís shoiléir ag foireann bhainistíochta na scoile, ag an bpríomhoide agus ag an bpríomhoide tánaisteach, dá scoil agus bhí pobal uile na scoile ar an eolas faoin bhfís. Bhí láithreacht shoiléir ag na foirne bainistíochta éifeachtacha seo sa scoil. Bhí na struchtúir chumarsáide leis an bhfoireann agus le pobal na scoile go maith, agus bhí córais éifeachtacha i bhfeidhm chun bainistíocht mhín na scoile a chinntiú. Ba cheannairí ar an bhfoghlaim iad na dea-fhoirne sinsearacha bainistíochta agus chuir siad tacaíocht ar fáil don fhoireann agus iad i mbun oibre. Bhí siad dírithe ar ardchaighdeáin i ngach gnéith de shaol na scoile.

Gné thábhachtach d'fhoirne sinsearcha bainistíochta éifeachtacha ná an cumas a bhí acu acmhainn a fhorbairt i measc na foirne trí dheiseanna don cheannaireacht dáilte a chur chun cinn. Luaigh cigirí go minic go raibh na róil cheannaireachta, sna scoileanna a bhí níos éifeachtaí, leagtha amach go soiléir agus aontaithe ar gach taobh i measc na foirne, agus go ndearnadh an dáileadh ar phoist de réir scileanna agus réimsí spéise na foirne. Thagair a lán cigirí go sonrach don mhonatóireacht agus don athbhreithniú rialta ar na poist fhreagrachta ina leithéid de scoileanna.

Os a choinne sin, nuair ba léir do na cigirí go raibh laigí i gceannaireacht na scoile, thagair siad go minic don lagchumarsáid idir, mar shampla, an bhainistíochta shinsearach agus an fhoireann nó idir an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach nó idir an foireann bhainistíochta shinsearach agus comhlachas na dtuismitheoirí. Sna cásanna ba mheasa nuair a bhí lagchumarsáid idir an fhoireann agus an bhainistíocht, bhí an chinnteoireacht chomhoibríoch easnamhach agus bhí tionchar dá réir aige seo ar mheanma na foirne.

I scoileanna eile nuair a bhí gá leis an gceannaireacht ar an bhfoireann agus ar na daltaí a fheabhsú, ba léir do na cigirí rudaí cosúil le dáiltí neamhchothroma ar an obair i measc na bpostshealbhóirí, gan aon athbhreithniú foirmiúil ar phoist fhreagrachta nó deiseanna teoranta do phostshealbhóirí a n-acmhainn ceannaireachta a fhorbairt.

Ceannaireacht ar agus cúram do dhaltaí

Léiríonn ceistneoirí na dtuismitheoirí agus na ndaltaí araon, chomh maith le breathnóireachtaí ó chigirí, go dtugann tromlach na n-iarbhunscoileanna aire mhaith dá ndaltaí.

Léiríonn formhór na dtuairiscí MSU-BCF go raibh struchtúir agus straitéisí i bhfeidhm ag formhór na scoileanna chun freastal ar dhaltaí agus ar na sainriachtanais ar leith a bhí acu. Ba mhinic foirne sainchúraim mar aon le múinteoir ranga agus bliainmhúinteoir mar chuid de na struchtúir seo. Sna scoileanna a bhí níos éifeachtaí, thug na cigirí faoi deara straitéisí maithe don mhonatóireacht ar thinreamh, ar phoncúlacht agus ar iompar na ndaltaí, agus thuairiscigh siad gur spreag cód iompar na scoile dea-chleachtas agus cóimheas agus go raibh pointí céimnithe don atreorú mar chuid de sin. I dtuairiscí cigireachta nuair ba léir láidreachtaí suntasacha, bhí sé le rá ag na cigirí go raibh timpeallacht na scoile slán sábháilte, cairdiúil agus uileghabhálach, agus go raibh leas agus riachtanais oideachasúla na ndaltaí mar chuid lárnach d'éiteas na scoile. Sna scoileanna seo, rinneadh gnóthachtáil na ndaltaí a spreagadh agus a cheiliúradh agus leagadh síos ardchaighdeáin de réir a gcumas do dhaltaí, chun iad a ghríosadh chun lán-acmhainn a bhaint amach.

Le linn na gceachtanna a breathnaíodh i gcigireachtaí teagmhasacha, thuairiscigh cigirí go raibh an bhainistíocht ranga go maith nó níos fearr ná sin i 96% de na ceachtanna.

D'aontaigh 91% de na tuismitheoirí a ceistíodh le linn phróiseas MSU-BCF sa tréimhse 2010-2012 gur mhothaigh a bpáiste slán ar scoil agus go dtugtar aire mhaith dó/di ar scoil. D'aontaigh 89% de thuismitheoirí freisin go raibh cúrsaí smachta go maith i scoil a bpáiste. Bhí freagairtí dearfacha ó dhaltaí do cheisteanna den chineál céanna, ach ní rabhadar chomh dearfach céanna lena dtuismitheoirí. D'aontaigh 82% de dhaltaí i 2010-2012 gur mhothaigh siad slán ar scoil agus go raibh aire mhaith tugtha dóibh cé nach raibh ach 63% a d'aontaigh go raibh iompar na ndaltaí ina scoil go maith. D'fhreagair líon an-suntasach daltaí (24%) nach raibh a fhios acu nuair a iarradh orthu a dtuairim a léiriú faoin ráiteas, *Tá iompar na ndaltaí go maith i mo scoil*.

Braitheann mo pháiste go bhfuil sé/sí slán sábháilte agus go dtugtar aire mhaith dó/di sa scoil: freagairtí tuismitheoirí



Tá an smacht go maith sa scoil: freagairtí tuismitheoirí



Brathaim go bhfuilim slán, sábháilte agus go bhfuil aire mhaith á tabhairt dom sa scoil: freagairtí daltaí



Bíonn iompar na scolairí go maith sa scoil: freagairtí daltaí



Cé gur léir go bhfuil tuismitheoirí agus daltaí, ar an iomlán, sásta le mórán gnéithe den chúram agus den cheannaireacht ar dhaltaí sa scoil, is ábhar mórshuntais an toradh maidir lena ndearcadh faoin tslí ina bpléann scoileanna leis an mbulaíocht. Le linn MSU-BCFanna a rinneadh i 2010-2012, thug beagnach an ceathrú cuid de thuismitheoirí agus beagnach an cúigiú cuid de dhaltaí le fios nach raibh a fhios acu cé chomh maith agus a bhí a scoil ag plé le bulaíocht. Seans gur eascair roinnt den "Nílim cinnte" toisc nach raibh aon taithí go díreach ag tuismitheoirí ná ag daltaí aonair ar bhulaíocht sa scoil. Mar sin féin, toisc go mbíonn an fheasacht ar pholasaí agus ar nósanna imeachta don fhrithbhulaíocht scoile, mar aon leis an muinín ina n-úsáid, riachtanach má bhíonn laghdú le teacht ar an mbulaíocht, léiríonn an toradh gur gá a bheith réamhghníomhach faoi fheidhmiú ina haghaidh agus plé leis an mbulaíocht i scoileanna.

Pléann an scoil go héifeachtach le bulaíocht: freagairtí daltaí



Táim sásta le conas mar a phléitear le bulaíocht sa scoil: freagairtí tuismitheoirí



Bhain ceann de na réimsí ba laige ar cheannaireacht na ndaltaí i scoileanna leis na deiseanna daltaí a bheith páirteach in oibriúchán na scoile. Léirigh freagairtí na ndaltaí nach raibh ach 40% de dhaltaí a shíl go raibh éisteacht le fáil acu faoin tslí ina bhféadfaí an scoil a fheabhsú.

Éistear le mo thuairimí faoi bhealaí chun an scoil a fheabhsú: freagairtí daltaí



I scoileanna inar léir do chigirí sár-cheannaireacht ar dhaltaí, thug siad faoi deara go minic comhairlí mac léinn na scoile dea-eagraithe, gníomhach agus éifeachtach. Ní raibh comhairle mac léinn ag roinnt scoileanna, áfach nó, má bhí, bhí freagracht na comhairle teoranta nó ní raibh soiléireacht ag baint lena ról.

Cumarsáidí le tuismitheoirí

Fiosraíonn cigirí, le linn MSU-BCFanna, faoi cháilíocht na cumarsáide idir an scoil agus tuismitheoirí, ina measc an tslí ina gcoimeádtar tuismitheoirí ar an eolas faoi obair na scoile, faoi pholasaithe scoile, agus faoi dhul chun cinn a bpáistí. Déanann cigirí cruinnithe a thionól le hionadaithe ó chomhlachas na dtuismitheoirí[16], leis an mbord bainistíochta, le príomhoide agus le príomhoide tánaisteach na scoile agus déantar gnóthaí dá leithéid seo a phlé. Mar aon leis sin, cuireann na ceistneoirí a dháiltear ar

16 Nuair a bhíonn comhlachas na dtuismitheoirí cleamhnaithe le *Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí Iar-Bhunleibhéal*

thuismitheoirí le linn MSU-BCFanna raon luachmhar eolais ar fáil ar an tslí ina mbraitheann tuismitheoirí faoina dteagmháil féin le scoileanna.

Léiríodh le linn cigireachtaí laige ina lán iar-bhunscoileanna i réimse na cumarsáide le tuismitheoirí agus bhí fianaise air seo i bhfreagairtí na gceistneoirí ó thuismitheoirí. Cé gur aontaigh 86% do na tuismitheoirí a ndearnadh suirbhé a dháileadh orthu le linn cigireachtaí MSU-BCF go raibh teagmháil mhaith idir an scoil agus an baile, bhí roinnt gnéithe tábhachtacha den ghaol seo gur rí-léir nach raibh ag éirí chomh maith leo.

Léirigh suirbhéanna tuismitheoirí a comhlánaíodh i scoileanna le linn cigireachtaí MSU-BCF i 2010-2012 go raibh ag éirí go maith le scoileanna, go ginearálta, tuismitheoirí a choimeád ar an eolas faoi na cóid iompair. D'aontaigh 96% de thuismitheoirí go raibh eolas curtha ar fáil dóibh faoi chód iompair na scoile. D'aontaigh 92% de thuismitheoirí freisin gur thug tuairiscí scoile léargas maith dóibh ar an tslí ina raibh ag éirí lena bpáiste ar scoil agus bhí 85% de thuismitheoirí den tuairim go raibh na socruithe do chruinnithe tuismitheora/múinteora go maith i scoil a bpáiste.

Tá teagmháil mhaith idir scoil agus baile: freagairtí tuismitheoirí



Táim ar an eolas maidir leis an gcód iompair/rialacha na scoile: freagairtí tuismitheoirí



Tugann na tuairiscí scoile léargas maith dom ar dhul chun cinn mo pháiste: freagairtí tuismitheoirí



Tá socruithe maithe ann do chruinnithe tuismitheoir/múinteoirí: freagairtí tuismitheoirí



Díríonn torthaí na gceistneoirí aird ar an ngá atá ag scoileanna an t-eolas a chuireann siad ar fáil do thuismitheoirí faoi rogha ábhar agus curaclaim ag pointí ar leith do thrasnú a bpáistí a fheabhsú. Ní raibh ach 61% de thuismitheoirí i 2010-2012 a d'aontaigh gur chuir an scoil comhairle chabhrach ar fáil dóibh nuair a bhí ábhair á roghnú ag a bpáiste.

Fuair mé comhairle chabhrach ón scoil nuair a bhí ábhair á roghnú ag mo pháiste: freagairtí tuismitheoirí



Léirigh cigireachtaí freisin go bhféadfadh scoileanna níos mó a dhéanamh chun tuismitheoirí a bheith ar an eolas faoi obair na scoile agus chun dearcadh na dtuismitheoirí a chur san áireamh nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh faoi pholasaithe na scoile. Thug os cionn leath de na tuismitheoirí (56%) a ndearnadh suirbhé orthu mar chuid de chigireachtaí MSU-BCF i 2012 le fios gur thuairiscigh an bord bainistíochta chucu go bliantúil ar obair na scoile. Chomh maith le sin, níor aontaigh ach 44% de na tuismitheoirí a ndearna suirbhé orthu i MSU-BCF i 2010-2012 go ndearna an scoil a dtuairimí a lorg faoi ghnóthaí scoile.

Tuairiscíonn an bord bainistíochta do thuismitheoirí ar obair na scoile go bliantúil: freagairtí tuismitheoirí



Iarrann an scoil tuairimí na dtuismitheoirí go rialta ar nithe a bhaineann leis an scoil: freagairtí tuismitheoirí



Léirigh cigireachtaí freisin go raibh gá ag comhlachais tuismitheoirí a mbealaí cumarsáide le tuismitheoirí a fheabhsú. Sna freagairtí ar cheistneoirí na dtuismitheoirí i 2012 léiríodh nár aontaigh ach 51% de thuismitheoirí gur choimeád comhlachas na dtuismitheoirí iad ar an eolas faoina chuid oibre.

Coimeádann comhlachas na dtuismitheoirí ar an eolas mé faoina chuid oibre: freagairtí tuismitheoirí



Soláthar ábhair agus curaclaim a bhainistiú

Léiríonn fianaise ó chigireachtaí ábhair go raibh soláthar agus tacaíocht na scoile do na hábhair sásúil nó níos fearr i 89% de scoileanna. Léiríodh sna meastóireachtaí ar chláir go raibh an t-eagrú ar shainchláir ar leith sasúil nó níos fearr i 87% de na scoileanna.

Soláthar ábhair agus tacaíocht scoile uile: meastóireachtaí na gcigirí (cigireachtaí ábhair)



Eagrú clár: meastóireachtaí na gcigirí (meastóireachtaí cláir)



Sna scoileanna inar léir barrchleachtas, rinne an fhoireann bhainistíochta shinsearach am cuí a chur ar fáil don ábhar do gach bliainghrúpa agus rinneadh clártráthú comhreathach de réir mar ba ghá[17]. Dheimhnigh na scoileanna seo freisin, a mhéid agus a d'fhéadfaí, go raibh céim ag na múinteoirí san ábhar a bhí á theagasc acu agus go raibh na cáilíochtaí múinteoireachta cuí acu, agus cuireadh deiseanna ar fáil dóibh go rialta chun teagasc ag gach leibhéal (ardleibhéal, gnáthleibhéal, bonnleibhéal) agus ar gach clár. Cuireadh ar chumas múinteoirí ábhar freastal ar imeachtaí ábhartha dá bhforbairt ghairmiúil agus rinneadh iad a ghríosadh chun freastal ar a leithéid. Bhí tacaíocht scoile-uile an-mhaith ar fáil freisin don ábhar maidir le soláthar teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus acmhainní eile don teagasc agus don fhoghlaim.

Tréith eile a bhain le formhór na scoileanna éifeachtacha ná go raibh foireann shinsearach bhainistíochta na scoile uaillmhianach dá ndaltaí: thug na scoileanna seo faoi mhoill a chur chomh fada agus ab fhéidir leo ar rogha an dalta ar leibhéil sna scrúduithe Stáit, rud a bhí cóir ionas go bhféadfaí na daltaí go léir a mhealladh chun an t-ábhar a dhéanamh ag an leibhéal ab airde agus ab indéanta. Tugadh deiseanna freisin do dhaltaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí comhchuraclaim san ábhar. Mar sin féin, in ainneoin an chleachtais sách maith sna scoileanna, tá fianaise ann a thugann le fios gur gá do scoileanna an chomhairle a chuireann siad ar fáil do dhaltaí faoi rogha ábhar a fheabhsú. Ní raibh ach 58% de dhaltaí a d'aontaigh go raibh comhairle agus eolas cabhrach le fáil acu ó mhúinteoirí faoi roghanna ábhar ag príomhphointí dá n-athrú ó chéim go céim sa scoil.

Fuair mé comhairle agus eolas cabhrach ó mhúinteoirí nuair a bhí ábhair á roghnú agam: freagairtí daltaí



Thug cigirí easnaimh faoi deara sa chlártráthú i roinnt scoileanna. I measc na n-easnamh sin bhí dáileadh ama éagothrom do na hábhair, dáileadh neamhchothrom ar ábhair tríd an tseachtain, an fhreagracht do theagasc an ábhair do ranganna aonair roinnte idir mhúinteoirí, rochtain teoranta ag daltaí ar sholáthar an Chorpoideachais agus an OSPS.

17 Tugann clártráthú comhthráthach deis an t-ábhar a bheith ar fáil ag an am céanna do gach rang ghrúpa sa bhliain. Éascaíonn a leithéid gluaiseacht na ndaltaí ar mian leo athrú ó leibhéal amháin go leibhéal eile agus éascaíonn sé freisin teagasc comhoibríoch nó teagasc foirne de réir mar is cuí

Ba léir do chigirí go bhféadfaí feabhas a chur ar cháilíocht na pleanála agus an ullmhúcháin sna ranna ábhar agus clár. Ní raibh ach 81% de na ranna ábhar agus 85% de na ranna clár a scrúdaíodh a raibh socruithe pleanála acu a bhí sásúil nó níos fearr ná sin. Bíonn an phleanáil éifeachtach ag leibhéal ranna ábhair ag brath go mór ar an tacaíocht ó bhainistíocht na scoile don phróiseas pleanála. Is cuid den fhéinmheastóireacht scoile (FMS) éifeachtach í an dea-phleanáil. Is léir ó thuairiscí MSU-BCF agus ó chineálacha eile meastóireachta go bhfuil roinnt scoileanna tar éis tús a chur lena bpáirteachas i bpróiseas na FMS.

Cáilíocht na pleanála agus an ullmhúcháin i gcigireachtaí ábhair: meastóireachtaí na gcigirí (cigireachtaí ábhair)



Cáilíocht an chomhordaithe agus na pleanála: meastóireachtaí na gcigirí (meastóireachtaí cláir)



Rinne na ranna ábhar agus clár ab éifeachtaí modhanna eagrúcháin agus teagaisc a phlé ag cruinnithe na ranna ábhar, rinne siad pleananna do na hábhair ar leith a fhorbairt go comhoibríoch do gach bliainghrúpa, chinntigh siad go raibh dul chun cinn soiléir i bhfoghlaim na ndaltaí ó bhliain go bliain agus d'úsáid siad measúnuithe comónta de réir mar a bhí oiriúnach. Nuair a bhí comhordaitheoir ar fáil don ábhar nó don chlár, agus ról ríshoiléir aige/aici, ba léir eagrú níos fearr ar an roinn. I measc na ngnéithe eile den dea-chleachtas a luaigh cigirí ina dtuairiscí bhí an teagmháil idir roinn an ábhair agus an fhoireann a bhí ag tacú le daltaí a raibh riachtanais breise oideachais acu, agus athbhreithnithe bliantúla na ranna ábhar inar aontaíodh go soiléir pleananna agus spriocanna don fheabhsúchán. Baineann a leithéid de chleachtais le dea-phróisis sa bhféinmheastóireacht scoile.

Bainistíocht agus Ceannaireacht: Ag foghlaim ó chigireachtaí

Díríonn torthaí na dtuairiscí meastóireachta aird ar roinnt gnéithe a bhféadfaí agus ar chóir iad a fheabhsú:

- **Ceannaireacht straitéiseach ó bhoird bhainistíochta:** Is ábhar misnigh go bhfuil ceannaireacht straitéiseach á soláthar ag formhór na mbord bainistíochta dá scoileanna, a bhfuil baill dheonacha mar chomhdhéanamh orthu. Tugann an fhianaise le fios freisin go mbíonn fís fhadtréimhseach ag

an mbord dá scoil agus go mbíonn tosaíochtaí aitheanta acu don fhorbairt. Bíonn ról tábhachtach ag comhlachtaí patrún agus iontaobhaithe a dheimhniú go mbíonn ar chumas gach bord an ról straitéiseach seo a chomhlíonadh do phobail a scoileanna.

- **Ceannaireacht éifeachtach sa scoil:** Is léir ó thuairiscí cigireachta ról éifeachtach na gceannairí scoile – go háirithe príomhoidí agus príomhoidí tánaisteacha. Mar atá luaite i gcaibidil tosaigh na tuarascála seo, bhí líon ard a chuaigh ar scor ó, agus a ceapadh chuig, na róil seo ó 2010. Ní fios fós cén tionchar gearrthéarma go fadtéarma a bheidh aige seo ar an gcóras scolaíochta. Ciallaíonn ardleibhéal na gceapachán nua, áfach, go bhfuil soláthar na forbartha gairmiúla ar ardchaighdeán do cheannairí scoile níos tábhachtaí anois ná mar a bhí ag aon am cheana.

- **Fíor róil don lárbhainistíocht i scoileanna:** Ceann de na tréithe is comónta a bhain le foirne sinsearacha bainistíochta rathúla a breathnaíodh le linn cigireachtaí ná a gcumas ar cheannaireacht a dháileadh trasna na scoile. Ar ndóigh bíonn an cumas seo ag brath go minic ar thoilteanas na foirne glacadh le róil cheannaireachta, laistigh de struchtúr na bpost le cúraimí breise agus lasmuigh de struchtúr na bpost. Ba bhuntáiste é dá ndéanfaí na poist le cúraimí breise a thabhairt ar ais ar bhealach a thabharfadh deis freastal ar riachtanais aitheanta níos cinnte agus ag an am céanna deiseanna don cheannaireacht dháilte agus don fhíorbhainistíocht a dheimhniú.

- **Feabhsú na cumarsáide:** Léiríonn fianaise na dtuairiscí seo go bhféadfadh a lán scoileanna a struchtúr agus a gcleachtas cumarsáide a fheabhsú. Caithfidh boird a struchtúr cumarsáide agus a bplé le tuismitheoirí a fheabhsú, agus caithfidh foirne bainistíochta scoile a struchtúr cumarsáide agus a bplé le daltaí a fheabhsú agus ionchur níos láidre a thabhairt do dhaltaí sa scoil. Léirigh cigireachtaí freisin gur gá do chomhlachais tuismitheoirí a gcumarsáid lena mball tuismitheoirí a fheabhsú. Ní teachtaireachtaí do thuismitheoirí an t-aon rud amháin atá i gceist leis an gcumarsáid sin: is gá do scoileanna freisin dul i gcomhairle go lánbhrí le tuismitheoirí faoi pholasaithe scoile. Leagann na treoirlínte don fhéinmheastóireacht scoile a foilsíodh i mí na Samhna 2012 béim ar an tábhacht a bhaineann le dearcthaí tuismitheoirí agus daltaí araon a fháil ar obair na scoile i gcomhthéacs na meastóireachta a déantar ar éifeachtacht na hoibre sin agus ar an bpleanáil don fheabhsúchán.

- **Bulaíocht:** Léiríonn cigireachtaí go gcreideann líon mór tuismitheoirí go gcuireann an scoil timpeallacht shábháilte agus chomhbhách ar fáil dá bpáistí. Mar sin féin, tá céatadáin níos ísle ná sin muiníneach go n-éiríonn leis an scoil bulaíocht a láimhseáil go maith agus thug beagnach an ceathrú cuid de thuismitheoirí agus beagnach an cúigiú de dhaltaí le fios nach raibh a fhios acu an raibh a scoil éifeachtach ag plé leis an mbulaíocht. Tugann sé seo le fios gur gá do scoileanna, ar an gcuid is lú, feasacht a ardú go rialta faoi na bearta frithbhulaíochta atá i bhfeidhm acu. I gcásanna áirithe, ba chóir do scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar na cóid iompair agus ar na polasaithe frithbhulaíochta atá acu agus a dheimhniú go mbíonn siad ar eolas go maith agus á gcur i bhfeidhm ag an bhfoireann. Toisc thábhachtach maidir le glacadh leis na socruithe ná fáil a bheith ar chomhoibriú na ndaltaí nuair a bhíonn a leithéid de chóid agus de pholasaithe á ndearadh.

- **Pleanáil éifeachtach a úsáid chun feabhsúchán a bhrú chun cinn:** Tá gá, i mionlach suntasach scoileanna, le próisis phleanála níos fearr ag leibhéal ranna ábhar. Tá ról tábhachtach ag ceannairí scoile chun ullmhúchán cuí go ginearálta a chothú do cheachtanna mar aon le hathmhachnamh rialta a dhéanamh ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama a tharlaíonn i seomraí ranga aonair. Brúfaidh an phleanáil éifeachtach agus an t-athbhreithniú feabhsúchán chun cinn agus eascróidh uaidh seo torthaí níos fearr do dhaltaí. I scoileanna ina mbíonn fáil ar cheannaireacht éifeachtach

ó phríomhoidí, ina mbíonn an fhoireann tiomanta don athmhachnamh ar a cuid oibre agus ina mbaintear úsáid éifeachtach as an measúnú agus as sonraí eile, bíonn ar chumas scoileanna na hathruithe a aithint chun feabhsúcháin a bhaint amach i bhfoghlaim daltaí.

4.3 Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama in iar-bhunscoileanna

Nuair a bhíonn obair chigireachta idir lámha ag cigirí i scoileanna, caitheann siad an chuid is mó dá gcuid ama ag breathnú ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim sna seomraí ranga agus i suíomhanna eile. Le linn na tréimhse 2010-2012, rinne cigirí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama a mheas i mbreis agus 4,300 ceacht agus iad i mbun cigireachtaí MSU-BCF. Sa tréimhse 2011-2012 rinne siad meastóireachtaí ar theagasc agus ar fhoghlaim in os cionn 1,900 ceacht agus iad i mbun cigireachtaí gan réamhfhógra (teagmhasacha). Rinne cigirí meastóireacht freisin ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama i mbreis agus 7,700 ceacht ar leith le linn cigireachtaí ábhair agus in os cionn 380 ceacht aonair le linn meastóireachtaí cláir.

Tháinig torthaí dearfach i gcoitinne ó chigirí ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim in iar-bhunscoileanna sa tréimhse 2010-2012 agus ba é an scéal céanna a léiríodh ó thuairimí na dtuismitheoirí agus na ndaltaí.

Cáilíocht an teagaisc

Mheas na cigirí go raibh caighdeán an teagaisc a breathnaíodh i MSU-BCFanna sásúil nó níos fearr i 87% de cheachtanna, agus go raibh fadhbanna le 13% de cheachtanna. Ba léir fianaise den chineál céanna ó chigireachtaí eile. I gcigireachtaí ábhair, bhí an teagasc sásúil nó níos fearr i 85% de na ceachtanna agus faoi bhun an chaighdeáin a ba ghá i 15% de cheachtanna. Sna meastóireachtaí ar chláir, léiríodh cáilíocht an teagaisc a bheith sásúil i 88% de cheachtanna agus faoi bhun an chaighdeáin a ba ghá i 12% de cheachtanna.

Léirigh freagairtí na dtuismitheoirí ar cheistneoirí a comhlánaíodh mar chuid de chigreachtaí MSU-BCF go raibh tuismitheoirí sásta i gcoitinne leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim i scoil a bpáiste. D'aontaigh 87% de thuismitheoirí go raibh an teagasc go maith i scoil a bpáiste.

Tá an teagasc go maith sa scoil: freagairtí tuismitheoirí



Bhí daltaí dearfach freisin maidir le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama i scoileanna, ach ní raibh siad chomh dearfach lena dtuismitheoirí. D'aontaigh 70% de dhaltaí a ndearnadh suirbhé orthu le linn cigireachtaí MSU-BCF go raibh a gcuid ranganna spéisiúil agus shíl 74% gur mhínigh múinteoirí rudaí go soiléir dóibh. D'aontaigh 87% de dhaltaí gur spreag múinteoirí iad oibriú chomh maith agus a bhí ar a gcumas agus thug 77% le fios go n-insíonn múinteoirí dóibh conas feabhas a chur ar a gcuid oibre.

Bíonn mo cheachtanna suimiúil: freagairtí daltaí



Míníonn múinteoirí rudaí go soiléir i mo cheachtanna: freagairtí daltaí



Spreagann na múinteoirí mé chun mo dhícheall a dhéanamh: freagairtí daltaí



Míníonn na múinteoirí dom conas is féidir liom feabhsú: freagairtí daltaí



Cáilíocht na foghlama ag daltaí

Léiríodh do chigirí go raibh cáilíocht na foghlama ag daltaí sna ceachtanna a breathnaíodh le linn MSU-BCF sásúil nó níos fearr i 84% de chásanna agus níos lú ná sásúil i 16% de chásanna. Ar aon dul leis sin, i gcigireachtaí ábhair, measadh go raibh cáilíocht na foghlama sásúil nó níos fearr i 82% cé gur

tugadh easnaimh faoi deara i 18% de chásanna. Sna meastóireachtaí cláir, bhí cáilíocht na foghlama sásúil i 88% de na ceachtanna a breathnaíodh agus níos lú ná sásúil i 12% de chásanna.

Bhí tuismitheoirí dearfach freisin maidir le foghlaim a bpáistí: d'aontaigh 93% de thuismitheoirí a ceistíodh le linn cigireachtaí MSU-BCF go raibh ag éirí go maith lena bpáiste ar scoil. Thug 83% de na daltaí a ceistíodh le fios go raibh ag éirí go maith leo leis a gcuid oibre scoile.

Tá ag éirí go maith le mo pháiste sa scoil: freagairtí tuismitheoirí



Tá ag éirí go maith liom le mo chuid oibre scoile: freagairtí daltaí



Cáilíocht an mheasúnaithe

Rinne cigirí tagairt go minic i dtuairiscí MSU-BCF agus i dtuairiscí ar chigireachtaí ábhair do thábhacht an mheasúnaithe mar chúnamh don teagasc agus don fhoghlaim. Bhí a lán dá raibh ráite acu dírithe ar an tslí inar chóir measúnú a úsáid chun na chéad chéimeanna eile ar thuras foghlama na ndaltaí a aithint. Léiríonn taighde in Éirinn agus i dtíortha eile gur féidir le húsáid éifeachtach an mheasúnaithe don chuspóir *mhúnlaithigh* seo (a ndéantar tagairt do go minic mar an *measúnú don fhoghlaim*) cur go rí-mhór le foghlaim daltaí a fheabhsú.

Teagasc, Foghlaim agus Measúnú: Ag foghlaim ó chigireachtaí

Tá léiriú le fáil, ón mionanailísiú ar thorthaí na gcigireachtaí teagmhasacha agus ar bhreathnóireachtaí na gcigirí i dtuairiscí MSU-BCF agus i dtuairiscí ar chigireachtaí ábhair, ar na gnéithe den teagasc ba shásúla agus ar na gnéithe a fhéadfaí a fheabhsú. Thuairiscigh cigirí go raibh daltaí gafa le dúshlán na foghlama ar bhonn a bhí sásúil nó níos mó ná sin i 88% de na ceachtanna. Rinne daltaí an tasc a chomhlíonadh go maith i 91% de na cásanna agus ba léir i 92% de na ceachtanna gur thuig siad ábhar an cheachta óna bpáirteachas sa rang. Torthaí an-dearfacha a bhí iontu seo go léir.

- **Ullmhúchán:** Sna cigireachtaí teagmhasacha, mheas na cigirí go raibh ullmhúchán na múinteoirí don teagasc sásúil nó níos fearr i gcéatadán ard de na ceachtanna. Bhí an cuspóir foghlama soiléir i 84% de chásanna, ba léir leanúnachas éifeachtach i 90% de na ceachtanna agus roghnaigh

múinteoirí acmhainní oiriúnacha chun tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim i 85% de na ceachtanna. Fágann sé seo, mar sin féin, mionlach suntasach ceachtanna inar léir laigí i ngnéithe den ullmhúchán.

- **Cur chuigí sa teagasc:** Sna ceachtanna a breathnaíodh le linn cigireachtaí teagmhasacha, measadh go raibh cumas múinteoirí ar choincheapanna a mhíniú agus a chur in iúl sásúil nó níos fearr i 92% de chásanna. Bhí na breithmheasanna go maith ach gan a bheith chomh dearfach céanna maidir leis an úsáid a baineadh as straitéisí agus as acmhainní teagaisc, measadh go raibh siad sin sásúil nó níos fearr i 83% de cheachtanna.

  Ceann de na réimsí ba laige, ar an iomlán, i gcleachtas mhúinteoirí ná an úsáid a bhí á baint acu as measúnú (ar a bhfuil plé breise thíos) mar aon lena n-iarrachtaí ar ghníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a dhifreálú chun freastal ar riachtanais agus ar chumais fhoghlama éagsúla na ndaltaí. Ba léir soláthar difreálaithe cuí, ar a n-áirítear straitéisí difreálaithe cuí mar aon le pleanáil dhifreálaithe de réir riachtanas na ndaltaí i níos lú ná dhá thrian (64%) de na ceachtanna a ndearnadh meastóireacht orthu le linn cigireachtaí teagmhasacha.

  Ba léir freisin nach raibh na deiseanna do dhaltaí feidhmiú go neamhspleách nó go comhoibríoch – scileanna foghlama ríthábhachtacha araon – chomh feiceálach céanna sna seomraí ranga. Thuairiscigh cigirí nach raibh an fhorbairt ar na scileanna seo le feiceáil ach i 77% de na ceachtanna a breathnaíodh le linn cigireachtaí teagmhasacha. Tá sé seo ar aon dul leis an toradh ó cheistneoirí daltaí ina ndúirt 79% go raibh deiseanna acu oibriú i gcomhpháirt le daltaí eile sa rang.

  Ba léir do na cigirí go ndearnadh daingniú ar an bhfoghlaim i 83% de na ceachtanna le linn cigireachtaí teagmhasacha, rud a thugann le fios go ndearnadh athbhreithniú ar chuspóir na foghlama ag deireadh an cheachta. Mhol na cigirí na ceachtanna ina ndearnadh naisc leis an bhfoghlaim a bhí tarlaithe cheana agus inar tugadh treoracha agus míniúcháin go soiléir agus gan aon débhríocht.

- **Litearthacht agus uimhearthacht:** Léirigh na torthaí ó chigireachtaí teagmhasacha nár tugadh aird ar leith ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta ach i gcás 76% de na ceachtanna. Léirítear pátrúin den chineál céanna i dtuairiscí MSU-BCF agus sna tuairiscí ar chigireachtaí ábhar. Mar aon leis sin, léiríodh do chigirí go raibh formhór na scoileanna ag díriú ar straitéisí d'fhorbairt na litearthachta seachas na straitéisí don uimhearthacht

- **Cleachtais don mheasúnú:** Sna ceachtanna ab fhearr choimeád múinteoirí taifid mhaithe ar ghnóthachtálacha na ndaltaí. Áirítear mar ghnéithe eile den dea-chleachtas a thug cigirí faoi deara gur tugadh obair fhiúntach go minic do dhaltaí, go ndearnadh monatóireacht go leanúnach ar dhul chun cinn na ndaltaí le nótaí cuiditheacha scríofa ag múinteoirí faoi réimsí ina bhféadfadh daltaí feabhsú, agus gur tugadh trialacha measúnaithe comónta nuair a bhí a leithéid oiriúnach. Moladh ina lán tuairiscí, freisin, an anailís a rinneadh ar thorthaí scrúduithe Stáit agus ar mheasúnuithe scoilbhunaithe agus, nuair nach raibh sé seo ag tarlú, moladh go minic go ndéanfaí a leithéid. Luadh i gcásanna áirithe cleachtas neamhréireach maidir le dáileadh agus monatóireacht ar obair bhaile; bainteach leis seo bhí easpa polasaí scoile uile don obair bhaile agus don mheasúnú.

  I líon mór scoileanna, áfach, bhí gá le feabhas suntasach ar chur chuigí don mheasúnú. Léirigh an fhianaise ó chigireachtaí ábhair i 2010 and 2011 go raibh cleachtais an mheasúnaithe níos lú ná sásúil i 23% de scoileanna. Luaigh cigirí freisin i dtuairiscí na gcigireachtaí ábhair agus na MSU-

BCFanna gur beag fianaise a bhí le fáil ar straitéisí do mheasúnú don fhoghlaim ar a n-áirítear gan ach fianaise theoranta i gcásanna áirithe gur tugadh aiseolas múnlaitheach i scríbhinn ar obair na ndaltaí.

Ba é an scéal céanna nach mór a d'eascair ó chigireachtaí teagmhasacha i 2010-2012. Sna cigireachtaí seo, léiríodh do chigirí gur thapaigh múinteoirí deiseanna chun tuiscint na ndaltaí a sheiceáil i rith na gceachtanna i 93% de chásanna ach nach ndearnadh monatóireacht shásúil ar obair na ndaltaí ach i 79% de cheachtanna. Is léir gur gá d'iar-bhunscoileanna soláthar pleanáilte, córasach a dhéanamh don measúnú ar fhoghlaim na ndaltaí. Is gá do scoileanna ansin eolas ón measúnú a úsáid chun treoir a chur ar a modhanna teagaisc agus a gcláir oibre ionas go ndéanfar freastal mar is cóir ar riachtanais fhoghlama daltaí ag gach leibhéal cumais.

Sa chuid eile den chaibidil seo déantar iniúchadh níos doimhne ar shaintorthaí na gcigirí a bhaineann le Béarla, le Matamaitic agus le Gaeilge. Déanfar na sonraí a bhaineann le torthaí cigireachta ar ábhair eile a fhoilsiú ó am go ham.

Cé chomh maith agus atá teagasc agus foghlaim an Bhéarla in iar-bhunscoileanna?

Bhí torthaí na gcigirí dearfach ar an iomlán maidir le teagasc agus foghlaim an Bhéarla in iar-bhunscoileanna sa tréimhse 2010-2012.

Léiríonn na torthaí ar 134 cigireachtaí ábhair don Bhéarla a rinneadh idir 2010 agus 2012 go bhfuil cáilíocht na pleanála agus an ullmhúcháin don Bhéarla i gcoitinne sásúil nó níos fearr i 77% de scoileanna.

Ba léir barrchleachtas sa phleanáil chomhoibríoch i scoileanna ina raibh cur chuige céimnithe don fhoghlaim ón gcéad bhliain go dtí an séú bliain. Ina leithéid de scoileanna, roghnaíodh torthaí foghlama agus acmhainní teagaisc oiriúnacha ar a n-áirítear raon úrscéalta, téacsanna drámaíochta, agus filíocht a thug deis do dhaltaí taitneamh a bhaint as curaclam leathan, cothrom i ngach bliain dá staidéar.

Sa 23% de scoileanna inar léiríodh laigí sa phleanáil, ba bheag comhoibriú a bhí i measc na múinteoirí sna ranna ábhar, bhí easpa fócais ar na torthaí foghlama a bhí aontaithe agus ar na scileanna a bhí le forbairt, agus bhí laigí áirithe san ullmhúchán nó sna modhanna teagaisc agus/nó sna hacmhainní teagaisc.

Ar an drochuair, i roinnt mhaith scoileanna bhí fócas cúng ag baint le curaclam na sraithe sóisearaí do dhaltaí agus líon teoranta téacsanna á dteagasc. Is cosúil nach bhfaca múinteoirí sna scoileanna seo gur deis a bhí sa tsraith shóisearach chun eispéaras a thabhairt do dhaltaí ar raon téacsanna agus séanraí spéisiúla i ngach gné dá gcúrsa. Go deimhin, i roinnt scoileanna, ba léir do chigirí go raibh daltaí ag athléamh téacsanna a bhí léite cheana acu sa bhunscoil, nó nach raibh taithí á fháil acu ach ar aon urscéal amháin le linn trí bliana uile na sraithe sóisearaí.

Tá béim leagtha cheana féin i dTuarascáil an Phríomhscrúdaitheora ar Bhéarla an Teastais Shóisearaigh i 2006 agus i dTuarascáil an Phríomhscrúdaitheora ar Bhéarla na hArdteistiméireachta i 2008 ar an tábhacht a bhaineann le taithí a fháil ar raon leathan ficsin, téacsanna drámaíochta agus filíochta. Chomh maith leis sin leagann an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta béim ollmhór ar an ngá deiseanna a bheith ag foghlaimeoirí a bheith bainteach le taithí leathan, cothrom curaclaim. Luann an Straitéis nithe cosúil le heaspa nascachta idir eispéiris an fhoghlaimeora ar Bhéarla rang a sé na bunscoile agus ar Bhéarla na chéad bhliana, béim ar theagasc i dtreo an scrúdaithe, easpa deise a

bheith gafa le raon saibhir agus éagsúil téacsanna liteartha agus neamhliteartha mar aon le téacsanna eile ina léiríonn buachaillí spéis, ina measc téacsanna meán digiteach.

Táthar ag súil go gcuideoidh an sonraíocht do Bhéarla an Teastais Shóisearaigh atá á ullmhú faoi láthair ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) freastal ar a lán de na hábhair imní atá luaite i dtuairiscí cigireachta, i dTuarascálacha an Phríomhscrúdaitheora agus sa Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta. Cuireann an dréachtshonraíocht cur chuige torthaí-bhunaithe ar fáil do mhúinteoirí a leagann béim ar an tábhacht a bhaineann le scileanna na léitheoireachta, na scríbhneoireachta, na labhartha agus na héisteachta do dhaltaí.

Léiríonn torthaí ó chigireachtaí ábhair don Bhéarla go raibh cáilíocht an teagaisc sásúil nó níos fearr ná sin i 87% de na ceachtanna Béarla a ndearnadh cigireacht orthu agus go raibh cáiíocht na foghlama sásúil nó níos fearr ná sin i 84% de na ceachtanna Béarla a ndearnadh cigireacht orthu.

Cáilíocht an teagaisc i gcigireachtaí ábhair ar Bhéarla (meastóireachtaí na gcigirí)



Cáilíocht na foghlama i gcigireachtaí ábhair ar Bhéarla (meastóireachtaí na gcigirí)



In ainneoin na dtorthaí dearfacha seo, ní cóir a bheith réchúiseach faoi theagasc an Bhéarla i ngeall ar thábhacht na litearthachta do gach dalta, iad siúd a bhíonn ag streachailt chun máistreacht a fháil ar bhunscileanna na litearthachta agus i ngeall ar an titim i ngnóthachtálacha daltaí iar-bhunoideachais na sraithe sóisearaí i dtrialacha idirnáisiúnta ar an litearthacht. I 2006, bhí an ghnóthachtáil ag daltaí cúig bliana deag d'aois na hÉireann ag leibhéal "os cionn an mheáin" ar an gClár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí ag an ECFE (PISA). Mar sin féin, i dtréimhse 2009 den mheasúnú, bhí gnóthachtáil dhaltaí na hÉireann ag an "meán" leibhéal, iad sa 17ú áit as 34 tír ECFE. Mar atá luaite i gCaibidil 1, eascraíonn ábhar amhrais ón anailís a lean ina dhiaidh sin ar mhéid na titime i ngnóthachtáil na ndaltaí sa litearthacht ar thrialacha PISA 2009. Is léir, áfach, gur léirigh trialacha PISA 2009 go raibh céatadán suntasach de dhaltaí na hÉireann nár éirigh go maith leo (17% de dhaltaí cúig bliana déag na hÉireann agus déagóir as gach ceathrar nach mór i measc na mbuachaillí). Bhí ag teip orthu máistreacht a bhaint amach ar na scileanna litearthachta is gá chun feidhmiú go héifeachtach i sochaí an lae inniu.

Nuair a bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama go fíor-mhaith, bhí na ceachtanna dírithe go láidir ar fhorbairt chothrom phríomhscileanna na héisteachta, na labhartha, na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta. Sna ceachtanna seo chruthaigh múinteoirí deiseanna léitheoireachta agus plé go minic do dhaltaí, rud a spreag iad chun a bheith gafa le carachtar, suíomh agus teanga ar bhealach a rinne éascaíocht ar anailís agus comhbhá. Bhí deiseanna ag daltaí freisin scríobh i séanraí éagsúla, agus a gcuid oibre a chur ar taispeáint nó a fhoilsiú. Leag múinteoirí béim ar fhreagairtí pearsanta na ndaltaí a fhorbairt nuair a bhí na téacsanna á dteagasc acu. Spreag siad freisin úsáid chruinn chruthaitheach na teanga agus mhol siad daltaí as dea-chaint agus úsáid cheart na gramadaí, na comhréire agus an litrithe.

Laige a thug cigirí faoi deara i roinnt ceachtanna ná easpa deiseanna do dhaltaí páirt ghníomhach a bheith acu ar bhealaí éagsúla san éisteacht agus sa labhairt. Caithfear deiseanna a thabhairt do dhaltaí a bheith páirteach i ndíospóireachtaí agus i ndrámaí agus plé a dhéanamh ar a mbíonn cloiste nó scríofa acu. Mar aon leis sin, tugadh faoi deara ina lán ceachtanna cur chuige ró-theicniúil ar theagasc na filíochta agus na drámaíochta. Sna ceachtanna seo, b'annamh a éilíodh freagairtí pearsanta na ndaltaí agus ba é nós na múinteoirí teagasc a thabhairt do dhaltaí agus tuiscintí líne ar líne a chur ar fáil dóibh ar théacsanna, seachas an fhorbairt ar fhreagairtí na ndaltaí féin a éascú.

I measc na dtréithe a bhain le ceachtanna maithe Béarla, bhí an scríobh i séanraí éagsúla, le fócas teann ar an tasc a bhí tugtha; máistreacht mhaith ar an ngluaiseacht chun cinn ar phlota nó ar argóint a fhorbairt; úsáid líofa, éifeachtach na teanga; agus an cumas eolas ar an téacs a bhí á staidéar a úsáid go héifeachtach. Ba léir barrchleachtas ina leith seo nuair a rinne múinteoirí na critéir do mheasúnú a roinnt le daltaí chun cabhrú leo tuiscint a fháil ar a mbíonn ag teastáil chun caighdeán maith a ghnóthú.

Béarla: Ag foghlaim ó chigireachtaí

- **Pleanáil chomhoibríoch:** Tá gá ag múinteoirí ranna an Bhéarla oibriú le chéile chun torthaí foghlama cuí a aithint do dhaltaí agus acmhainní teagaisc cuí chun na torthaí foghlama sin a bhaint amach do gach bliain ina mbíonn na ndaltaí páirteach san iar-bhunoideachais.

- **Téacsanna:** Ba chóir do dhaltaí taithí a fháil ar raon leathan téacsanna liteartha agus neamh-liteartha i ngach bliain den tsraith shóisearach. Ba chóir cúram a ghlacadh le roghnú na dtéacsanna sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach araon lena dheimhniú go mbíonn siad sách dúshlánach agus spéisiúil don chohórt daltaí ar leith.

- **Scileanna:** Ba chóir go mbeadh deiseanna go minic ag daltaí chun páirt ghníomhach a bheith acu sa léitheoireacht, sa scríbhneoireacht, sa labhairt agus san éisteacht i ngach ceacht. Ba chóir a bhfreagairtí pearsanta ar théacsanna a spreagadh agus a fhorbairt agus ba chóir a gcumas cruinn sa labhairt agus sa scríobh a dheimhniú. Tá gá, ón gcéad bhliain ar aghaidh, soláthar ar leith, pleanáilte agus dírithe, a dhéanamh do dhaltaí ar baol nach ndéanfaidh siad máistreacht chuí a fhorbairt ar na bunscileanna. Ba chóir go mbeadh eolas ó mheasúnuithe, atá ar fáil i mbunscoileanna anois, mar phointe eolais agus mar thaca don phleanáil agus don soláthar sin.

- **Scríbhneoireacht:** Léiríonn an fhianaise ó roinnt tuairiscí cigireachta nach gcruthaítear dúshláin in amanna do dhaltaí sna tascanna a bhíonn tugtha dóibh. Tugtar ceisteanna gairide, gan comhthéacs, ar aon dul le ceisteanna tuisceana do roinnt mhaith acu agus teipeann ar a leithéid scileanna ardoird a fhorbairt. Ba chóir go leagfaí béim chuí ar an bpróiseas scríbhneoireachta, is ionann sin agus dréachtadh, scríobh agus eagarthóireacht a dhéanamh ar phíosaí oibre scríofa. Bíonn gá ag daltaí lena lán deiseanna don scríbhneoireacht fheidhmiúil agus ba chóir go n-iarrfaí orthu, agus go gcuideofaí leo, aistí fada ar raon séanraí a scríobh.

Cé chomh maith agus atá teagasc agus foghlaim na Matamaitice in iar-bhunscoileanna?

Sa tréimhse 2010-2012 tharla athrú suntasach i réimse na matamaitice i ngeall ar chéimniú isteach Project Maths sna hiar-bhunscoileanna go léir. Leagann Project Maths béim ar thuiscint daltaí ar choincheapanna matamaiticiúla agus ar chomhthéacsanna agus feidhmeanna a chuireann ar chumas daltaí an mhatamaitic a cheangal lena saol laethúil.

Aithníodh an gá a bhí le hathrú i roinnt staidéar[18] agus i dtuarascálacha a cuireadh ar fáil ó 2002 i leith. Ina measc tá Tuarascáil an Phríomhscrúdaitheora don Mhatamaitic (2005), torthaí PISA 2009 a léirigh lag-ghnóthachtáil dhaltaí na hÉireann sa mhatamaitic, agus tuairiscí ar chigireachtaí ar mhatamaitic a rinne an Chigireacht. Mar aon leis sin, chiallaigh an titim a lean ar roghnú na matamaitice ag an ardleibhéal, go háirithe sa tsraith shinsearach, go raibh gá le hathruithe bunúsacha sa tslí ina raibh an mhatamaitic á teagasc, á foghlaim agus á measúnú.

Léiríonn torthaí ó 124 tuairiscí ar chigireachtaí ábhar ar an Matamaitic sa tréimhse 2010-2012 go bhfuil, in ainneoin iarrachtaí scoileanna i gcoitinne ar dhearcthaí dearfacha a chothú i ndaltaí don Mhatamaitic, fadhbanna ag baint le teagasc, le foghlaim, le measúnú ar agus le pleanáil don Mhatamaitic i líon suntasach scoileanna.

Fuair cigirí amach go raibh cáilíocht na pleanála don mhatamaitic ag ranna an ábhair sásúil i 80% de scoileanna a raibh cigireacht ar an matamaitic acu. Ina leithéid de scoileanna bhí comhordú maith ar sholáthar an churaclaim, ar mheasúnuithe a tharla agus ar an bhforbairt ar an scéimeanna oibre scríofa. Tréithe dearfacha eile a bhain leis an bpleanáil éifeachtach, cé nár tugadh faoi deara iad chomh minic céanna, ná an phleanáil chun freastal ar cháilíocht na foghlama do dhaltaí, an phleanáil dírithe ar theagasc don tuiscint, múinteoirí ag aontú roimh ré maidir le cur chuigí comónta do phríomh oibrithe matamaiticiúla agus straitéisí chun na naisc a chruthú idir na snáithe éagsúla sa churaclam.

I mionlach suntasach scoileanna (20%), ba léir easnaimh sa phleanáil agus san ullmhúchán do theagasc na matamaitice, go háirithe sa phleanáil chun acmhainní a úsáid i gceachtanna matamaitice agus sa phleanáil don mheasúnú ar fhoghlaim na ndaltaí.

Léiríodh do chigirí nach raibh cáilíocht theagasc na matamaitice sásúil ach i 77% de na ceachtanna ar tugadh cuairt orthu le linn cigireachtaí ábhair.

Cáilíocht an teagaisc i gcigireachtaí ábhair ar Mhatamaitic (meastóireachtaí na gcigirí)



Sna ceachtanna matamaitice ab fhearr, bhí déine áirithe cuí ag baint leis an tslí inar pléadh leis an ábhar agus rinneadh idirdhealaithe chun freastal ar riachtanais na ndaltaí. Laghdaíodh an bhéim ar ghníomhaíochtaí a bhí á stiúrú ag an múinteoir agus cuireadh deiseanna ar fáil do dhaltaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí comhoibríocha. Sna cásanna ina raibh scóp don fhorbairt, bhí na

18 Elwood, J. and Carlisle, K. (2003) *Examining Gender: Gender and Achievement in the Junior and Leaving Certificate Examinations 2000/2001*. NCCA Research Report. Lyons, M., Lynch, K. Close, S., Sheeran, E., and Boland, P. (2003) *Inside Classrooms: a Study of Teaching and Learning*. Dublin: Institute of Public Administration; Smyth, E. and Hannan, C. (2002) Who Chooses Science? Subject Take-up in Second-Level Schools. Dublin: Liffey Press/ESRI; Smyth, E., McCoy, S. and Darmody, M. (2004) *Moving Up: The Experiences of First-Year Students in Post-Primary Education*. Dublin: Liffey Press/ESRI

ceachtanna á stiúrú den chuid is mó ag an múinteoir, níor leor an doimhneacht lenar pléadh leis an ábhar agus bhí na daltaí ag plé le tascanna athchleachtacha, tascanna gan comhthéacs agus gan i gceist leo ach díriú ar chur chuigí gnáthamh agus ar scileanna a fhorbairt.

Léiríonn torthaí cigireachta go bhfuil scóp don fhorbairt sa tslí ina mbaintear úsáid as acmhainní i dteagasc agus i bhfoghlaim na matamaitice. Nuair a bhí acmhainní in úsáid, léiríodh do chigirí gur bhain an úsáid sin go ginearálta le cur i láthair an cheachta a shaibhriú seachas daltaí a bheith páirteach go gníomhach ina bhfoghlaim féin. I líon beag ceachtanna, ach líon atá ag méadú, bíonn acmhainní in úsáid don iniúchadh agus chun hipitéisí a thástáil.

Is ábhar imní é an toradh go raibh an teagasc i 23% de na ceachtanna matamaitice easnamhach. Léiríonn tuairiscí cigireachta go bhfuil scóp rí-mhór don fheabhsúchán sa tslí ina gcuidítear le daltaí naisc a chruthú idir thuairimí matamaiticiúla, an mhatamaitic a bhíonn leabaithe i suíomhanna comhthéacs-shaibhir a iniúchadh, freagraí éagsúla a fháil ar na fadhbanna a bhíonn á réiteach acu sa rang agus léirithe éagsúla a chruthú chun a dtuairimí a chur in iúl. Ábhar imní freisin an easpa comhsheasmhachta sna ranna matamaitice maidir le cur i bhfeidhm na gcur chuigí teagaisc atá á moladh ag na siollabais nua. Luaigh cigirí gur dúshlán do mhúinteoirí áirithe doimhneacht an eolais mhatamaiticiúil a ba ghá chun cuspóirí *Projects Maths* a bhaint amach.

Fuair cigirí amach go raibh foghlaim na ndaltaí neamhleorach i níos mó ná an ceathrú cuid (26%) de na ceachtanna a breathnaíodh le linn cigireachtaí ábhair ar an Matamaitic.

Cáilíocht na foghlama i gcigireachtaí ábhair ar Mhatamaitic (meastóireachtaí na gcigirí)



Baineann ceann de phríomhábhair imní cigirí faoi fhoghlaim na matamaitice le fairsinge agus le doimhneacht na bhfreagairtí a mbíonn múinteoirí ag súil leo ó dhaltaí ó na ceisteanna a chuireann siad orthu, agus ó obair scríofa na ndaltaí. Ba léir do chigirí go raibh a lán daltaí cumasach maidir leis na freagraí cearta a sholáthar ar cheisteanna a bhí cleachtaithe go maith i gcomhthéacsanna ina raibh taithí acu orthu ach gur beag scóp a bhí tugtha dóibh chun iniúchadh a dhéanamh ar thuiscint níos doimhne ar an matamaitic a bhí mar bhunús leis na ceisteanna sin nó ar a mhéid agus a fhéadfaí a mhalairt de chur chuigí a úsáid chun teacht ar na freagraí. Thug cigirí faoi deara go raibh ceistiúchán an mhúinteora dírithe go príomha ar a fháil amach a mhéid agus a bhí máistreacht bainte amach ag daltaí ar na gnáthnósanna agus scileanna seachas iad seo a bheith á gcur i bhfeidhm acu i gcomhthéacsanna neamhchoitianta nó i suíomhanna débhríochta.

Tuigtear go gcaithfidh teagasc na matamaitice díriú ar scileanna agus ar ghnáthaimh má táthar le tuiscint na ndaltaí ar mhatamaitic, mar aon lena líofacht matamaitice, a fhorbairt. Tá, áfach, meon agus tiomantas an dalta chomh tábhachtach céanna. Is féidir iad seo a fhorbairt trí theagmháil bhreise a bheith acu le ceisteanna oscailte agus le suíomhanna ina gcaithfidh siad a nósanna oibre a léiriú

agus réasúnaíocht a thabhairt chun na freagraí a bhíonn faighte acu a mhíniú. Éilíonn a leithéid seo go gcuirfear le raon na gceisteanna a mbíonn ar dhaltaí plé leo san obair scoile agus baile chun ceisteanna oscailte agus ceisteanna ilchéimneach a chur san áireamh. Ba chóir go n-iarrfaí ar dhaltaí a réasúnaíocht a chosaint mar dhlúthchuid den phróiseas.

Áirítear mar chuid de dheachleastais an mheasúnaithe an úsáid ag roinn na matamaitice uile ar an *measúnú don fhoghlaim* chun cur le tuiscint agus le meas na ndaltaí ar an matamaitic. Sna seomraí ranga is éifeachtaí, bhí léiriú le fáil sna measúnuithe ar an athrú béime a bhain leis na curaclaim leasaithe agus bhí fáil ar cheisteanna difreálaithe chun freastal ar an raon cumas i gcohórt na ndaltaí.

Fuair cigirí amach go raibh na cleachtais a bhain le heolas a fháil ar riachtanais oideachasúla daltaí agus iad ag aistriú ón mbunscoil go dtí an mheánscoil go han-mhaith ar an iomlán agus go bhfuil an-fheabhas tagtha le déanaí ar an gcumarsáid idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ina leith seo. Bhí éifeacht ag baint leis na cleachtais seo chun daltaí le riachtanais speisialta oideachais, nó daltaí a raibh gá acu le tacaíocht foghlama don mhatamaitic, a aithint. Ní raibh an éifeacht chéanna ag baint leo, áfach, chun easnaimh a aithint i dtuiscint na ndaltaí ar an matamaitic ná chun bearnaí ina mbunscileanna a aithint. Caithfear níos mó oibre a dhéanamh lena dheimhniú go n-aithnítear na bearnaí seo ag a bpointe iontrála chuig an dara leibhéal agus lena dheimhniú go ndéantar clár matamaitice na chéad bhliana a oiriúnú chun freastal ar na heasnaimh seo.

Matamaitic: Ag foghlaim ó chigireachtaí

Cé go léiríonn fianaise ón gCigireacht feabhsuithe i soláthar na gcuraclam matamaitice ina lán scoileanna, is léir fós dúshláin do mhúinteoirí:

- **Teagasc don tuiscint:** Ba chóir fócas níos mó i dteagasc na matamaitice a bheith ar thuiscint a leagann béim ar na naisc idir thuairimí matamaiticiúla agus a dhíríonn daltaí i dtreo freagraí éagúla a fháil, agus a éilíonn go mbunaíonn siad naisc idir na freagraí agus na próisis a úsáidtear chun teacht ar na torthaí. Ba chóir difreálú éifeachtach ar ábhar na gceachtanna a bheith mar shaintréith ag gach ceacht matamaitice. Ba chóir cúram ar leith a ghlacadh lena dheimhniú go gcuirtear dúshláin chuí ar fáil do dhaltaí ardchumasacha.

- **Ceistiúchán:** Chun foghlaim daltaí sa mhatamaitic a fheabhsú, ba chóir cur le raon agus le cáilíocht na gceisteanna chun ceisteanna oscailte agus ilchéimneach a bheith san áireamh. Mar aon leis sin, ba chóir mar ghnáthchleachtas go mbeadh ar dhaltaí seasamh lena bhfreagraí agus na straitéisí a bhí in úsáid acu nuair a bhí siad ag tabhairt faoi na ceisteanna a mhíniú.

- **Pleanáil:** Ba chóir do phleanáil na roinne don ábhar modhanna a chur san áireamh a chuireann le foghlaim na ndaltaí agus leis an teagasc don tuiscint. Ba chóir modhanna coitianta teagaisc do na gnásanna matamaiticiúla níos tábhachtaí, comhtháthú acmhainní agus straitéisí chun naisc idir na snáitheanna curaclaim éagsúla a iniúchadh agus a leas a bhaint astu a chur san áireamh freisin.

- **Measúnú:** Ba chóir go mbeadh úsáid níos leithne á baint as an measúnú don fhoghlaim mar uirlis chun tuiscint agus meas daltaí ar mhatamaitic a fheabhsú. Ba chóir go mbeadh tionchar níos mó ag torthaí na measúnuithe ag an bpointe iontrála chuig an dara leibhéal ar ábhar agus ar sceideal an tsoláthair do chlár matamaitice na chéad bhliana.

- **Cur chuige *Project Maths:*** Is ábhar misnigh é tiomantas na múinteoirí do chur chuige *Project Maths* a fhorbairt. Tugann taighde a rinne an National Foundation for Educational Research (NFER)

le fios go laghdaíonn an méid úsáide a bhaineann múinteoirí as modhanna traidisiúnta teagaisc le méid a dtaithí ar na siollabais nua. Táthar ag súil, le himeacht ama agus leis an bhforbairt ghairmiúil breise atá ar fáil do theacht isteach *Project Maths*, go dtiocfar ar chothromaíocht níos fearr idir na modhanna teagaisc a bhí in úsáid cheana agus iad siúd atá á moladh ag na curaclaim nua.

Cé chomh maith agus atá teagasc agus foghlaim na Gaeilge in iar-bhunscoileanna?

Bliain ar leith a bhí sa bhliain 2012 maidir le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge sna hiar-bhunscoileanna mar ba í sin an chéad bhliain ina raibh athruithe suntasacha sna scéimeanna marcála do Ghaeilge na hArdteistiméireachta. Ba é an t-athrú ba mhó orthu seo ná an méadú ar na marcanna do ghné labhartha na scrúduithe Ardteistiméireachta ó 25% go 40% ag an ardleibhéal, ag an ngnáthleibhéal agus ag an mbonnleibhéal. I *dTuairisc an Phríomhscrúdaitheora ar Ghaeilge na hArdteistiméireachta i 2012*, luaitear úsáid fhorleathan na Gaeilge mar ghnáththeanga cumarsáide sa seomra ranga mar chúis gur éirigh go han-mhaith le han-chuid daltaí, thar na trí leibhéal, sa ghné labhartha den scrúdú.

Tacaíonn an fhianaise ó thuairiscí na gcigireachtaí ábhair don tréimhse seo le torthaí dearfacha an Phríomhscrúdaitheora ar ghnóthachtálacha ó scrúduithe cainte. Rinneadh 121 cigireachtaí ábhar ar Ghaeilge san iomlán in iar-bhunscoileanna le linn 2010-2012 agus rinneadh meastóireachtaí ar 729 ceacht Gaeilge sa tréimhse sin. Tugann torthaí ó na tuairiscí foilsithe sin le fios gur thug cigirí cleachtas sásúil nó níos fearr faoi deara i bhformhór na gceachtanna a breathnaíodh. Thug siad faoi deara freisin deiseanna breise do dhaltaí a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm go praiticiúil trí úsáid a bhaint as foghlaim chomhoibríoch i ngrúpobair, in obair bheirte agus i rólimirt. A mhalairt de scéal é seo ó na torthaí a foilsíodh sa tuarascáil *Ag Breathnú ar an nGaeilge sa tSraith Shóisearach* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta: 2007) nuair a bhí sé mar ábhar imní sa tríú cuid ar a laghad de thuairiscí cigireachta ar an nGaeilge go raibh an iomad úsáide á baint as an aistriúchán sna ceachtanna.

Tagraíonn líon spéisiúil tuairiscí do scoileanna a bheith ag clárú daltaí don ghné labhartha de scrúdú an Teastais Shóisearaigh. Forbairt dhearfach í seo mar go léirítear athrú sa dearcadh i leith na Gaeilge agus in úsáid na Gaeilge mar theanga labhartha i gceachtanna, agus athrú i spéis múinteoirí a ndaltaí a bheith ar fáil do scrúdú cainte roghnach. I líon beag tuairiscí cigireachta, moladh do mhúinteoirí úsáid an aistriúcháin mar mhodheolaíocht a sheachaint agus moladh dóibh a chinntiú go mbainfí úsáid níos seasta as an sprioctheanga i gceachtanna. Táthar ag súil go ndéanfaidh an nuashonraíocht don Ghaeilge, a bheidh mar chuid d'athchóiriú na sraithe sóisearaí atá le cur i bhfeidhm i 2015, uathspreagadh ar tháirgeadh teanga, go gcothófar cainteoirí muiníneacha Gaeilge agus go mbeidh tionchar dearfach aige seo freisin ar shealbhú na teanga sa tsraith shinsearach.

Déanann a lán tuairiscí tagairt d'ardphróifíl na Gaeilge sa scoil agus do mhórchuid idirbheartaíochtaí dearfacha chun rochtain daltaí ar Ghaeilge mar theanga bheo lasmuigh den seomra ranga a spreagadh. Nuair a bhíonn fáil ar a leithéid d'idirbheartaíochtaí nó do thacaíochtaí bíonn rannpháirtíocht agus foghlaim na ndaltaí níos fearr de ghnáth, ní nach ionadh, agus tagann méadú i gcoitinne ar ghnóthachtáil na ndaltaí sa teanga. Ní féidir ró-bhéim a chur ar an tionchar a bhíonn ag tacaíochtaí traschuraclaim agus seach-churaclaim don Ghaeilge ar dhearcthaí dearfacha an tsochaí i leith na Gaeilge mar theanga bheo agus ar a fiúntas bunúsach ar churaclam na scoile.

In ainneoin na bhforbairtí dearfacha ar an nGaeilge, níl torthaí na gcigireachtaí faoin nGaeilge chomh dearfach céanna in aon chor leis an torthaí do roinnt mhaith ábhar eile. Sa tréimhse 2010-2012 léiríodh do chigirí go raibh fadhbanna ag baint le cáilíocht fhoghlama na ndaltaí sa tríú cuid nach mór (32%)

de na cigireachtaí ar Ghaeilge mar ábhar, agus gur léir easnaimh sa tslí ina raibh an t-ábhar á theagasc i 28% de na ceachtanna Gaeilge a ndearnadh cigireacht orthu.

Cáilíocht an teagaisc i gcigireachtaí ábhair ar an nGaeilge (meastóireachtaí na gcigirí)



Cáilíocht na foghlama i gcigireachtaí ábhair ar an nGaeilge (meastóireachtaí na gcigirí)



Díríonn tuairiscí cigireachta aird ar roinnt deacrachtaí ar leith le teagasc agus le foghlaim na Gaeilge i mionlach suntasach iar-bhunscoileanna. Baineann deacracht amháin le húsáid acmhainní. Díríonn cigirí aird ar an ngá úsáid a bhaint as raon leathan acmhainní i gceachtanna, ina measc acmhainní dílse teanga agus TFC chun dúshlán agus spéis a chruthú do dhaltaí agus chun róthuilleamaí ar an téacsleabhar a sheachaint. Luann cigirí freisin gur gá béim bhreise a chur ar fheasacht fóineolaíochta, agus béim níos láidre ar insealbhú na struchtúr agus na rialacha gramadaí mar aon le daingniú ar ghnéithe nuashealbhaithe den teanga. Luaitear freisin an gá dúshláin a chruthú do na daltaí níos cumasaí, agus an tábhacht a bhaineann freisin le straitéisí chun teanga scríofa agus labhartha na ndaltaí a shaibhriú. Mar aon leis sin, iarrtar ar mhúinteoirí eolas ar mhodheolaíochtaí agus ar chur chuigí a roinnt lena chéile. Ar an drochuair, ba léir do chigirí go raibh scileanna teanga na múinteoirí féin easnamhach i líon beag, ach líon suntasach, scoileanna.

Bhí scóp don fhorbairt ar chleachtais an mheasúnaithe don Ghaeilge i mbeagnach 40% de scoileanna. Rinne cigirí moltaí faoi rudaí cosúil leis an tábhacht a bhain le trialacha comónta ina ndéanfaí na scileanna teanga go léir a mheas, fáil a bheith sna tuairiscí scoile ar mharcanna do na scileanna labhartha, agus monatóireacht chúramach ar an obair bhaile. Is ábhar spéise é go luann na tuairiscí cigireachta go léir, nach mór, gur gá scileanna labhartha na ndaltaí a mheas ón gcéad bhliain ar aghaidh.

Tá na torthaí a bhaineann le cáilíocht na pleanála don Ghaeilge sna hiar-bhunscoileanna díomách. Bhí easnaimh thromchúiseacha sa phleanáil agus sna próisis ullmhúcháin ag 30% de na scoileanna a ndearnadh cigireacht ábhar ar an nGaeilge iontu. Mhol cigirí gur chóir na scéimeanna oibre a bhí curtha le chéile ag ranna ábhair na Gaeilge a bheith níos comhtháite agus gur chóir go mbeadh níos

mó mioneolais iontu maidir le téamaí, modheolaíochtaí, acmhainní teagaisc, úsáid TFC, cur chuigí idirdhealaithe agus cur chuigí ar mheasúnú don fhoghlaim.

Gaeilge: Ag foghlaim ó chigireachtaí

Tugann sonraí na cigireachta ó 2010-2012 léiriú follasach ar na dúshláin do líon suntasach scoileanna agus múinteoirí ó thaobh na Gaeilge:

- **Forbairt agus measúnú ar scileanna teanga:** Caithfear neart deiseanna a thabhairt do dhaltaí a bheith gafa leis na ceithre phríomhscileanna agus iad ag foghlaim teanga, ina measc scileanna labhartha trí mhodheolaíochtaí gníomhacha agus obair i gcomhpháirt le chéile. Caithfear aird ar leith a dhíriú freisin ar struchtúir agus ar chomhréir a shealbhú agus a fhorbairt, ar ghramadach, ar fhoghraíocht agus ar fhoclóirí a úsáid.

- **An sprioctheanga:** Fáiltítear roimh fheabhsuithe in úsáid na sprioctheanga mar phríomhtheanga na cumarsáide sna ranganna Gaeilge.Tá sé ríthábhachtach go mbaintear úsáid as an sprioctheanga sna ceachtanna agus go ndéantar an t-aistriúchán a sheachaint. Ba chóir go mbeadh polasaí cinnte ina leith seo le feiceáil sa phleanáil don ábhar. Bá chóir cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh i gcur chun cinn na teanga agus thiocfadh uaidh seo go mbeadh níos mó daltaí ag tabhairt faoin nGaeilge ag an ardleibhéal sna scrúduithe Stáit, go méadófaí féinmhuinín agus spéis in úsáid na teanga agus go mbeadh an ghnóthachtáil i gcoitinne níos fearr.

- **Pleanáil agus ullmhúchán:** Ba chóir do phleanáil an ábhair agus do scéimeanna oibre eolas a chur ar fáil ar théamaí agus ar thopaicí, ar mhodheolaíochtaí, ar acmhainní ar a n-áirítear úsáid TFC, straitéisí don mheasúnú don fhoghlaim agus measúnú ar an iomlán.

- **Measúnú:** Tá sé tábhachtach go ndéanfaí monatóireacht agus ceartú go leanúnach ar an obair bhaile ó bhéal agus scríofa agus go ndéanfaí aischothú múnlaitheach a sholáthar. Ba chóir na scileanna teanga go léir a mheas ón gcéad bhliain ar aghaidh, scileanna labhartha san áireamh, rud a bheidh ag teacht leis an tábhacht a bhaineann le labhairt na Gaeilge agus le dáileadh méadaithe na marcanna ar an ngné labhartha sna scrúduithe Stáit.

SPOTSHOLAS AR IONAID ÓGTHEAGMHÁLA 2011-2012

Cad atá i gceist leis an Spotsholas seo?

Díríonn an Spotsholas seo ar na príomhthorthaí ó chigireachtaí ar Ionaid Ógtheagmhála. Cuireann na hionaid seo oideachas de chineál eile ar fáil do dhaoine óga a mbíonn an scoil fágtha acu go luath.

Cad iad Ionaid Ógtheagmhála?

- Bíonn oideachas athdheise agus oiliúint ar fáil in Ionaid Ógtheagmhála do dhaoine óga dífhostaithe idir cúig bliana déag agus fiche bliain d'aois a d'fhág an scoil go luath. Cruthaíonn Ionaid Ógtheagmhála deis inar féidir le haosaigh agus le daoine óga filleadh ar an oideachas nó an t-oideachas a chríochnú. Feidhmíonn na hIonaid go lánaimseartha, tríd an mbliain go léir agus freastalaíonn siad ar 6,000 foghlaimeoir in aghaidh na bliana in áiteanna a bhíonn maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Ag am na meastóireachtaí, bhí bainistíocht na nIonad Ógteagmhála, a raibh breis agus 100 acu ann, faoi chúram na gCoistí Gairmoideachais (Boird Oideachais agus Oiliúna mar atá anois).

Cuspóirí na hÓgtheagmhála

- Tá polasaí an tsoláthair don Ógtheagmháil mar fhreagracht ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Is iad cuspóirí Ógtheagmháil ná:
  - Forbairt phearsanta agus shóisialta agus féinmheas a mhéadú
  - Oideachas athdheise agus oiliúint ag an gcéim tosaigh a sholáthar
  - Neamhspleáchas, féinriar, saoránacht ghníomhach agus patrún foghlama ar feadh an tsaoil a chothú
  - Imeascadh sa bhreisoideachas, i ndeiseanna oiliúna nó sa mhargadh fostaíochta
  - Cuimsiú sóisialta a chothú

Meastóireachtaí 2011-2012

- Rinne an Chigireacht na meastóireachtaí i 19 ionad i rith 2011 agus 2012. Bhí an tsamhail chigireachta a bhí in úsáid sna meastóireachtaí seo níos giorra agus níos dírithe ná an tsamhail a bhí in úsáid ag an gCigireacht i meastóireachtaí Ógtheagmhála roimhe sin. Chlúdaigh an tsamhail codanna de na samhlacha cigireachta MSU don bhunscoil agus don iar-bhunscoil a bhí leasaithe go gairid roimhe sin, úsáid na gceistneoirí go príomha. Mar aon leis sin, ar aon dul leis an dtiomantas sa Chlár Rialtais, dhírigh na cigirí ar na próisis féinmheastóireachta sna hionaid agus ar acmhainn na n-ionad don fheabhsúchán.

- I gás gach ceann de na 19 ionad rinne na cigirí meastóireacht agus tuairisciú ar na téamaí seo a leanas:
  - Eispéaras na bhfoghlaimeoirí:
    - Tinreamh agus coinneáil
    - Dul chun cinn oideachasúil
    - Teagasc, foghlaim agus gnóthachtáil
    - Litearthacht agus uimhearthacht
    - Scileanna saoil
    - Cosaint leanaí
  - Eagrú agus bainistíocht na n-ionad:
    - Bainistiú agus comhordú an ionaid
    - Acmhainn an ionaid don fheabhsú agus don fhorbairt

Torthaí Achomair na Meastóireachta ar Ógtheagmháil

Téama	Láidreachtaí	Scóp don fhorbairt
Feidhmiú an ionaid go ginearálta	Bhí feidhmiú agus/nó comhordú an ionaid i gcoitinne éifeachtach nó an-éifeachtach i 16 ionad Luadh go raibh na foirne i bhformhór na n-ionad tiomanta d'fhorbairt iomlánaíoch na bhfoghlaimeoirí Bhí tacaíocht mhaith ag formhór na n-ionad ón CGO	Tugadh faoi deara ábhair imní maidir le meanma agus cumarsáid na foirne i 3 as 19 ionad Bhí níos lú ná leath de na hionaid a chuir cláir churaclaim deachothrom ar fáil Rinneadh moltaí maidir le clártráthú an churaclaim i 10 as 19 ionad
Freastal, coinneáil	Ba léir dea-chleachtais sa mhonatóireacht ar thineamh na bhfoghlaimeoirí sna hionaid go léir Ba léir atmaisféar comhbhách agus measa i bhformhór na n-ionad	Bhí fadhbanna bainteach le tinrimh neamhrialta i 5 as na 19 ionad Bhí gá athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí iontrála i 4 ionad
Dul chun cinn oideachasúil	Bhí pleananna aonair foghlama curtha le chéile d'fhoghlaimeoirí i 12 ionad Ba léir straitéisí éifeachtacha chun dul chun cinn foghlaimeoirí a spreagadh i bhformhór na n-ionad. Ina measc bhí: *Naisc chuí leis an bpobal áitiúil agus le gníomhaireachtaí tacaíochta* *Naisc mhaithe le teagascóirí, le tacadóirí agus/nó le pléadálaithe* Bhí cláir oideachais agus bealaí chun cinn sásúil i bhformhór na n-ionad	Moladh forbairt bhreise ar phleananna aonair foghlama i 12 as 19 ionad lena dheimhniú: *go mbeidís cuimsitheach agus faisnéiseach* *go gclárófaí mianta oideachasúla agus dul chun cinn na bhfoghlaimeoirí mar aon lena bpleananna gairme* Rinneadh dul chun cinn na bhfoghlaimeoirí tar éis dóibh na hionaid a fhágáil a rianú i níos lú ná leath de na hionaid I gcúpla ionad tugadh suntas d'ábharthacht an chroíchuraclaim do na foghlaimeoirí go léir agus/nó don ghá raon na gcosán creidiúnaithe a bhí ar fáil d'fhoghlaimeoirí a mhéadú
Teagasc, foghlaim, gnóthachtáil	Bhí cáilíocht na pleanála, an ullmhúcháin agus roghnú na n-acmhainní do cheachtanna sásúil i bhformhór na n-ionad Bhí cáilíocht an teagaisc a breathnaíodh le linn na meastóireachtaí sásúil i gcoitinne	Ba léir roinnt easnaimh sa phleanáil i 5 as na 19 ionad Bhí gnóthachtáil na ndaltaí oiriúnach i níos lú ná leath de na hionaid Rinneadh a leithéid de mholtaí faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim i roinnt ionad: *teagasc idirdhealaithe* *cuspóir na foghlama a chur in iúl* *measúnú ar fhoghlaim* *foghlaim chomhoibríoch* *foghlaim ghníomhach* *úsáid na TFC*
Litearthacht, uimhearthacht	I líon beag ionad bhí obair dhearfach ar bun i bhforbairt scileanna litearthachta do dhaltaí	I bhformhór na n-ionad bhí gá le feabhsúchán i bhforbairt scileanna litearthachta agus uimhearthachta daltaí Bhí polasaí litearthachta agus uimhearthachta ag níos lú ná leath de na hionaid I bhformhór na n-ionad ní raibh an litearthacht agus an uimhearthacht comhtháite go córasach tríd an gcuraclam
Scileanna saoil	Ar an iomlán, bhí foirne na n-ionad tiomanta d'fhorbairt phearsanta agus shóisialta na bhfoghlaimeoirí I bhformhór na n-ionad luadh go raibh fáil ar thacaíochtaí cosúil le meantóireacht, abhcóideacht, treoir agus comhairleoireacht	I 4 as an 19 ionad moladh go gcuirfí tús le, nó go méadófaí ar,an soláthar treorach agus comhairleoireachta I 6 ionad bhí gá le feabhas a chur ar sholáthar an OSPS Bhí soláthar sa churaclam i níos lú ná leath de na hionaid ar scileanna praiticiúla, gairmiúla, TFC agus scileanna saoil
Réimsí don fhorbairt agus don fheabhsúchán	I bhformhór na n-ionad tugadh faoi deara go raibh an bhainistíocht: *tiomanta d'fhorbairt leanúnach an ionaid gafa leis an dTionscnamh don Chreat Cáilíochta don Ógtheagmháil*	Bhí níos lú ná leath de na hionaid a raibh meastóireacht inmheánach déanta acu ar an ionad Bhí níos lú ná leath a raibh sé le rá fúthu go raibh acmhainn mhaith a gclár feabhsúcháin a fhorbairt ar sa todhchaí

SPOTSHOLAS AR OIDEACHAS SÓISIALTA, PEARSANTA AGUS SLÁINTE (OSPS) I mBUNSCOILEANNA AGUS IN IAR-BHUNSCOILEANNA

Cad atá i gceist leis an Spotsholas seo?

Achoimre atá sa Spotsholas seo ar na príomhthorthaí ó mheastóireachtaí ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama san Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.

Cad é cuspóir an OSPS?

- Tá sé mar chuspóir ag an gCuraclam Bunoideachais OSPS:
  - forbairt phearsanta, sláinte agus folláine an pháiste aonair a chothú
  - cuidiú leis/léi caidrimh tacúil a chothú agus a choinneáil
  - cuidiú leis/léi bheith ina shaoránach gníomhach,freagrach sa tsochaí

- Tá sé mar chuspóir ag an gCreat Curaclaim Iar-Bhunoideachais OSPS:
  - a chur ar chumas daltaí scileanna pearsanta agus sóisialta a fhorbairt
  - féinmheas agus féinmhuinín a chothú
  - a chur ar chumas daltaí creat don chinnteoireacht fhreagrach a fhorbairt
  - deiseanna a chruthú don athmhachnamh agus don phlé
  - sláinte agus folláine fisiceach, meabhrach agus mothúchánach a chothú

An curaclam OSPS

- Tá trí shnáithe do gach rangleibhéal sa Churaclam Bunoideachais OSPS:
  - Mise (an t-oideachas caidrimh agus gnéasachta [OCG] san áireamh)
  - Mise agus daoine eile
  - Mise agus an domhan mór

- Tá na modúil seo a leanas sa Chreat Curaclaim Iar-Bhunoideachais OSPS:
  - Muintearas agus comhtháthú
  - Féin-bhainistíocht: tuiscint ar an gcuspóir
  - Scileanna cumarsáide
  - Sláinte fhisiciúil
  - Cairdeas
  - Caidrimh agus gnéasacht
  - Folláine mothúchán
  - Tionchair agus cinntí
  - Úsáid substaintí
  - Sábháilteacht phearsanta

Na meastóireachtaí OSPS

- Tá na torthaí achomair bunaithe ar:
  - 117 meastóireachtaí scoile uile ag an mbunleibhéal ina ndearnadh cigireacht ar OSPS le linn 2010-2012
  - Cigireachtaí teagmhasacha ar 164 ceacht OSPS i mbunscoileanna i rith 2010-2012
  - Cigireachtaí ábhair ar OSPS i 63 iar-bhunscoileanna (ar a n-áirítear breathnóireacht ar 301 ceacht OSPS) idir Meán Fómhair 2010 agus Bealtaine 2011

- Tá tuairisc iomlán ar na torthaí iar-bhunoideachais sa bhfoilseachán seo a leanas:
  Ag Breathnú ar Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte: Teagasc agus Foghlaim in Iar-Bhunscoileanna, Staidéir Mheastóireachta na Cigireachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2013

Fócas na meastóireachta	Torthaí Achomair na Meastóireachta ar Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS)	
	Torthaí ag an mBunleibhéal	**Torthaí ag an Iar-bhunleibhéal**
Iomlán	Bhí na torthaí don OSPS i mbunscoileanna dearfach i gcoitinne. I measc na ngnéithe de sholáthar OSPS a raibh gá ag líon suntasach múinteoirí aird bhreise a dhíriú orthu bhí ullmhúchán na gceachtanna, cleachtais don mheasúnú, agus deiseanna do dhaltaí oibriú go comhoibríoch	Bhí na torthaí don OSPS in iar-bhunscoileanna dearfach i gcoitinne. An ghné de sholáthar OSPS a raibh sé ríshoiléir gur gá é a fheabhsú i líon suntasach scoileanna ná gné an mheasúnaithe
Teagasc agus foghlaim	Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama i gcoitinne san OSPS go maith nó go han-mhaith i 93% de na bunscoileanna a ndearnadh cigireacht orthu trí MSU. I gcigireachtaí teagmhasacha ar OSPS léiríodh go raibh: *Torthaí foghlama sásúil i 86% de cheachtanna* *Modhanna teagaisc cuí, úsáid éifeachtach acmhainní agus daingniú ar an bhfoghlaim i 88% de cheachtanna* *Daltaí gníomhach mar is cuí ina bhfoghlaim i 90% de cheachtanna, caint agus plé in úsáid go maith i 91% de cheachtanna* *Scileanna bainistíochta ranga léirithe go sásúil ag múinteoirí i mbeagnach gach ceacht (97%)* *Daltaí gafa leis an bhfoghlaim chomhoibríoch i 65% amháin de cheachtanna* Rinneadh tagairt go minic i dtuairiscí MSU don atmaisféar dearfach a ba léir i ranganna (bhí meon agus atmaisféar na scoile mar cheann de na príomh bhealaí ina ndearnadh soláthar ar an gcuraclam OSPS i mbunscoileanna) Thug 96% de thuismitheoirí le fios gur chuidigh an scoil le forbairt shóisialta agus phearsanta a bpáiste cé go raibh céatadán suntasach (24%) a dúirt nach raibh a fhios acu conas mar a rinne an scoil an bhulaíocht a láimhseáil	Sna ceachtanna iar-bhunoideachais OSPS go léir nach mór (83%) a breathnaíodh, léirigh daltaí tuiscint mhaith ar an ábhar a clúdaíodh Bhí leibhéal cumais an mhúinteora go ginearálta maidir le modhanna éascaíochta a úsáid chun tacú leis an bhfoghlaim ó thaithí sásúil nó níos fearr ná sin i 88% de na scoileanna I bhformhór na gceachtanna bhí cothromaíocht mhaith idir gníomhaíochtaí faoi threoir an mhúinteora agus faoi threoir na ndaltaí, le fianaise ar an bhfoghlaim ó thaithí i 78% de cheachtanna I 85% de cheachtanna, bhí daltaí gníomhach ina bhfoghlaim; ba léir obair ghrúpa nó obair bheirte i 78% de cheachtanna I líon beag ceachtanna bhí an iomarca béime ar eolas a sholáthar agus gan dóthain béime ar scileanna, ar dhearcthaí agus ar luachanna gaolmhara a fhorbairt Bhí an t-atmaisféar ranga go maith nó go han-mhaith i mbeagnach gach rang (99%)
Pleanáil agus ullmhúchán	Bhí ullmhúchán na múinteoirí do 24% de na ceachtanna a ndearnadh meastóireacht orthu trí chigireachtaí teagmhasacha níos lú ná sásúil agus, i 16% de na ceachtanna, ní raibh pleananna scríofa don OSPS ag na múinteoirí	Bhí cleachtais agus nósanna imeachta scoile chun tacú le pleanáil ábhair don OSPS éifeachtach i 75% de scoileanna Bhí plean cláir forbartha don OSPS ag 83% de na scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu ach i 21% de na pleananna cláir bhí roinnt modúl de Chreat Curaclaim OSPS an Teastas Shóisearaigh nach raibh dóthain béime leagtha orthu Moladh go ndéanfaí croífhoireann teagaisc a bhunú i ngach scoil do OSPS na sraithe sóisearaí agus do OCG na sraithe sinsearaí, faoi threoir comhordaitheora ábhair Ba léir roinnt cleachtas machnamhach den scoth ag múinteoirí a thacaigh le feabhsuithe leanúnacha sa phleanáil don OSPS agus OCG, ina raibh príomhról ag an gcomhordaithoir ábhair ar chlár don fheabhsú scoile a threorú, rud a chur le teagasc agus le foghlaim an OSPS agus an OCG Bhí cáilíocht réamhphleanála agus ullmhúcháin na múinteoirí do na ceachtanna a breathnaíodh go maith nó go han-mhaith ar an iomlán
Measúnú	I 33% de na ceachtanna OSPS a ndearnadh meastóireacht orthu trí chigireachtaí teagmhasacha bhí na cleachtais don mheasúnú níos lú ná sásúil	Bhí níos mó laigí ná láidreachtaí sna cleachtais a bhí in úsáid don mheasúnú ar OSPS i 56% de scoileanna. Bhí scóp chun straitéisí a fhorbairt do dhaingniú na foghlama sa tríú cuid de na ceachtanna a breathnaíodh

SPOTSHOLAS AR AN SOLÁTHAR DO RIACHTANAIS SPEISIALTA OIDEACHAIS IN IAR-BHUNSCOILEANNA 2010-2012

Cad atá i gceist leis an Spotsholas seo?

Cuireann an Spotsholas seo achoimre ar fáil ar phríomhthorthaí cigireachtaí ar cháilíocht an tsoláthair do riachtanais speisialta oideachais in iar-bhunscoileanna. Tá sé bunaithe ar 50 cigireacht ábhar sa soláthar do riachtanais speisialta oideachais in iar-bhunscoileanna sa tréimhse 2010-2012.

Cuimsiú daltaí le riachtanais speisialta oideachais in iar-bhunscoileanna

- Bíonn tacaíocht reachtúil agus eolas ó bharrchleachtas idirnáisiúnta mar bhonn le cuimsiú daltaí le raon éagsúil riachtanas foghlama agus speisialta in iar-bhunscoileanna príomhshrutha. Cuirtear acmhainní breise ar fáil do scoileanna chun an cuimsiú seo a éascú. Bíonn seirbhís múinteorí tacaíochta, maoinithe ag an Roinn, ag gach iar-bhunscoil (seachas iad siúd a mbíonn táille á ghearradh acu). Is í an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta a dháileann uaireanta breise múinteoirí acmhainne ar dhaltaí a mbíonn gá acu le tacaíocht bhreise bunaithe ar leibhéil mheasúnaithe na riachtanas agus ar na catagóirí míchumais.

Meastóireachtaí 2010-2012

- Sa tréimhse 2010-2012, rinne an Chigireacht móriomlán 50 cigireacht ábhar ar sholáthar riachtanais speisialta oideachais in iar-bhunscoileanna.

- Sna meastóireachtaí thug cigirí cuairteanna ar ranganna príomhshrutha, agus ar shuíomhanna inar aistarraingíodh grúpaí beaga, chun breathnóireacht a dhéanamh ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim ag daltaí le riachtanais speisialta oideachais. Bhí siad i dteagmháil le daltaí agus le múinteoirí; scrúdaigh said obair na ndaltaí agus ullmhúchán na múinteoirí agus bhí plé acu le príomhoidí agus le múinteoirí na scoileanna. Rinne siad athbhreithniú freisin ar pholasaithe ábhartha scoile agus ar cháipéisí eile bainteach le riachtanais speisialta oideachais a bhí á chur ar fáil ag an scoil.

Soláthar do Riachtanais Speisialta Oideachais in Iar-Bhunscoileanna Torthaí Achomair		
Iomlán	Léiríodh cáilíocht an tsoláthair do riachtanais speisialta oideachais a bheith go maith nó go han-mhaith sna ceachtanna a ndearnadh meastóireacht orthu. I measc na ngnéithe den tsoláthar a luaigh cigirí go minic gur gá forbairt bhreise a dhéanamh orthu bhí an measúnú mar aon le cur chuigí scoile uile don phleanáil agus don ullmhúchán.	
	Láidreachtaí	**Scóp don fhorbairt**
Teagasc	Bhí cáilíocht an teagaisc i gcoitinne go maith nó go han-mhaith i bhformhór (90%) na gceachtanna a ndearnadh meastóireacht orthu. Áirítear mar chuid de na láidreachtaí a thug cigirí faoi deara: *Ceachtanna feidhmiúla a chuir riachtanais na ndaltaí san áireamh agus a rinne dá réir difreálú ar na tascanna foghlama* *Ábhar nua nasctha le heolas a bhí cheana ag daltaí* *Soiléiriú agus athrá ar threoracha* *Úsáid mhaith ar "am feithimh" nuair a díríodh ceisteanna ar dhaltaí/ghrúpaí daltaí ar leith* *Aird chuí dírithe ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt* *Tacaíocht dírithe ar ábhair ar leith* *Dea-iompar, cumarsáid, scileanna sóisialta agus saoil á gcothú*	Léiríodh an teagasc a bheith níos lú ná sásúil i mionlach (10%) na gceachtanna a ndearnadh cigireacht orthu. Nuair a bhí scóp d'fhorbairt an teagaisc i gcomhthéacsanna oideachais speisialta chuir cigirí comhairle ar fáil faoi nithe ar nós: *Teagasc foirne a úsáid chun tacaíocht sa rang a éascú* *Réamhtheagasc ar eochair fhocail roimh thús an cheachta* *Daltaí a chur ag cumadh ceisteanna agus freagraí araon bainteach le topaic an cheachta* *TFC a úsáid chun obair na ndaltaí a fhoilsiú; taispeántais ar obair na ndaltaí a fhorbairt* *A dheimhniú go mbíonn na huirlisí measúnaithe go léir in oiriúint don aois agus don fheidhm atá i gceist leo* *Úsáid a bhaint as na spriocanna don ghnóthachtáil ón bplean oideachais aonair (POA/IEP) chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn*
Foghlaim	Bhí foghlaim na ndaltaí sásúil nó níos fearr ná sin i bhformhór mór (89%) de na ceachtanna a ndearnadh meastóireacht orthu. Sna ceachtanna ba mhó éifeacht, bhí tacaíocht mhaith d'fhoghlaim na ndaltaí ó straitéisí ar nós: *Na spriocanna foghlama roinnte le daltaí ag tús agus ag deireadh na gceachtanna* *Athrá, daingniú agus athdhaingniú an ábhair le linn na gceachtanna* *Úsáid éifeachtach bainte as TFC agus as amharc íomhánna* *Solúbthacht sa dáileadh ar CRS chun tacú le rochtain an churaclaim agus chun neamhspeáchas daltaí ar leith a chothú*	Bhí foghlaim dhaltaí a raibh tacaíocht oideachais speisialta á fáil acu níos lú ná sásúil i 11% de na ceachtanna a ndearnadh meastóireacht orthu. Sa chomhairle a chur siad ar fáil do scoileanna maidir leis na bealaí ina bhféadfaí tacú le foghlaim níos éifeachtaí ag daltaí, mhol cigirí go mbainfí úsáid níos forleithne as straitéisí agus as acmhainní ar nós: *Foghlaim chomhoibríoch* *Obair bheirte agus obair i ngrúpaí beaga* *Eagraithe grafacacha, aibhsiú téacsa agus leideanna cuimhne*
Pleanáil agus ullmhúchán	Ba léir pleanáil scoile uile agus ullmhúchán an tsoláthair do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais a bheith go maith nó níos fearr ná sin i 40 (80%) de na scoileanna. I measc na láidreachtaí sa phleanáil ag na scoileanna sin bhí : *Eolas ábhartha a bhailiú faoi dhaltaí ag an bpointe iontrála óna dtuismitheoirí agus ó na scoileanna óna raibh siad ag teacht* *Fócas ar fhorbairt na litearthachta agus na huimhearthachta* *Cumarsáid éifeachtach faoin bpleanáil idir na múinteoirí acmhainne agus na múinteoirí ábhar* *Spriocanna dea-struchtúrtha i bPOA na ndaltaí ina raibh critéir don ghnóthachtáil leagtha amach go soiléir* *Teimpléad scoile in úsáid chun obair a bhí déanta a chlárú*	Léiríodh do chigirí go raibh cabhair de dhíth ar mhionlach suntasach (20%) scoileanna chun forbairt bhreise a dhéanamh ar a gcur chuige don phleanáil do sholáthar an oideachais speisialta. Chun cuidiú le scoileanna próisis phleanála a fhorbairt rinne cigirí moltaí dá leithéid seo ina dtuairiscí: *Páirtíocht níos gníomhaí ag daltaí agus ag tuismitheoirí i bhforbairt POA* *Deimhniú go mbíonn spriocanna POA sainiúil, intomhaiste agus insroichte laistigh d'achar ama ar leith* *Spriocanna foghlama, sóisialta, iompair agus cumarsáide a roinnt leis na múinteoirí ábhartha* *Polasaí scoile uile ar an tacaíocht do dhaltaí sárbhuacha, tréitheacha a fhorbairt*

Eagrú scoile agus soláthar tacaíochtaí	Léiríodh do chigirí go raibh a lán (86%) scoileanna ag baint úsáide éifeachtaí, don fheidhm a bhí leagtha síos dóibh, as acmhainní a bhí curtha ar fáil don oideachas speisialta. Ba ghnáthach sna scoileanna seo go raibh *Córais éifeachtacha chun an soláthar a chomhordú* *Polasaithe agus cleachtais chun tacú leis an gcuimsiú* *Foirne a raibh comhbhá acu le daltaí* *Foirne a chomhoibrigh chun freastal ar riachtanais na ndaltaí*	Chlúdaigh moltaí na gcigirí faoin eagrú agus faoi sholáthar na dtacaíochtaí a leithéid seo: *Clár daltaí a fhorbairt chun úsáid na n-uaireanta teagaisc a bhí dáilte a rianú, agus chun na huaireanta seo a bheith mar chuid de mháistir-chlártráth na scoile* *Líon na múinteoirí a bhí gafa le teagasc na n-uaireanta tacaíochta a íosmhéadú* *Comhartheagasc nó teagasc foirne a úsáid do roinnt daltaí seachas iad a thógaint amach as na ranganna* *Polasaithe a fhorbairt agus a athbhreithniú chun soláthar na dtacaíochtaí a threorú*

Caibidil 5

AG DEIMHNIÚ GO dTARLAÍONN FEABHSÚCHÁN

5.1 Scoileanna ag brú feabhsúcháin chun cinn

Bíonn scoileanna agus múinteoirí éifeachtacha ag machnamh go minic ar a gcuid oibre agus ar an bhfoghlaim a bhaineann a ndaltaí amach. Trí iad a cheistiú faoin tslí inar féidir foghlaim agus teagasc a fheabhsú, is féidir leo an fhoghlaim a ghnóthaíonn a ndaltaí a fheabhsú. Dá bhrí sin, ceann de na príomhbhearta ag an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta ná tús a chur le féinmheastóireacht scoile (FMS) níos córasaí i scoileanna uile na hÉireann.

Le roinnt mhaith blianta, tá úsáid bainte ag múinteoirí agus ag boird bhainistíochta i scoileanna na hÉireann as an bpróiseas don Phleanáil le hAghaidh Forbairt Scoile chun a fháil amach cad atá ag obair go maith ina scoileanna agus cad a fhéadfaí a fheabhsú. Cur chuige atá sa bhféinmheastóireacht scoile inar féidir leis an bpróiseas athmhachnaimh agus feabhsúcháin seo tarlú ar bhealach níos córasaí. Mar atá pleanáilte sa Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta, iarradh ar scoileanna tógáil ar an bpleanáil don fhorbairt agus ar na próisis don mheasúnú atá acu cheana trí a bheith páirteach i bhféinmheastóireacht scoile ar theagasc agus ar fhoghlaim ón scoilbhliain 2012-2013 ar aghaidh. Mar atá pléite i gCaibidil 2 den tuairisc seo, thacaigh an Chigireacht leis an tionscnamh seo trí threoirlínte FMS a fhorbairt, trí úsáid a bhaint as tionscnamh píolótach FMS i roinnt scoileanna, agus trí thús a chur le clár cuairteanna comhairleacha FMS go scoileanna. Leanann an obair seo ar aghaidh i 2013.

Tá an fócas á chur le déanaí ar FMS i gcomhthéacs na bpríomhról a bhíonn le comhlíonadh ag boird bhainistíochta, ag ceannairí scoile agus ag múinteoirí ionas go dtarlóidh feabhsúchán. Tá tiomantas múinteoirí, ceannairí agus boird maidir le hathruithe a chur i gcríoch riachtanach má tá feabhas le teacht ar fhoghlaim na ndaltaí.

5.2 Cigireachtaí ag tacú le feabhsúcháin

Bíonn ról ag cigireachtaí feabhsuithe sa teagasc agus i bhfoghlaim na ndaltaí a spreagadh. Cuireann cigireachtaí dearcadh oibiachtúil, seachtrach ar fáil ar obair na scoile. Ní ar bhailiúchán sonraí don anailís amháin a bhíonn na hagallaimh a tharlaíonn le pearsanra scoile i gcigireachtaí agus le baill an bhoird, le tuismitheoirí agus le daltaí i meastóireachtaí scoile uile ach bíonn sé i gceist freisin go ndéanfar pobal na scoile a spreagadh le haird a thabhairt ar cheisteanna faoi obair na scoile. Tapaíonn cigirí deiseanna san aischothú ó bhéal a thugann siad agus ina dtuairiscí scríofa chun aitheantas a thabhairt don dea-chleachtas agus chun na réimsí a aithint ina gceapann siad go bhféadfaí feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Tá fianaise a léiríonn go nglacann scoileanna agus múinteoirí go dáiríre leis na moltaí a cuirtear faoina mbráid i dtuairiscí cigireachta agus go dtéann siad i ngleic leo. Mar shampla, nuair a bhíonn meastóireachtaí scoile uile thart, tugtar cuireadh do bhoird bhainistíochta doiciméad le freagairt na scoile a sholáthar inar féidir leo tuairisciú ar na gníomhaíochtaí atá idir lámha acu, nó atá beartaithe acu, chun obair na scoile a fheabhsú. Foilsítear doiciméid na bhfreagairtí mar aon le tuairisc na Cigireachta ar láithreán gréasáin na Roinne. Ar an iomlán, léiríonn freagairtí na scoile go nglacann formhór na scoileanna leis na moltaí a bhíonn curtha faoina mbráid agus go mbíonn tús curtha acu le dul i ngleic leo nó go bhfuil sé i gceist acu a leithéid a dhéanamh.

5.3 Cigireachtaí leantacha

Léiríonn cigireachtaí leantacha freisin go dtéann rudaí i bhfeabhas tar éis meastóireachtaí. I 2012, thug an Chigireacht faoi chuairteanna cigireachta pleanáilte, gnáthúla, leantacha chuig sampla randamach scoileanna inar tharla cigireachtaí sa tréimhse trí bliana roimhe sin. Bhí sé i gceist go ndéanfaí

monatóireacht sna cuairteanna ar a mhéid agus a bhí scoileanna tar éis dul i ngleic leis na moltaí ó thuairiscí cigireachta a tharla cheana. Tharla na cuairteanna i gcomhthéacsanna éagsúla – scoileanna príomhshrutha ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal, ar a n-áirítear scoileanna a bhí ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla agus trí mheán na Gaeilge, scoileanna Gaeltachta, scoileanna speisialta, agus scoileanna in Aonaid Ardtacaíochta agus i larionaid oideachais.

Bhí raon gníomhaíochtaí meastóireachta i gceist leis na cuairteanna leantacha, ar nós:

- Cruinnithe le príomhoidí nó le foirne sinsearacha bainistíochta
- Agaillimh le baill den fhoireann bhainistíochta inscoile nó le comhordaitheoirí ábhair
- Agallaimh le múinteoirí/baill foirne ábhartha
- Athbhreithnithe ar dhoiciméadachán scoile, ar thaifid agus ar obair dhaltaí
- Athbhreithnithe ar acmhainní agus ar áiseanna
- Breathnóireacht ar theagasc agus ar fhoghlaim i seomraí ranga
- Cumarsáid le daltaí
- Teagmháil le cathaoirligh na mbord bainistíochta.

Rinne na cuairteanna leantacha an dul chun cinn a bhí déanta ag scoileanna leis na moltaí a rinneadh sa chigireacht roimhe sin a mheas. Léiríonn anailís ar 90 cuairt dá leithéid de chigireachtaí leantacha i mbunscoileanna gur é breithmheas na gcigirí gur cuireadh 84% de na moltaí a tugadh do bhunscoileanna i bhfeidhm go hiomlán nó i bpáirt agus nach raibh aon dul chun cinn déanta ar 15% de na moltaí. Bhí 4 cinn de na moltaí (1%) gur tuigeadh iad a bheith neamhábhartha anois. Mhol na cigirí gníomhaíochtaí leantacha eile i gcás 11 (12%) den 90 bunscoil a clúdaíodh sa sampla.

Tábla 5.1: An dul chun cinn déanta ag bunscoileanna maidir le moltaí i dtuairiscí cigireachta a chur i bhfeidhm mar a measadh i gcigireachtaí a lean ina dhiaidh sin

Réimse	Líon na moltaí	Bainte amach go hiomlán	Bainte amach i bpáirt	Gan aon dul chun cinn déanta
Bainistíocht	104	41	45	18
Cumarsáid	19	10	7	2
Pleanáil	115	27	70	18
Teagasc agus foghlaim	129	37	75	17
Measúnú	34	15	16	3
Oideachas do riachtanais speisialta	36	3	26	7
Neamhábhartha anois	4	-	-	-
Iomlán	441	133	239	65
Céatadán	100%	30%	54%	15%

D'eascair pátrún den chineál céanna san anailís ar 80[19] cigireacht leantach a rinneadh in iar-bhunscoileanna i 2012. Ba é breithmheas na gcigirí gur cuireadh 90% de na moltaí i bhfeidhm go hiomlán nó i bpáirt agus nach raibh aon dul chun cinn déanta maidir le 10% de na moltaí. Bhí 5 cinn de na moltaí (níos lú ná 1%) gur tuigeadh iad a bheith neamhábhartha anois. Mhol na cigirí gníomhaíochtaí leantacha eile i gcás 11 (14%) den 80 iar-bhunscoil a clúdaíodh sa sampla.

19 Sa bhfigiúr seo áirítear 79 gnáth-chigireachtaí leantacha agus scoil amháin a bhfuil mionatóireacht á déanamh air ag Grúpa Feabhsúcháin Scoile na Roinne.

Tábla 5.2: An dul chun cinn déanta ag iar-bhunscoileanna maidir le moltaí i dtuairiscí cigireachta a chur i bhfeidhm mar a measadh i gcigireachtaí a lean ina dhiaidh sin

Réimse	Líon na moltaí	Bainte amach go hiomlán	Bainte amach i bpáirt	Gan aon dul chun cinn déanta
Bainistíocht	112	50	51	11
Cumarsáid	1	0	0	1
Pleanáil	85	23	54	8
Teagasc agus foghlaim	86	26	56	4
Measúnú	58	19	33	6
Oideachas do riachtanais speisialta	3	0	3	0
Neamhábhartha anois	5	-	-	-
Iomlán	350	118	197	30
Céatadán	100%	34%	56%	10%

5.4 Scoileanna ina mbíonn mórlaigí

Ó am go ham, tagann cigirí ar líon beag scoileanna inar léir mórlaigí. Sna scoileanna seo d'fhéadfadh gur mórlaigí i gceannaireacht nó i mbainistíocht na scoile, nó i gcáilíocht an teagaisc agus na foghlama, a bhíonn i gceist. I gcásanna áirithe, bíonn laigí ag baint le roinnt gnéithe d'obair na scoile. Déantar cur síos ar na laigí sna tuairiscí ar chigireachtaí agus san aischothú ó bhéal a chuirtear ar fáil d'fhoirne scoile agus do bhoird bhainistíochta.

Cé gur ar bhord agus ar cheannaireacht na scoile go príomha a bhíonn an dualgas obair na scoile a fheabhsú aithníonn an Roinn, i gcás roinnt de na scoileanna seo, gur gá ionchuir bhreise lena dheimhniú go dtarlaíonn feabhsúcháin. I ngeall ar nádúr an neamhspleáchais a bhaineann le bainistíocht scoileanna agus le ról an phátrúin i scoileanna na hÉireann, tá cumhachtaí na Roinne teoranta. Ciallaíonn a leithéid, i roinnt cásanna, gur gá don Roinn dul i gcomhairle leis an bpátrún, leis na hiontaobhaithe nó le bainistíocht na scoile lena dheimhniú go mbíonn lántuiscint ag an scoil agus acu siúd a bhfuil freagracht bhainistíochta orthu faoin ngá le feabhsúchán agus le hathrú. Déantar teagmháil na Roinne le húdaráis na scoile a bhainistiú le cúnamh na Cigireachta trí rannán Rialachais Scoile na Roinne. Is é Grúpa Feabhsúcháin Scoile na Roinne a dhéanann an obair seo a mhaoirsiú. Grúpa comhordúcháin inmheánach d'oifigigh shinsearacha é seo a thagann ó rannán Rialachais Scoile na Roinne agus ón gCigireacht (agus a mbíonn oifigigh ó chodanna eile den Roinn páirteach, de réir mar is gá).

Léiríonn taithí anseo in Éirinn agus i dtíortha eile go mbíonn sé deacair, agus gur tasc mall de ghnáth a bhíonn i gceist, cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus na bainistíochta a fheabhsú ina leithéid de scoileanna. Creideann an Roinn freisin gur minic go mbíonn gá ag scoileanna dá leithéid le hidirbheartaíocht a bhíonn oiriúnaithe do shainchúinsí agus do chomhthéacs na scoile. Dá bhrí sin, tarlaíonn raon sainghníomhartha a ndéantar monatóireacht orthu. I measc na ngníomhartha atá tarlaithe i gcás na scoileanna seo tá:

- cruinnithe le bainsitíocht na scoile nó leis an bpátrún
- soláthar cúnaimh ó sheirbhísí tacaíochta scoile cosúil leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), an pátrún nó na forais iontaobhaithe
- athruithe ar bhainistíocht nó ar fhoirniú na scoile
- tuairiscí ar dhul chun cinn curtha ar fáil ag boird na scoileanna don Roinn
- cuairteanna cigireachta eile
- pianóis airgeadais ar bhoird bhainistíochta.

Mar a léiríonn Tábla 5.3, léirítear toradh dearfach ar roinnt de na scoileanna seo ó phróiseas rannpháirtíochta an Ghrúpa Feabhsúcháin Scoile leis na scoileanna. Sa tréimhse ó bunaíodh an Grúpa Feabhsúcháin Scoile i bhFeabhra 2008 go dtí deireadh mhí na Nollag 2012, rinneadh 68 scoileanna a tharchur go dtí an Grúpa Feabhsúcháin Scoile agus bhíodar faoi réir ag sainphróiseas monatóireachta. As móriomlán na scoileanna tarchurtha, rinneadh 21 (31%) cás a réiteach faoi mhí na Nollag 2012 trí fheabhsúchán a léiriú nó trí dhúnadh na scoile ag an bpátrún. Bhí 47 (69%) de na scoileanna a cuireadh ar aghaidh chuig an nGrúpa Feabhsúcháin Scoile nár léirigh dóthain fianaise ar fheabhsúchán chun iad a bhaint ón bpróiseas monatóireachta nó nach raibh páirteach sa phróiseas ach tréimhse sách gairid faoi mhí na Nollag 2012.

Tábla 5.3 Scoileanna tarchurtha chuig Grúpa Feabhsúcháin Scoile na Roinne sa tréimhse Feabhra 2008 go Nollaig 2012

	Bunleibhéal	Iar-bhunleibhéal	Iomlán
Scoileanna tarchurtha chuig an Grúpa Feabhsúcháin Scoile	41	27	68
Cásanna a réitíodh	16	5	21
Cásanna fós idir lámha	25	22	47

5.5 Athbhreithnithe ar obair mhúinteoirí faoi Alt 24 den Acht Oideachais 1998

I bhfómhar 2009 phléigh agus d'aontaigh na páirtnéirí oideachais athruithe leasaithe chun a chur ar chumas boird bhainistíochta céimeanna cuí a ghlacadh chun plé le deacrachtaí suntasacha bainteach le hinniúlacht agus/nó le hiompar gairmiúil múinteora. D'fhoilsigh an Roinn iad seo i gCiorcláin 59/2009 agus 60/2009 dar teideal *Nósanna Imeachta Athruithe do Fhionraíocht agus do Bhriseadh as Post Múinteoirí faoi Alt 24(3) den Acht Oideachais 1998.*

Tá soláthar sna nósanna imeachta do chur chuige céimnithe inar féidir leis an mbord bainistíochta a mhíshástacht le hobair nó le hiompar múinteora a chur faoi bhráid an mhúinteora agus a iarradh air/uirthi páirt a ghlacadh i gcéimeanna chun feabhsúcháin a chur i bhfeidhm. Nuair a ardaítear ábhar imní maidir le hinniúlacht ghairmiúil sa phróiseas seo, caithfidh an scoil plean feabhsúcháin agus aon tacaíochtaí is gá don mhúinteoir a chur ar fáil. Tá sé i gceist go ndéanfadh na *Nósanna Imeachta Athruithe* formhór na gcásanna a réiteach ag na céimeanna scoile neamhfhoirmiúla nó foirmiúla de na nósanna imeachta. Má tharlaíonn, áfach, go leanann míshástacht bhord na scoile le hobair an mhúinteora, tá soláthar sna *hAthruithe Leasaithe* gur féidir leis an mbord athbhreithniú a éileamh ón gCigireacht ar obair an mhúinteora. Is féidir an tuairisc ón gCigireacht a úsáid nuair a bhíonn ábhar imní ar fhostaíocht an mhúinteora á phlé ag an mbord.

Sa tréimhse 2010-2012, d'iarr boird bhainistíochta ar an bPríomhchigire athbhreithnithe a dhéanamh ar obair beirt mhúinteoir. D'aontaigh an Príomhchigire leis na hiarratais sa dá chás agus rinneadh cigireachtaí ar obair na múinteoirí.

Caibidil 6

GO hACHOMAIR

6.1 Réamhrá

Tuairiscíonn *Tuarascáil an Phríomhchigire 2010-2012* ar cháilíocht agus ar chaighdeáin i mbunscoileanna agus in iar-bunscoileanna agus i lárionaid oideachais a ndearna Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna cigireacht orthu. Déantar cur síos ann ar chlár suntasach athchóirithe a rinneadh chun cigireacht ar scoileanna a fheabhsú. Díríonn sé aird freisin ar na príomhláidreachtaí agus ar na príomhréimsí don fhorbairt i scoileanna agus i lárionaid oideachais.

6.2 Comhthéacs 2010-2012

Tréimhse athraitheach dhúshlánach a bhí sa tréimhse 2010 go 2012 dóibh siúd a raibh baint acu le soláthar, le ceannaireacht agus le dearbhú cáilíochta an oideachais i scoileanna agus i lárionaid oideachais. D'eascair na hathruithe agus na dúshláin seo ón mboilsciú ar líon na ndaltaí, ón ngéarchéim airgeadais ina raibh Éire le linn na tréimhse agus ón ngá a bhí ann dul i ngleic le roinnt ábhar imní faoi cháilíocht an oideachais a bhí á sholáthar i scoileanna na hÉireann. Bhí tionchar ag na tosca seo uile ar an dtimpeallacht ina raibh obair na scoileanna agus na Cigireachta ag tarlú. I measc na bpríomh-thosca agus na bpríomhfhorbairtí bhí siad seo a leanas:

Líon daltaí agus múinteoirí

- D'fhás líon na ndaltaí i scoileanna agus i lárionaid oideachais go breis agus 27,500 (5.5%) ag an mbunleibhéal agus breis agus 21,500 (6.3%) ag an iar-bhunleibhéal sa tréimhse 2010-2012.

- D'fhan líon coibhéis lán-aimseartha na múinteoirí mórán mar an gcéanna i mbunscoileanna, i scoileanna speisialta agus in iar-bhunscoileanna, gan ach méadú beag ó 57,510 go 57,549.

- Sa tréimhse 2010-2012 mhéadaigh an cóimheas daltaí le múinteoir (líon na ndaltaí roinnte ar líon na múinteoirí ranga agus na múinteoirí tacaíochta) i mbunscoileanna ó 15.7 go 16.4 agus in iar-bhunscoileanna ó 13.6 go 14.3. Bhí tionchar na rolluithe a bhí ag méadú agus an líon múinteoirí a d'fhan mórán mar an gcéanna le feiceáil sa mheánmhéid ranga i mbunscoileanna a d'ardaigh ó 24.3 go 24.8.

Caiteachas ar oideachas

- Is cinnte gur mhothaigh scoileanna, agus an córas oideachais i gcoitinne, brúanna airgeadais rímhór sa tréimhse 2010-2012, cé gur tháinig ardú beag ar an gcaiteachas reatha ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal ó €3.218 billiún go €3.263 billiún ag an mbunleibhéal agus ó €3.070 billiún go €3.147 billiún ag an iar-bhunleibhéal.

- Chuaigh roinnt tosca airgeadais agus foirnithe i bhfeidhm ar scoileanna agus ar lárionaid oideachais, ina measc laighduithe sna deontais chaipitíochta go scoileanna, an neamh-athsholáthar ar a lán post le dualgais bhreise i scoileanna agus roinnt athruithe ar na sceidil fhoirnithe a úsáidtear do cheapacháin múinteoirí go scoileanna. Athraíodh na sceidil fhoirnithe do bhunscoileanna i 2009/10 ach níor tharla aon athrú ina dhiaidh sin d'fhormhór na scoileanna.

- Tharla mórathruithe ar cheannaireacht agus ar fhoirniú scoileanna mar thoradh ar scéimeanna luathscoir a cuireadh i bhfeidhm trasna na seirbhíse poiblí agus ar neamh-athnuachan i gcoitinne na bpost le harduithe céime ar nós príomhoidí cúnta nó poist le dualgais speisialta.

- In ainneoin na mbrúanna airgeadais, chuir an Rialtas bearta i bhfeidhm chun an teagasc agus an fhoghlaim i scoileanna a chosaint. Fágadh folúntais do mhúinteoirí agus folúntais do phríomhoidí agus do leas-phríomhoidí lasmuigh den mhoratóir ar earcú sa tseirbhís phoiblí a thug an Rialtas isteach i Márta 2009. Chiallaigh sé seo gur leanadh leis na folúntais seo a líonadh de réir na dtairseach rolluithe (sceidil fhoirnithe) nuair a tharla siad i scoileanna.

- Rinneadh an caiteachas ar phlean gníomhaíochta na Roinne don chuimsiú oideachasúil (Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh - DEIS) a chaomhnú agus léirigh na chéad mheastóireachtaí ar DEIS éifeachtacht ghnéithe den phlean, go háirithe i mbunscoileanna.

- Mhéadaigh an soláthar ar thacaíochtaí do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais ó €1.2 billiún i 2010 go €1.3 billiún i 2012 agus is ionann a leithéid agus ardú caiteachais ó 14% go 15% de bhuiséad iomlán na Roinne.

An soláthar ar sheirbhísí tacaíochta

- Lean an Roinn ar sheirbhísí tacaíochta do scoileanna a mhaoiniú cé gur maolaíodh ar an gcaiteachas do na seirbhísí sin. Thacaigh na seirbhísí le tionscnaimh a bhí dírithe ar chleachtais agus ar chaighdeáin a fheabhsú sa litearthacht, san uimhearthacht, sa teagasc agus sa bhfoghlaim i scoileanna DEIS, i soláthar feabhsaithe don oideachas speisialta, i gceannaireacht agus bainistíocht scoileanna, agus i gcur i bhfeidhm Project Maths, Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS). Oideachas Caidreamh agus Gnéasachta (OSG) agus nósanna imeachta um chosaint leanaí.

- Leanadh le hinfheistíocht shuntasach a dhéanamh sa tréimhse 2010 go 2012 chun infreastruchtúr scoileanna a mhéadú agus a fheabhsú ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal. Ba é móriomlán na hinfheistíochta caipitiúla ar infreastruchtúr scoile le linn na tréimhse ná €1.327 billiún.

Clár athchóirithe uaillmhianach san oideachas

- Cuireadh tús le clár athchóirithe uaillmhianach don oideachas sa tréimhse 2011-2012. Bhí cur síos ar roinnt d'eilimintí suntasacha an chláir athchóirithe sin i *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: an Straitéis Náisiúnta don Litearthacht agus don Uimhearthacht 2011-2020* a sheol an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn i mí Iúil 2011. Chuir an Straitéis tús le raon leathan athchóirithe in oideachas múinteoirí, in ábhar an churaclaim, sa mheasúnú agus sa tuairisciú ar dhul chun cinn daltaí, agus i bpolasaithe don mheastóireacht agus don mheasúnú.

- I measc na bhforbairtí, leanadh le teacht isteach Project Maths ag an iar-bhunleibhéal, le tús a chur (ó shamhradh 2012) le tástáil chaighdeánaithe éigeantach i mbunscoileanna agus le tús a chur ón scoilbhliain 2012/13 leis an bhféinmheastóireacht mar chomhlánú ar an gcigireacht sheachtrach. I nDeireadh Fómhair 2012 d'fhógair an tAire athchóiriú bunúsach ar an tSraith Shóisearach a rachaidh i bhfeidhm ar dhaltaí a bheidh ag tosú a scolaíocht dara leibhéal i Meán Fómhair 2014.

6.3 Ag athchóiriú obair na Cigireachta

Mórthréimhse athchóirithe ar obair na Cigireachta a bhí sa tréimhse 2010-2012. Cuireadh athruithe substaintiúla i bhfeidhm chun a chur ar chumas na Cigireachta córas dearbhú cáilíochta níos éifeachtaí a sholáthar do scoileanna na hÉireann, agus úsáid níos éifeachtaí a bhaint ag an am céanna as na hacmhainní a bhí ar fáil. Cuireadh na leasuithe i bhfeidhm i gcomhthéacs ina raibh mórthitim shuntasach agus thapaidh tar éis tarlú ar an bhfoirniú uile i 2009 agus sna blianta a lean, Áirítear mar chuid de na príomhfhorbairtí:

Raon modhanna cigireachta chun cigireacht níos minicí agus níos éifeachtaí a sholáthar

- Rinneadh raon samhlacha cigireachta nua nó athchóirithe a fhorbairt le húsáid i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna, agus i lárionaid oideachais freisin, ionas go bhféadfaí cur le minicíocht agus le héifeachtacht na gcigireachtaí. I measc na n-athruithe seo bhí cigireachtaí gan réamhfhógra (teagmhasacha) i scoileanna agus i lárionaid oideachais, meastóireachtaí de chineál scoile uile níos éifeachtúla agus fógraí níos giorra do roinnt mhaith meastóireachtaí le fógra.

- Rinne cigirí 2,133 cigireachtaí i mbunscoileanna sa tréimhse 2010-12, gan trácht ar na cigireachtaí ar mhúinteoirí aonair ar promhadh. Chiallaigh an méadú suntasach ar chigireachtaí gur tharla cuairteanna cigireachta de chineál éigin in os cionn leath de na bunscoileanna go léir sa tír.

- Rinne cigirí líon méadaithe cigireachtaí ar obair mhúinteoirí ar promhadh i mbunscoileanna thar ceann na Comhairle Múinteoireachta. Rinneadh cigireacht ar obair 6,424 múinteoirí nuacháilithe sna scoilbhlianta 2009/10, 2010/11, agus 2011/12.

- Mhéadaigh líon iomlán na gcigireachtaí in iar-bhunscoileanna agus i lárionaid oideachais ó 706 i 2010 go 903 i 2012. Idir 2011 agus 2012 tharla cigireachtaí de chineál éigin i 93% de na hiar-bhunscoileanna.

- I 2012, rinne an Chigireacht cinneadh aonuaire ar líon na meastóireachtaí scoile uile a laghdú chun freastal ar an tús a bhí á chur le cuairteanna comhairleacha chuig foirne scoile mar thaca leis an bhfeidhmiú céimnithe ar an bhféinmheastóireacht scoile (FMS). Chlúdaigh a leithéid de chuairteanna 354 bunscoil agus i 160 iar-bhunscoil ó mhí na Samhna go mí na Nollag 2012.

Cigireacht sheachtrach níos fócasaithe

- Tugann gach cigireacht faoi láidreachtaí scoileanna a aithint agus dea-chleachtas a spreagadh. Dírítear freisin ar an tslí inar féidir le scoileanna feabhsú agus tugtar faoi mholtaí fónta a chur ar fáil do mhúinteoirí, do cheannairí scoile agus do bhoird bhainistíochta.

- Roghnaigh an Chigireacht an bhéim ar obair chigireachta a dhíriú ar raon sách beag de phríomhthréithe scoileanna a mbíonn an tionchar is mó acu ar cháilíocht an eispéiris fhoghlama. Clúdaíonn a leithéid cáilíocht an teagaisc agus na foghlama i seomraí ranga agus cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta.

- D'éirigh pleanáil na gcigireachtaí níos fócasaithe. Toisc raon samhlacha cigireachta a bheith ar fáil, bhí ar chumas na Cigireachta roinnt dá ngníomhaíochtaí cigireachta a dhíriú ar an áit a mbíonn an baol is mó d'fhoghlaim daltaí. Mar shampla, is féidir eolas a fhaightear le linn cigireachtaí gairide, gan réamhfhógra, a úsáid anois chun aird a dhíriú ar áiteanna ina mbíonn gá le dianchigireachtaí breise ar nós cigireachtaí ábhair nó meastóireachtaí scoile uile.

Guth níos láidre do thuismitheoirí agus do dhaltaí

- Chun guth daltaí agus tuismitheoirí sna meastóireachtaí a láidriú, cuireadh tús i 2010 le ceistneoirí faoi rún d'fhoghlaimeoirí agus do thuismitheoirí mar chuid de mheastóireachtaí scoile uile ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal. Bailíonn na ceistneoirí seo eolas faoi dhearcthaí tuismitheoirí agus daltaí ar obair na scoile agus ar a n-eispéaras sa scoil.

Cigireachtaí leantacha

- Rinneadh nósanna imeachta córasacha leantacha a fhorbairt agus a thabhairt isteach ar bhonn píolótach i 2012 chun a chur ar chumas na Cigireachta monatóireacht a dhéanamh ar a mhéid agus a bhí pobail scoileanna ag freagairt do na moltaí a rinneadh i gcigireachtaí roimhe sin. Rinneadh na cigireachtaí leantacha seo i 98 bunscoil agus 79 iar-bhunscoil i 2012.

- Thug cigirí tús áite do ghníomhartha leantacha i scoileanna ina raibh na laigí ba thromchúisí. Ó 2008, d'oibrigh na cigirí i gcomhpháirt le hoifigigh ó rannán Rialachais Scoile na Roinne Oideachais agus Scileanna ar Ghrúpa Feabhsúcháin Scoile na Roinne. Tugann an grúpa seo faoi chomhordú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na Roinne le scoileanna nuair a aithnítear mórlaigí. Baineann éagsúlachtaí leis na cur chuigí a bhíonn i gceist ag brath ar nádúr na n-ábhar imní sa scoil.

Féinmheastóireacht scoile

- Thacaigh an Chigireacht le tús foirmiúil na féinmheastóireachta scoile le Treoirlínte don Fhéinmheastóireacht Scoile do Bhunscoileanna agus Treoirlínte don Fhéinmheastóireacht Scoile d'Iar-bhunscoileanna a fhorbairt agus a fhoilsiú, le tacaíocht ar líne a chur ar fáil do scoileanna agus le clár cuairteanna comhairleacha chuig scoileanna.

Ag obair i gcomhpháirt le daoine eile

- Bhí dlúthcheangal ag an gCigireacht le páirtithe leasmhara sa chóras oideachais agus lasmuigh nuair a bhí próisis chigireachta á bhforbairt aici. D'oibrigh sí i gcomhpháirt freisin le Cigireachtaí agus le comhlachtaí taighde eile. Chuidigh sé sin le samhlacha meastóireachta láidre, a raibh glacadh maith leo, a fhorbairt agus a thabhairt le fios gur ar fheabhsú na foghlama agus an teagaisc a bhíonn príomhfhócas na cigireachta.

Foirniú

- Mar thoradh ar thionchar mhoratóir earcaíochta na seirbhíse poiblí, tháinig laghdú ar fhoirniú na cigireachta ó 154 cigirí ag tús 2009 go 116 cigirí i Meitheamh 2012 agus, tar éis feachtas earcaíochta, d'ardaigh sé seo go 124 cigirí faoi mhí na Nollag 2012.

6.4 Cad a insíonn an chigireacht dúinn faoi bhunscoileanna agus faoi iar-bhunscoileanna agus faoi lárionaid oideachais?

Tá na torthaí sa tuarascáil seo bunaithe ar eolas a bailíodh le linn raon leathan cigireachtaí, ar a n-áirítear:

- beagnach 800 meastóireacht scoile uile (MSU) ag an mbunleibhéal agus beagnach 190 meastóireacht scoile uile – bainistíocht, ceannaireacht agus foghlaim (MSU-BCFanna) ag an iar-bhunleibhéal
- os cionn 1,100 cigireacht theagmhasach ag an mbunleibhéal agus os cionn 430 cigireacht theagmhasach ag an iar-bhunleibhéal
- cigireachtaí téamúla ar phleanáil agus ar spriocanna a aithint i 68 scoil DEIS (34 ag an mbunleibhéal agus 34 ag an iar-bhunleibhéal)
- os cionn 1,400 cigireacht ábhair agus 62 meastóireachtaí ar chláir ag an iar-bhunleibhéal
- nach mór 36,000 ceistneoir do dhaltaí ag an mbunleibhéal agus os cionn 29,000 ceistneoir do dhaltaí ag an iar-bhunleibhéal
- os cionn 47,600 ceistneoir do thuismitheoirí ag an mbunleibhéal agus os cionn 20,000 ceistneoir do thuismitheoirí ag an iar-bhunleibhéal.

Díríonn Tuarascáil an Phríomhchigire ar phríomhghnéithe de scoileanna agus de lárionaid oideachais, ar a n-áirítear teagasc an Bhéarla, na Gaeilge agus na Matamaitice. Níl na torthaí ó réimsí ábhar eile clúdaithe ach foilseofar iad siúd i dtuarascálacha a leanfaidh.

Cuireann an tuarascáil seo *Spotshoilse* ar fáil ar an soláthar oideachais i scoileanna DEIS, i scoileanna Gaeltachta, agus in ionaid Ógtheagmhála. Clúdaítear freisin *Spotshoilse* ar cháilíocht an tsoláthair do riachtanais speisialta oideachais in iar-bhunscoileanna agus ar cháilíocht an tsoláthair don OSPS i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.

Cáilíocht na bainistíochta i scoileanna

- Tugann tuairiscí MSU le fios go bhfuil cáilíocht na bainistíochta ar an iomlán sásúil nó níos fearr i 88% de na bunscoileanna a ndearnadh cigireacht orthu.

- Tuairiscíodh i 82% de mheastóireachtaí scoile uile go raibh ceannaireacht shásúil nó níos fearr ná sin á sholáthar ag príomhoidí, ag leas-phríomhoidí agus ag baill eile den bhainistíocht inscoile dá mbunscoileanna. Cé go bhfuil a leithéid de thorthaí dearfach, léiríodh do chigirí go raibh feabhas de dhíth ar fhoirne bainistíochta inscoile i 18% de scoileanna.

- Fuarthas amach go raibh bunscoileanna ag bainistiú a ndaltaí go maith agus go raibh formhór mór na dtuismitheoirí sásta le scoil a bpáiste.

- Ag leibhéal na hiar-bhunscoile, léiríodh do chigirí go raibh ceannaireacht straitéiseach mhaith á sholáthar ag formhór na mbord bainistíochta dá scoileanna. Ba í meastóireacht na gcigirí go raibh cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta i gcoitinne sásúil nó níos fearr ná sin i 89% de scoileanna.

- Leagadh béim ar ról criticiúil na bpríomhoidí agus na leasphríomhoidí, ach go háirithe, i dtuairiscí cigireachta iar-bhunscoile. Ceann de na tréithe ba choitianta a bhain le foirne sinsearacha bainistíochta rathúla a breathnaíodh le linn cigireachtaí ná a gcumas ar cheannaireacht a dháileadh trasna na scoile.

- Bhí tuismitheoirí sásta go maith freisin le bainistíocht na n-iarbhunscoileanna agus le leibhéal an chúraim a bhí á fháil ag a bpáiste.

- Léiríonn torthaí ó cheistneoirí ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal araon an gá ag scoileanna feasacht a ardú ar na bearta frithbhulaíochta atá acu, a gcumarsáid le tuismitheoirí a fheabhsú agus níos mó airde a dhíriú ina bpróiseas cinnteoireachta ar ghuth na ndaltaí.

- Díríonn torthaí ceistneoirí ag an iar-bhunleibhéal aird freisin ar an ngá atá ag scoileanna an t-eolas a chuireann siad ar fáil do thuismitheoirí faoi rogha ábhair agus curaclaim ag príomhphointí trasdula dá bpáiste a fheabhsú.

Cáilíocht na pleanála

- Bhí na próisis a bhain le pleanáil scoile sásúil nó níos fearr ná sin sa trí ceathrú cuid, nach mór, de na bunscoileanna a ndearnadh cigireacht orthu.

- Léiríonn na torthaí ón gcigireacht theagmhasach ag an mbunleibhéal nach raibh múinteoirí sách ullmhaithe don teagasc i 18% de na ceachtanna a ndearnadh meastóireacht orthu. Tuairiscíodh

pleanáil a bhí níos lú ná sásúil ag múinteoirí i mionlach suntasach de na ceachtanna Béarla, Matamaitice agus Gaeilge.

- Ní raibh ach 81% de na ranna ábhar sna hiar-bhunscoileanna a raibh próisis phleanála i bhfeidhm acu a bhí go maith nó níos fearr ná sin. I 77% de na scoileanna, bhí cáilíocht na pleanála agus an ullmhúcháin sna ranna Béarla sásúil nó níos fearr ná sin, agus ba é an figiúr inchomparáide don Mhatamaitic ná 80%. Ábhar buartha ná nach raibh cáilíocht na pleanála agus an ullmhúcháin sna ranna Gaeilge ach sásúil nó níos fearr ná sin i 70% de na scoileanna.

- Is léir gur gá próisis phleanála níos fearr a chur i bhfeidhm ag leibhéal roinne an ábhair agus ag leibhéal na scoile uile i líon suntasach bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Is féidir, agus ba chóir, don phleanáil agus don athbhreithniú éifeachtach feabhsúchán a bhrú chun cinn agus torthaí níos fearr dá réir a bheith ar fáil ag foghlaimeoirí.

Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama

- Tá fianaise ar fáil i dTuarascáil an Phríomhchigire a léiríonn go bhfuil formhór na mbunscoileanna sásúil maidir le cáilíocht an teagaisc a chuireann siad ar fáil agus maidir le dul chun cinn na bhfoghlaimeoirí. Léirigh cigireachtaí teagmhasacha go raibh cáilíocht an teagaisc i gcoitinne sásúil nó níos fearr i 86% de scoileanna agus go raibh cáilíocht na foghlama sasúil nó níos fearr i 87% de scoileanna.

- Léirigh cigireachtaí teagmhasacha i mbunscoileanna go raibh na torthaí foghlama do dhaltaí sásúil i 87% de na ceachtanna Béarla a ndearnadh cigireacht orthu agus go raibh na modhanna teagaisc a bhí in úsáid oiriúnach i 86% de cheachtanna.

- Déantar moltaí ar leith sa tuarascáil faoi mhodhanna teagaisc agus faoi úsáid acmhainní don Bhéarla, don Ghaeilge agus don Mhatamaitic.

- Ní raibh na torthaí a bhain leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim sna ceachtanna matamaitice i mbunscoileanna chomh dearfach céanna le torthaí an Bhéarla. Thuairiscigh cigirí go raibh na cur chuigí i gceachtanna matamaitice sásúil nó níos fearr i 83% de na ceachtanna a ndearnadh meastóireacht orthu le linn cigireachtaí teagmhasacha agus go raibh na torthaí foghlama do dhaltaí sásúil nó níos fearr ná sin i 85% de na ceachtanna.

- Bhí deacrachtaí ag baint le cáilíocht an teagaisc don Ghaeilge sa chúigiú cuid de na ceachtanna a breathnaíodh agus bhí deacrachtaí ag baint le cáilíocht na foghlama sa cheathrú cuid nach mór de na ceachtanna a breathnaíodh.

- Mheas na cigirí go raibh caighdeán an teagaisc a breathnaíodh ag an iar-bhunleibhéal sásúil nó níos fearr ná sin i 85% de na cigireachtaí go léir. Tá moltaí ar leith sa tuarascáil maidir le cur chuigí do theagasc an Bhéarla, na Matamaitice agus na Gaeilge.

- Tugann an fhianaise ó chigireachtaí ábhar in iar-bhunscoileanna le fios go raibh cáilíocht theagaisc an Bhéarla sásúil nó níos fearr ná sin i 87% de na ceachtanna Béarla agus go raibh cáilíocht na foghlama sásúil nó níos fearr i 84% de na ceachtanna.

- Is ábhar imní é nach raibh cáilíocht an teagaisc don Mhatamaitic sásúil nó níos fearr ach i 77% de na ceachtanna a breathnaíodh i gcigireachtaí ábhar in iar-bhunscoileanna. Léiríodh do chigirí freisin go raibh foghlaim na ndaltaí níos lú ná sásúil in os cionn an ceathrú cuid (26%) de na ceachtanna.

- Léiríodh fadhbanna le cáilíocht fhoghlama na ndaltaí sa tríú cuid nach mór (32%) de na cigireachtaí ar Ghaeilge mar ábhar a tharla in iar-bhunscoileanna. Ba léir easnaimh sa tslí ina raibh an t-ábhar á theagasc i 28% de na ceachtanna.

Cáilíocht an mheasúnaithe

- Bhí easnaimh shuntasacha sna cleachtais don mheasúnú i mbeagnach an ceathrú cuid de na ceachtanna Béarla, i 29% de na ceachtanna matamaitice agus i 35% de na ceachtanna Gaeilge a ndearnadh meastóireacht orthu trí chigireachtaí teagmhasacha i mbunscoileanna sa tréimhse 2010-2012.

- Ag an iar-bhunleibhéal, léiríonn fianaise atá ar fáil ó chigireachtaí ábhair go raibh cleachtais an mheasúnaithe níos lú ná sásúil i 23% de scoileanna.

- Mhol a lán tuairiscí cigireachta go mbainfí níos mó úsáide as torthaí an mheasúnaithe chun cuidiú leis an bpleanáil agus chun eolas a sholáthar don teagasc agus don fhoghlaim ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal.

Cigireachtaí leantacha

- Thug cigireachtaí leantacha, a thosaigh ar bhonn píolótach i 2012, le fios go raibh iarrachtaí maithe á ndéanamh ag scoileanna, ar an iomlán, na moltaí a rinneadh i gcigireachtaí roimhe sin a chur i bhfeidhm.

- Rinneadh líon beag scoileanna a raibh mórlaigí suntasacha tugtha faoi deara iontu a tharchur chuig Grúpa Feabhsúcháin Scoile na Roinne. Bhí cigireachtaí leantacha i measc raon na mbeart a ghlac an Roinn lena dheimhniú gur chuir pátrúin agus scoileanna céimeanna i bhfeidhm chun an cháilíocht scoile a fheabhsú sna cásanna sin.

6.5 Conclúid

Léirítear pictiúr dearfach ar obair scoileanna ó chigireachtaí a rinneadh sa tréimhse 2010 go 2012 agus agus ag am nuair a bhí roinnt dúshlán roimh scoileanna agus roimh an gcóras oideachais. Ag an mbunleibhéal, agus an dara leibhéal léirigh cigireachtaí go raibh tromlach na scoileanna bainistithe go maith, go raibh formhór na múinteoirí ag obair go héifeachtach, agus go bhfuil foghlaim na ndaltaí i gcoitinne sásúil ar an iomlán. Tá, áfach, mar a léiríonn na meastóireachtaí go soiléir, gnéithe de sholáthar an oideachais a bhfuil, go pointí éagsúla, deacrachtaí ag baint leo. Léiríonn na torthaí cleachtas sásúil nó níos fearr ná sin i bhformhór mór ár scoileanna, ach cad mar gheall ar na scoileanna agus na ceachtanna sin, idir 10% agus 15% ar a laghad, ina bhfeidhmíonn cleachtais a bhíonn níos lú ná sásúil?

Go bunúsach, tá laigí i dteagasc agus i bhfoghlaim na Gaeilge ach go háirithe, agus beagán níos lú ná sin i dteagasc na Matamaitice, i líon suntasach dár scoileanna. Tá easnaimh ar leith sna cur chuigí i leith na pleanála agus an ullmhúcháin d'fhoghlaim na ndaltaí ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal. Bainteach go criticiúil leis seo tá na gnéithe ríthábhachtacha a bhaineann leis an tslí ina ndéantar foghlaim daltaí a mheas, agus ina mbaintear úsáid as eolas ó mheasúnuithe chun cláir oibre a phleanáil a dheimhníonn go mbíonn oideachas á fháil ag foghlaimeoirí a chuireann dúshláin rompu agus a bhíonn oiriúnach dá riachtanas. Baineann tábhacht ar leith le feabhsúcháin sa tslí ina ndéanann scoileanna measúnú agus monatóireacht ar eispéiris agus ar ghnóthachtálacha a bhfoghlaimeoirí, agus ar an tslí ina mbaineann siad úsáid as an eolas a thagann chun solais sa teagasc agus sa bhfoghlaim

ina dhiaidh sin. Go deimhin, is é an cur chuige seo a ba chóir a bheith mar bhonn eolais ag an uile scoil nuair a bhíonn próiseas nua na féinmheastóireachta scoile á chur i bhfeidhm acu.

Cuireann an pictiúr a thagann chun cinn sa tuarascáil seo dúshláin romhainn uile atá ag obair sa chóras oideachais – múinteoirí agus ceannairí scoile, bainisteoirí agus pátrúin scoile, lucht déanta beartas agus oideachasóirí múinteoirí, an Roinn agus an Chigireacht. Go bunúsach, cuireann an tuarascáil seo dúshlán roimh scoileanna agus roimh an gcóras oideachais a dheimhniú gur é an t-eispéaras a bhíonn ag ár bhfoghlaimeoirí ná teagasc agus foghlaim a bhíonn go han-mhaith, seachas go maith, go bhfeabhsaíonn an soláthar sásúil, agus gur féidir sármhaitheas a bhaint amach ó thaobh eispéireas foghlama agus caighdeán. Sin é an tasc atá romhainn sna blianta atá le teacht.

Aguisíní

Aguisín 1:
FORBHREATHNÚ AR AN gCIGIREACHT



LÉARGAS AR NA hAONAID GHNÓ AGUS NA FEIDHMEANNA SANNTA

Aonad Gnó 1: Réigiún an Oirthuaiscirt & Bhaile Átha Cliath Thuaidh (Emer Egan, Príomhchigire Cúnta)	Obair mheastóireachta, chomhairleach agus leantach i scoileanna, scoileanna speisialta agus lárionaid oideachais i gCábhán, Tír Chonaill, Liatroim, Lú, Mí, Muineachán, Áth Cliath (Fine Gall), agus in Áth Cliath Thuaidh Rannpháirtíocht na Cigireachta sna Scoileanna Eorpacha
Aonad Gnó 2: Réigiún an Oirdheiscirt & Bhaile Átha Cliath Theas (Margaret Condon, Príomhchigire Cúnta)	Obair mheastóireachta, chomhairleach agus leantach i scoileanna, scoileanna speisialta agus lárionaid oideachais i gCeatharlach, Áth Cliath Theas, Dún Laoghaire-Rath Dúin, Cill Chainnigh, Port Láirge, Loch Garman agus Cill Mhantáin Clár forbartha gairmiúla don Chigireacht agus do phróiseas CBFF Bainistíocht ar chomhairle faoi pholasaí ar ghnóthaí Thuaidh-Theas agus ar ghnóthaí Idirnáisiúnta Bainistíocht ar rannpháirtíocht na gcigirí i bpróiseas Ailt 29 agus ar phróiseas na saorála faisnéise
Aonad Gnó 3: Réigiún an Láir & Bhaile Átha Cliath Thiar (Don Mahon, Príomhchigire Cúnta)	Obair mheastóireachta, chomhairleach agus leantach i scoileanna, scoileanna speisialta agus lárionaid oideachais in Áth Cliath Thiar agus Thiar Theas, Cill Dara, Laois, Longfort, Uibh Fhailí agus Iarmhí Bainistíocht ar chomhairle/fhorbairt polasaí don Oideachas Speisialta Múinteoirí Cuartaíochta Do Dhaoine Lagéisteachta agus Lagamhairc a bhainistiú
Aonad Gnó 4: Réigiún an Deiscirt (Martin Lally, Príomhchigire Cúnta)	Obair mheastóireachta, chomhairleach agus leantach i scoileanna, scoileanna speisialta agus lárionaid oideachais i gCorcaigh, Ciarraí, Contae Luimní, agus Trian Theas Thiobraid Árann Pleanáil agus tuairisciú ar ghnó corparáideach agus próisis dearbhaithe cáilíochta don chigireacht
Aonad Gnó 5: Réigiún an Iarthair agus an Lár-Iarthair (Doreen McMorris, Príomhchigire Cúnta)	Obair mheastóireachta, chomhairleach agus leantach i scoileanna, scoileanna speisialta agus lárionaid oideachais i gClár, Gaillimh, cathair Luimní, Maigh Eo, Sligeach, Ros Comáin, agus Trian Thuaidh Thiobraid Árann Bainistíocht ar Rúnaíocht na Cigireachta agus foilsiú na dtuarascálacha ar Chigireachtaí Scoile Comhairle faoi pholasaí ar oideachas sóisialta agus pearsanta /cóid iompair/ frithbhulaíocht
Aonad Gnó 6: An tAonad Tacaíochta um Mheastóireacht agus Taighde (Suzanne Dillon, Príomhchigire Cúnta)	Forbairt ar shamhlacha cigireachta Soláthar tacaíochtaí don chigireacht ar a n-áirítear ceantair/ranna cigireachta, soláthar sonraí, srl. Foilsiú tuarascálacha téamúla, ilchodacha agus achoimre ar cháilíocht agus ar chaighdeáin Páirtíocht na Cigireachta ar choistí taighde agus forbartha
Aonad Gnó 7: An tAonad um Fheabhsú agus um Cháilíocht Scoileanna (Deirdre Mathews, Príomhchigire Cúnta)	Polasaí agus acmhainní don fhéinmheastóireacht scoile, do phleananna feabhsúcháin scoile agus eolas ar scoileanna a fhorbairt Comhairle faoi pholasaí ar leantanas oideachas múinteoirí (ar a n-áirítear réamhseirbhís, ionduchtú, promhadh agus rannpháirtíocht le SFGB) Rannpháirtíocht na Cigireachta in obair ar fheabhsúcháin scoileanna Comhairle na Cigireachta faoi pholasaí ar ghnóthaí an chuimsithe shóisialta a bhainistiú
Aonad Gnó 8: Litearthacht, Uimhearthacht, Curaclam agus Measúnú (Pádraig Mac Fhlannchadha, Príomhchigire Cúnta)	Rannpháirtíocht na Cigireachta i gcomhairle/bhforbairt polasaí faoin straitéis litearthachta agus uimhearthachta Rannpháirtíocht na Cigireachta i gcomhairle/bhforbairt polasaí ar ghnóthaí curaclaim agus measúnachta don oideachas luath-óige, bunscoile agus iarbhunscoile Rannpháirtíocht na Cigireachta i gcomhairle/bhforbairt polasaí faoin nGaeilge agus teagmháil leis na heagraíochtaí ábhartha

Foireann na Cigireachta ar 31 Nollaig 2012

Príomhchigire:
Harold Hislop

Leas-Phríomhchigire:
Gary Ó Donnchadha

Príomhchigirí Cúnta:
Margaret Condon
Suzanne Dillon
Emer Egan
Martin Lally
Pádraig Mac Fhlannchadha
Doreen McMorris
Don Mahon
Deirdre Mathews

Cigirí Sinsearacha Iar-Bhunoideachais
Paul Caffrey
Declan Cahalane
Oilibhéar de Búrca
Carmel Donoghue
Alan Dunne
Gerry Fee
Domnall Fleming
Mary Gilbride
Miriam Horgan
Niall Kelly
Seamus Kelly
Maria Lorigan
Kevin McCarthy
Nora Nic Aodha
Jacqueline Ní Fhearghusa
Kate O'Carroll
Orlaith O'Connor
Fionnbarra Ó Murchú
Máirín O'Sullivan
Lynda O'Toole
Gerardine Skelly
Joan Sutton
Tony Weir

Cigirí Iar-Bhunoideachais
Siobhán Aherne
Siobhán Broderick
Elaine Collins
Gráinne Conachy
Richard Galvin
Amanda Geary
Aisling Kearney
Diarmuid Haicéid
Jason Kelly
Seamus Knox
Julie Lynch
Colum Layton
Niamh Murray
Kevin McClean
Seán McGrath
Noreen McMorrow
Brian McNamara
Majella Morrison
Linda Neary
Helen Ní Chatháin
Bernadette Ní Ruairc
Eibhlín Ní Scannláin
Catherine O'Carroll
Kevin O'Donovan
Colm Ó Murchú
Liz O'Neill
Ger Power
Linda Ramsbottom
Ruth Richards
H. Alan Sayles
Audrey Scott

Roinnchigirí Bunoideachais
Paraic Barnes
Suzanne Conneely
Brendan Doody
Diarmuid Dullaghan
Margaret Dunning
Anne Feerick
Mags Jordan
Noreen Kavanagh
Yvonne Keating
Treasa Kirk
Karina Holton
Rita Nic Amhlaoibh
Antoinette Ní Ghallchobhair
Marina Ní Threasaigh
Carmel O'Doherty
Séamus Ó hÉilí
Seán Ó Murchú
Patrick O'Neill
Anne O'Sullivan
Eileen O'Sullivan
Gerard Quirke
Máire Uí Chonghaile
Liam Walsh
Martin Whyte

Cigirí Ceantair Bunoideachais:
Michael Báicéir
Noreen Bambury
Dolores Brady
Eamon Clavin
Ursula Cotter
Michael Crowley
Mary Culhane
Dolores de Bhál
Patrick Delea
Mary Dunne
Noreen Fiorentini
John Fitzgerald
Clare Griffin
Michael Hayes
Leo Kilroy
Catherine King
Brian Mac Giolla Phádraig
Edel Meaney
John Mescal
Maria McCarthy
Maria McGrath
Teresa McSorley
Caitríona Ní Bhriain
Máire Ní Mháirtín
Seán Ó Briain
Gearóid Ó Cearnaigh
Moira Proctor
Mary Regan
Elizabeth Sheridan
Paul Stevens
Fionnuala Tynan
Thomas Walsh
Caitríona Uí Ghrianna
John White

Cigirí Bunoideachais/Iar-Bhunoideachais
Paula Callaghan
Fiona Kearney

Foireann riaracháin

Ardoifigeach Feidhmiúcháin
Deirdre Reid

Oifigigh Fheidhmiúcháin:
Teresa McCabe
John O'Leary

Oifigigh Chléireachais
Mary Christian
Anne-Marie Ennis
Bernie Flannery
Peter Kearney
Bernie McGrillen
Margaret O'Grady
Joanne O'Sullivan

Sosanna Gairme agus Iasachtaí

Colm Cregan, Cigire Ceantair
Muireann Ní Mhóráin, Cigire Sinsearach
Anne O'Gara, Cigire Ceantair

Aguisín 2:

Monatóireacht ar Chur i bhFeidhm na Nósanna Imeachta do Chosaint Leanaí

Cúram bunúsach is ea gné an chosaint leanaí dóibh siúd uile a bhíonn ag obair le leanaí agus le daoine óga. Tá tacaíocht tugtha le blianta fada ag an Roinn Oideachais agus Scileanna do scoileanna agus do mhúinteoirí ina leith seo trí threoirlínte agus nósanna imeachta a fhoilsiú a cuireadh le chéile de réir *Tús Áite do Leanaí* (1999) agus cúinsí na scoileanna san áireamh. Le linn meastóireachtaí scoile uile déanann an Chigireacht mar ghnáthnós comhlíontas na scoile le treoirlínte na Roinne a mheas.

Déanann *Tús Áite do Leanaí – Treoirlínte Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2011* cur síos ar na róil agus na freagrachtaí a bhaineann le cosaint agus leas leanaí dóibh siúd a bhíonn ag obair le nó do leanaí, ranna Rialtais cosúil leis an Roinn Oideachais agus Scileanna san áireamh. Áirítear ina measc seo nósanna imeachta um chosaint leanaí bunaithe ar *Leanaí ar dTús: Treoir Náisiúnta* a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm mar aon le monatóireacht a dhéanamh ar a gcur i bhfeidhm.

I mí Mheán Fómhair 2011, d'eisigh an Roinn Oideachais agus Scileanna Ciorclán 0065/2011 mar aon le *Nósanna Imeachta do Chosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna (2011)*. Tá sé i gceist go gcuirfeadh na nósanna imeachta seo treoir ar fáil do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna do chur i bhfeidhm *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta* i suíomh na scoile. Cuireadh iad seo ar fáil in ionad na dtreoirlínte a bhí ar fáil cheana do scoileanna. Tá freagracht ar an Roinn freisin cigireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na nósanna imeachta seo i scoileanna. Leanann an Chigireacht ar an monatóireacht ar chomhlíontas gnéithe de na nósannna imeachta nua um chosaint leanaí mar chuid de phróiseas na meastóireachta scoile uile agus, ó Eanáir 2012, tá bailiú sonraí níos córasaí curtha i bhfeidhm ina leith seo.

Mar chuid den mheastóireacht scoile uile, fiosraíonn cigirí maidir le comhlíontas ginearálta na scoile le riachtanais na *Nósanna Imeachta do Chosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna (2011)*. Ní scrúdaíonn cigirí comhaid ar chásanna aonair daltaí. Le linn na cigireachta, iarrtar ar bhainistíocht na scoile Foirm don Fhéin-Tuairisciú Scoile ar Chosaint Leanaí a chomhlánú. Leagan amach simplí aon leathanaigh é seo a éilíonn ón gcathaoirleach agus ón bpríomhoide "sea" nó "ní hea" a fhreagairt le naoi gceist bainteach le príomhriachtanais *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna*. Iarrtar freisin an dáta/na dátaí inar ghlac an bord leis an bpolasaí agus leis na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí* a thabhairt ar an bhfoirm agus ainmneacha an Teagmhálaí Ainmnithe agus an Leastheagmhálaí Ainmnithe a thabhairt. Iarrtar freisin ar an scoil an dáta deiridh ar a ndearnadh athbhreithniú ar pholasaí um chosaint leanaí na scoile a chur in iúl. Le linn tréimhse inscoile na meastóireachta, bíonn eolas deimhnithe breise á lorg ag cigirí faoi chomhlíontas na scoile leis na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna.*

Tugann an Tábla a leanann achoimre ar leibhéal an chomhlíonta le riachtanais Chiorclán 0065/2011 agus leis na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna (2011)* mar a ba léir sa bhliain féilire 2012.

Number of schools evaluated and levels of compliance noted, as of 30 June 2013

Cineál Meastóireachta		Líon na meastóireachtaí a rinneadh	An Próiseas Críochnaithe	Lán-chomhlíontach ag am chuairt na cigireachta	Gan a bheith lán-chomhlíontach	Gan a bheith lán-chomhlíontach ag am na cigireachta ach réitithe ina dhiaidh sin	Gan a bheith lán-chomhlíontach ag am na cigireachta ná i bpróiseas cigireachta a lean ina dhiaidh sin	Gan a bheith lán-chomhlíontach ag am na cigireachta agus tarchurtha chuig Rannán Scoileanna ROS
Bunleibhéal	MSU	241	241	235	6	3	3	0
	MSU-BCF	21	21	20	1	1	0	0
	Scoileanna ag AAT, ASC agus Ionaid Choinneála do Leanaí	10	10	8	2	0	1	1
	Scoileanna Speisialta	13	13	13	0	0	1	1
Iar-Bhunleibhéal	MSU	4	4	3	1	0	0	1
	MSU-BCF	80	78	71	7	4	3	0
	Meastóireacht ar Lárionaid Oideachais (Ógtheagmháil)	9	9	8	1	1	0	0

Appendix 3:
Inspectorate Publications 2010-2012

Title	Date of publication
Incidental Inspection Findings 2010: A Report on the Teaching and Learning of English and Mathematics in Primary Schools	2010
Torthaí na Cigireachta Teagmhasaí 2010: Tuairisc ar Theagasc agus ar Fhoghlaim an Bhéarla agus na Matamaitice i mBunscoileanna	
An Evaluation of Youthreach	2010
A Guide to Whole-School Evaluation in Primary Schools	2010
Treoir do Mheastóireacht Scoile Uile i mBunscoileanna	2010
A Guide to Incidental Inspection in Second-Level Schools and Centres for Education	2011
Treoir don Chigireacht Theagmhasach i Scoileanna Dara Leibhéal agus Ionaid Oideachais	2011
An Evaluation of Planning Processes in DEIS Post-Primary Schools	2011
Meastóireacht ar Phróisis Phleanála in Iar-bhunscoileanna DEIS	2011
An Evaluation of Planning Processes in DEIS Primary Schools	2011
Meastóireacht ar Phróisis Phleanála I mbunscoileanna DEIS	2011
A Guide to Whole-School Evaluation – Management, Leadership and Learning – in Post-Primary Schools	2011
Treoir do Mheastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim I Scoileanna Iar-bhunoideachais	2011
Information Note for Boards of Management on Whole-School Evaluation – Management, Leadership and Learning (WSE-MLL) in Post-Primary Schools	2011
Eolas do Bhoird Bhainistíochta ar Mheastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim I Scoileanna Iar-bhunoideachais	2011
Information Note for Parents and Parent Associations on Whole-School Evaluation – Management, Leadership and Learning (WSE-MLL) in Post-Primary Schools	2011
Eolas do Thuismitheoirí agus do Chumainn na dTuismitheoirí ar Mheastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim I Scoileanna Iar-bhunoideachais	2011
Information Note for Students and Student Councils on Whole-School Evaluation – Management, Leadership and Learning (WSE-MLL) in Post-Primary Schools	2011
Eolas do Mhic Léinn agus do Chomhairlí Mac Léinn ar Mheastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim I Scoileanna Iar-bhunoideachais	2011
Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte sa Bhunscoil (English version published 2009)	2012
School Self-Evaluation: Draft Guidelines for Primary Schools	2012
Féinmheastóireacht Scoile: Dréacht-Treoirlínte do Bhunscoileanna	2012
School Self-Evaluation: Draft Guidelines for Post-Primary Schools	2012

Title	Date of publication
Féinmheastóireacht Scoile: Dréacht-Treoirlínte d'Iar-bhunscoileanna	2012
School Size and the Quality of Teaching and Learning	2012
School Self-Evaluation: An Update for Primary Schools	2012
Féinmheastóireacht Scoile: Nuashonrú do Bhunscoileanna	2012
School Self-Evaluation: An Update for Post-Primary Schools	2012
Féinmheastóireacht Scoile: Nuashonrú d'Iar-Bhunscoileanna	2012
A Guide to Incidental Inspection in Second-Level Schools and Centres of Education	2012
Treoir don Chigireacht Theagmhasach i Scoileanna Dara Leibhéal agus Ionaid Oideachais	2012
Joint Evaluation Report: Dissolving Boundaries Programme 2010/2011	2012
An Introduction to School Self-Evaluation of Teaching and Learning in Primary Schools	2012
Réamhrá don Fhéinmheastóireacht Scoile ar Theagasc agus ar Fhoghlaim i mBunscoileanna	2012
An Introduction to School Self-Evaluation of Teaching and Learning in Post-Primary Schools	2012
Réamhrá don Fhéinmheastóireacht Scoile ar Theagasc agus ar Fhoghlaim in Iar-Bhunscoileanna	2012
Guidelines on School Self-Evaluation for Primary Schools	2012
Féinmheastóireacht Scoile: Treoirlínte do Bhunscoileanna	2012
Guidelines on School Self-Evaluation for Post-Primary Schools	2012
Féinmheastóireacht Scoile: Treoirlínte d'Iar-bhunscoileanna	2012
Science in the Primary School	2012
Eolaíocht sa Bhunscoil	2012
English as an Additional Language in Primary Schools	2012
Looking at English as an Additional Language: Teaching and Learning in Post-Primary Schools	2012
Looking at Biology	2012
Ag Féachaint ar Bhitheolaíocht	2012
The Quality Assurance of Irish Schools and the Role of Evaluation: Current and Future Trends	2012

Foilsithe ag An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2013

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

AN CHIGIREACHT

FEABHAS NA FOGHLAMA Á CHUR CHUN CINN